Uisce Éireann
Irish Water

Tuarascáil:
Bealtaine 2026

# Dréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

# Ár n-uisce a chosaint dár dtodhchaí

**Teagmháil sonraí**

**An Gréasán:**
www.water.ie

**Twitter:**
**@IWCare**

Uisce Éireann
Bosca Poist 860
Oifig Sheachadta Dheisceart na Cathrach
Cathair Chorcaí

**Faisnéis chuntais nó fiosrúcháin chuntais**

**9am–5.30pm, Dé Luain-Dé hAoine:**
**0818 778 778** nó **+353 1 707 2827**

**ITRS:**
1800 378 378 (do chustaiméirí breacbhodhar)

**Fiosrúcháin agus éigeandálaí soláthair uisce**

**24 uair sa lá, 7 lá na seachtaine**

**Guthán:**
**0818 778 778** nó **+353 1 707 2827**

**ITRS:**
**1800 378 378** (do chustaiméirí breacbhodhar)

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

| Dréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe | |
|---|---|
| **Ainm an Chliaint** | Uisce Éireann |
| **Uimhir Thionscadail** | 6046 / 331003360 - Dréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe (GWS) |
| **Teideal Tionscadail** | Dréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe (GWS) |
| **Teideal na Tuarascála** | Dréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe |

## Stair Leagain agus Stádas

| Leagan | Dáta | Stádas | Údar | Seiceálaí | Léirmheastóir |
|---|---|---|---|---|---|
| V0.0 | Feabhra 26 | Dréacht Inmheánach lena Athbhreithniú | Andrew Harte / Lesley Salt | Brendan Larkin | Simon Jones |
| V0.1 | Márta 26 | Dréacht le haghaidh Athbhreithniú Cliaint | Andrew Harte / Lesley Salt | Brendan Larkin | Simon Jones |
| V0.2 | Aib 26 | Dréacht le haghaidh Athbhreithniú Cliaint | Andrew Harte / Lesley Salt | Brendan Larkin | Simon Jones |
| V1 | Bealtaine 26 | Eisithe le haghaidh Comhairliúcháin Phoiblí | Andrew Harte / Lesley Salt | Brendan Larkin | Simon Jones |

## Log Saincheisteanna

| Leagan | Dáta | Saincheist Faofa | Eisithe go | Tráchtaireacht |
|---|---|---|---|---|
| V1 | Bealtaine 26 | Brendan Larkin | Uisce Éireann | Eisithe le haghaidh Comhairliúcháin Phoiblí |
| | | | | |
| | | | | |

D'ullmhaigh Ryan Hanley Stantec an tuarascáil seo thar ceann a chliaint ar a bhfuil an tuarascáil seo dírithe ('An Cliant') i ndáil leis an tionscadal a ndéantar cur síos air sa tuarascáil seo agus cuirtear treoracha agus riachtanais shonracha an Chliaint san áireamh inti. Ullmhaíodh an tuarascáil seo i gcomhréir leis an gceapachán seirbhísí gairmiúla faoinar cheap Cliant Ryan Hanley Stantec iad. Níl an tuarascáil seo beartaithe d'aon tríú páirtí (.i. páirtithe seachas an Cliant) agus níor cheart dóibh brath uirthi. Ní ghlacann Stantec aon dualgas ná freagracht (lena n-áirítear faillí) i leith aon pháirtí seachas an Cliant agus séanann sé gach dliteanas de chineál ar bith i leith aon pháirtí den sórt sin i dtaobh na tuarascála seo.

# CLÁR NA N-ÁBHAR


1. ACHOIMRE FHEIDHMEACH ....................4

2. RÉAMHRÁ ....................12

2.1 Fúinn féin agus Ár bhFís ....................12

2.1.1. Ár gCuspóir, ár bhFís agus ár Luachanna ....................12

2.1.2. Ár gcreat beartais agus rialála ....................12

2.2 Ár bPlean Fadtéarmach ....................12

2.3 An Gá atá le Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe ....................14

2.3.1. An réigiún ....................15

2.3.2. Dúshláin Amach Anseo ....................16

2.4 Aidhmeanna agus Cuspóirí na Straitéise ....................17

2.5 Treochlár ....................18

2.6 Struchtúr GWS ....................20

2.7 An méid nach bhfuil san áireamh sa Straitéis ....................20

3. DÚSHLÁIN STRAITÉISEACHA ....................22

3.1 Fás Inbhuanaithe ....................22

3.1.1. Pleananna Áitiúla ....................23

3.2 Athrú Aeráide ....................25

3.3 Reachtaíocht, Rialachán agus Beartas ....................26

3.3.1. UWWTD Athmhúnlaithe ....................29

3.4 Bithéagsúlacht ....................31

3.5 Cúrsaí Comhshaoil agus Éiceolaíocha ....................31

3.6 Dálaí Eacnamaíocha ....................32

4. STRAITÉIS CHOMHOIBRÍOCH LE RANNPHÁIRTÍOCHT POBAIL & PÁIRTITHE LEASMHARA ..34

4.1 Réamhrá ....................34

4.2 Léargais ó Chomhairliúchán Poiblí 1 ....................34

4.3 Comhairliúchán Poiblí 2 ....................36

5. ÁR GCUR CHUIGE I LEITH STRAITÉIS FUÍOLLUISCE NA GAILLIMHE ....................37

5.1 Ár gCur Chuige ....................37

5.2 Ailíniú na Straitéise leis an bPlean Limistéar Draenála ....................38

5.3 Modheolaíocht ....................38

5.4 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ....................40

6. MEASÚNÚ FEIDHMÍOCHTA REATHA ....................41

6.1 Táscairí Feidhmíochta ....................41

7. CUR CHUIGE I LEITH AN TSAMHALTAITHE .......... 44
7.1 Samhaltú líonra .......... 44
7.2 Samhaltú Cáilíochta Uisce .......... 45
8. RIACHTANAIS AMACH ANSEO A THÁSTÁIL .......... 47
8.1 Réamh-Mheastacháin Fáis .......... 47
8.1.1. Réamh-mheastacháin Ráta Fáis Bliantúlaithe .......... 47
8.1.2. Láithreáin Straitéiseacha na Gníomhaireachta Forbartha Tionscail .......... 48
8.1.3. Lamháil ar Fáil .......... 48
8.1.4. Torthaí an Mheastacháin Fáis .......... 48
8.1.5. Neamhchinnteacht .......... 51
8.2 Athrú Aeráide .......... 51
9. FEIDHMÍOCHT AN CHÓRAIS FUÍOLLUISCE ANOIS AGUS AMACH ANSEO .......... 54
9.1 Líonra – Forsceitheadh Uisce Stoirme (SWOnna) .......... 54
9.2 Líonra – Riosca Tuilte .......... 55
9.3 Ionad Cóireála Fuíolluisce - Feidhmíocht .......... 59
10. IDIRGHABHÁLACHA AGUS FORBAIRT ROGHANNA STRAITÉISEACHA .......... 63
10.1 Téarmeolaíocht a Úsáidtear sa Phróiseas MCDA seo .......... 64
10.2 Fadliosta Idirghabhálacha Gan Srian .......... 64
10.3 Idirghabhálacha Féideartha .......... 65
10.4 Roghanna Straitéiseacha .......... 66
10.4.1. WWTP Réigiún an Iarthair .......... 67
10.4.2. WWTP Réigiún an Tuaiscirt .......... 68
10.4.3. WWTP Réigiún an Oirthir .......... 68
10.5 Samhaltú Cáilíochta Uisce do Mheasúnú Roghanna .......... 73
10.6 Anailís Cinntí Ilchritéar (MCDA) .......... 73
10.6.1. Torthaí MCDA .......... 74
10.7 Roghanna Barrfheabhsaithe .......... 77
10.7.1. Roghanna Féideartha Oibríochtaí Ionaid Chóireála Fuíolluisce .......... 77
10.7.2. Roghanna malartacha – Sruthanna Éalaithe Muirí .......... 78
10.7.3. Roghanna Féideartha Líonra .......... 82
11. TORADH AN MHEASÚNAITHE ROGHANNA .......... 83
11.1 Breithniúcháin Inbhuanaitheachta .......... 84
11.2 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta .......... 86
11.2.1. SEA agus AA a chomhtháthú sa Dréacht-GWS .......... 86

11.2.2. Ról SEA i Roghnú Roghanna ..... 86

11.2.3. An caidreamh idir SEA agus MCDA ..... 86

11.2.4. Roghanna is Fearr agus Torthaí SEA ..... 87

11.2.5. Maolú, Monatóireacht agus Maoirseacht Rialála ..... 88

11.2.6. Srianta Scagtha agus Comhshaoil ..... 88

**12. CUR I BHFEIDHM NA STRAITÉISE ..... 89**

**12.1 Cur Chuige Molta ..... 89**

**12.2 Pleanáil Oiriúnaitheach ..... 89**

**13. MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT ..... 91**

**13.1 Conas a dhéanfar Monatóireacht ar an Straitéis? ..... 91**

**13.2 Dul Chun Cinn a Rianú ..... 93**

**13.3 Príomhrioscaí agus Straitéisí Maolaithe ..... 93**

**14. CONCLÚID ..... 96**

**14.1 Moltaí ..... 96**

**14.2 An Chéad Chéim Eile ..... 98**

# 1. Achoimre Fheidhmeach

## Forbhreathnú ar Uisce Éireann agus Ár bhFís

Tháinig Uisce Éireann, ar a dtugtaí *Irish Water* roimhe seo, i bhfeidhm mar sholáthraí seirbhísí uisce poiblí náisiúnta na hÉireann an 1 Eanáir 2014, i ndiaidh an Achta um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 1), 2013. Tá an eagraíocht freagrach as:

- Seirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí a chur ar fáil ar fud na tíre
- Acmhainní uisce na hÉireann a bhainistiú
- Soláthar uisce óil sábháilte agus cóireáil chuí fuíolluisce a chinntiú
- Tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch inbhuanaithe

Tá Uisce Éireann á rialáil ag an rialtóir eacnamaíoch, an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) agus ag an rialtóir comhshaoil, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA). Is é fís Uisce Éireann Éire inbhuanaithe a chruthú ina bhfuil meas ar uisce agus ina gcosnaítear é do gach foirm bheatha agus don phláinéad. Téimid i ngleic le tearcinfheistíocht stairiúil trí chláir infheistíochta caipitil agus cothabháil bonneagair. Leagtar amach cuspóirí agus straitéisí cur chun feidhme inár bPlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce 25 bliain, lena n-áirítear forbairt Chreat Straitéise Fuíolluisce.

## Limistéar staidéir Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

Cuimsítear Ceantar Cathrach na Gaillimhe (GMA), Baile Átha an Rí, agus Maigh Cuilinn i limistéar staidéir Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe (GWS). Áirítear cathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte, lena n-áirítear sé bhaile agus sráidbhaile, sa limistéar staidéir. Tá ceithre Ionad Cóireála Fuíolluisce (WWTP) sa limistéar staidéir, is iad sin Baile Átha an Rí, Maigh Cuilinn, Baile Chláir, agus Inis Caorach, an WWTP is mó sa réigiún. Áirítear le córas fuíolluisce Uisce Éireann sa réigiún líonraí bailithe fuíolluisce ina bhfuil níos mó ná 50 stáisiún caidéalaithe agus 29 draein uisce stoirme forsceite, agus tá an chuid is mó díobh suite i gCathair na Gaillimhe.



## Riachtanas Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

Tá fás daonra agus forbairt eacnamaíoch leanúnach ag tarlú i gCeantar Uirbeach na Gaillimhe, i Maigh Cuilinn agus i mBaile Átha an Rí. Cuireann an fás seo éilimh shuntasacha ar líonraí bailithe fuíolluisce agus ar ionaid chóireála, go háirithe i gCathair na Gaillimhe áit a bhfuil formhór na stáisiún caidéalaithe agus na ndraenacha uisce stoirme forsceite suite. Tá gá le straitéis fuíolluisce mar go bhfuil an córas fuíolluisce atá ann cheana féin agus atá ag dul in aois faoi bhrú méadaitheach ó fhás daonra agus tráchtála, ceanglais rialála, athrú aeráide, agus srianta comhshaoil. Tá gá le straitéis chun uasghráduithe agus bonneagar nua a phleanáil lena mbaineann teacht aniar, atá inoiriúnaithe agus in ann feidhmiú faoi dhálaí aeráide amach anseo.

## Cuspóir Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

Déanann an dréacht-GWS measúnú ar an mbonneagar cóireála agus an líonra fuíolluisce atá ann cheana féin i gCeantar Uirbeach na Gaillimhe, i mBaile Átha an Rí, agus i Maigh Cuilinn chun a chinneadh cén infheistíocht a bheidh ag teastáil amach anseo sa mheántéarma agus san fhadtéarma, chun tacú le fás inbhuanaithe, teacht aniar aeráide agus cosaint an chomhshaoil agus chun straitéisí agus réitigh dhraenála inbhuanaithe a aithint don Limistéar Staidéir.

Leagtar amach sa dréacht-GWS plean fadtéarmach maidir leis an gcaoi ar chóir bonneagar cóireála fuíolluisce agus séarachais a fhorbairt ar fud an limistéir staidéir. Déantar measúnú ann ar fheidhmíocht an bhonneagair atá ann cheana féin agus sainaithnítear ann an infheistíocht is gá sa mheántéarma agus san fhadtéarma chun tacú le fás pleanáilte, an comhshaol a chosaint agus comhlíonadh na gceanglas rialála a chinntiú. Tá bonneagar fuíolluisce leordhóthanach riachtanach chun tacú le soláthar tithíochta, forbairt eacnamaíoch agus pobail inbhuanaithe i nGaillimh.

Sa dréacht-GWS, aithnítear réitigh roghnaithe chun acmhainn chóireála agus feidhmíocht an líonra a fheabhsú, agus tugtar tús áite d’infheistíochtaí thar thrí thréimhse phleanála: gearrthéarmach (2040), meántéarmach (2055), agus fadtéarmach (2080) chun a chinntiú go bhfuil teacht aniar i seirbhísí fuíolluisce do Ghaillimh, go bhfuil siad inoiriúnaithe agus oiriúnach don chuspóir san fhadtéarma.

Tugadh aird freisin ar riachtanais agus rioscaí a thiocfadh chun cinn roimh 2040. Áirítear ar phríomhchuspóir na straitéise roghanna inbhuanaithe a aithint chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais fuíolluisce atá ailínithe le reachtaíocht Eorpach agus Náisiúnta, tacú le fás eacnamaíoch agus daonra, cosaint an chomhshaoil a fheabhsú, agus teacht aniar an bhonneagair i leith an athraithe aeráide a fheabhsú.

Glacann an dréacht-GWS cur chuige straitéiseach a chuimsíonn riachtanais na bpáirtithe leasmhara, a thacaíonn le fás eacnamaíoch, a dhíríonn ar dhúshláin an athraithe aeráide, a chomhlíonann éilimh an daonra atá ag fás, agus a chinntíonn inbhuanaitheacht fhadtéarmach. I measc na bpríomhbhreithnithe tá acmhainn an bonneagair, leathnú, cuíchóiriú ionad cóireála agus feabhsuithe líonra chun caighdeáin a chomhlíonadh.

Tá sé mar aidhm ag an dréacht-GWS sláinte an phobail a chosaint, an comhshaol a chosaint, agus fás daonra agus eacnamaíoch a éascú. Tugann sé tuiscint ar riachtanais infheistíochta, moltar acmhainn chóireála fheabhsaithe, agus neartaítear teacht aniar an bhonneagair i leith an athraithe aeráide, rud a thacaíonn le cuspóirí forbartha fadtéarmaí agus comhshaoil an réigiúin sa deireadh.

Plean réamhbhreathnaitheach atá sa GWS atá deartha chun inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht fhadtéarmach bhainistiú fuíolluisce sa réigiún a chinntiú agus níl sé beartaithe feidhmiú mar uirlis seachadta atá oibríochtúil nó a bhaineann go sonrach le tionscadal, ach ina ionad sin bunaíonn sé creat straitéiseach chun treoir a thabhairt d’fhorbairt fhadtéarmach bhonneagar iompair agus cóireála fuíolluisce ar fud an limistéir staidéir. Déantar dearadh innealtóireachta mionsonraithe nó ar leibhéal coincheapa, pleanáil reachtúil, agus breithmheas eacnamaíochta cuimsitheach a chur siar d'aon ghnó go céimeanna cur chun feidhme amach anseo, lena n-áirítear céim an Réamhcháis Gnó (PBC), i gcomhréir leis na Treoirlínte Bonneagair.

## Ár gComhthéacs Dlíthiúil

Déanann Uisce Éireann pleanáil, forbairt agus oibriú ar ár bhfeidhmeanna seirbhíse uisce i gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta náisiúnta agus Eorpaí ábhartha atá i bhfeidhm. I measc cuid den reachtaíocht is ábhartha i gcomhthéacs na n-oibríochtaí atá cumhdaithe ag an bplean seo tá an tAcht um Sheirbhísí Uisce (agus leasuithe air), an Treoir Réime maidir le hUisce (WFD), an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWTD) agus an Treoir athmhúnlaithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (rUWWTD), Treoir an AE um Uisce Snámha, agus na Rialacháin um Scaoileadh Fuíolluisce (Údarú), 2007 (arna leasú), Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Chuspóirí Comhshaoil (Uisce Dromchla) 2009, an Plean Bainistithe Abhantraí, agus Treoir an AE maidir le Gnáthóga.

## Measúnuithe Comhshaoil

Rinne UÉ measúnuithe mionsonraithe comhshaoil lena chinntiú go gcosnaítear an comhshaol nádúrtha leis an Straitéis agus go dtacaítear le fás inbhuanaithe ar fud an limistéir staidéir ag an am céanna.

D'fhorbair UÉ an dréacht-GWS seo agus ceanglais na Rialachán um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le hÉin agus Gnáthóga Nádúrtha á gcur i bhfeidhm. Bhain sé seo le measúnachtaí comhshaoil ábhartha a dhéanamh ag gach céim den phróiseas, lena n-áirítear ullmhú Tuarascáil Chomhshaoil SEA. Déanann an tuarascáil seo doiciméadú ar an measúnacht timpeallachta ar an dréacht-GWS ina scrúdaítear an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an Straitéis ar an timpeallacht, lena n-áirítear cáilíocht uisce, bithéagsúlacht, teacht aniar i leith an athraithe aeráide, áineas agus sláinte an duine. Chuidigh an mheasúnacht seo chun rioscaí comhshaoil féideartha a aithint go luath agus cinntíonn sí go ndéantar breithnithe comhshaoil a chomhtháthú sa chinnteoireacht ar fud na Straitéise.

Chinn an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta um iarmhairtí carnacha, le bearta maolaithe agus monatóireachta (a leagtar amach i dTuarascáil Chomhshaoil an SEA), nach dócha go mbeidh éifeachtaí comhcheangailte díobhálacha ann le linn thógáil an GWS. Fuarthas amach sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta um iarmhairtí carnacha freisin go mbeidh éifeachtaí dearfacha comhshaoil ag go leor éifeachtaí comhcheangailte a bhaineann le céim oibríochtúil an GWS.

Rinneadh measúnú sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) ar cibé an bhféadfadh tionchair fhéideartha a bheith ag an dréacht-Straitéis ar láithreáin Natura 2000, atá ainmnithe chun gnáthóga agus speicis thábhachtacha a chosaint faoi reachtaíocht Eorpach. I gcás inar aithníodh aon rioscaí féideartha, cuimsíodh bearta sa Straitéis chun na tionchair sin a sheachaint nó a laghdú, agus timpeallachtaí íogaire cósta agus intíre na Gaillimhe á gcosaint. Thángthas ar an gconclúid sa NIS

nach bhfuiltear ag súil le drochthionchar ar shláine Láithreáin Eorpacha ag leibhéal an Phlean, ina aonar ná i gcomhar le Pleananna nó Tionscadail eile, ach na bearta seachanta agus maolaithe atá mionsonraithe san NIS a ionchorprú.

Cuirtear bearta maolaithe agus feabhsúcháin a shainaithnítear trí na measúnachtaí timpeallachta san áireamh i gcur chuige cur chun feidhme GWS (Féach an chuid maidir le hAnailís Cinntí Ilchritéar (MCDA) in Aguisín 5). Tá an plean monatóireachta atá beartaithe sa Tuarascáil Chomhshaoil SEA mar chuid den phróiseas foriomlán monatóireachta, aiseolais agus athbhreithnithe a chuirtear i bhfeidhm chun bainistíocht oiriúnaitheach a threorú, an gá le hathruithe a aithint agus eolas a thabhairt do leaganacha eile den straitéis amach anseo.

Ach measúnú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann ag an gcéim seo, cuireann Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe creat láidir ar fáil chun tacú le fás amach anseo agus cáilíocht an uisce, an bhithéagsúlacht agus timpeallacht nádúrtha cheantar na Gaillimhe á gcosaint ag an am céanna.

## Buntáistí na Straitéise

Cuirtear creat soiléir, fadtéarmach ar fáil leis an dréacht-GWS chun a chinntiú gur féidir le bonneagar fuíolluisce ar fud an limistéir staidéir tacú go hinbhuanaithe le fás daonra, cosaint an chomhshaoil agus forbairt eacnamaíoch. Ach measúnú a dhéanamh ar an gcóireáil reatha fuíolluisce agus ar chumas líonra agus trí riachtanais infheistíochta amach anseo a aithint, cuirtear na príomhbhuntáistí seo a leanas ar fáil leis an straitéis:

- **Comhlíonadh Rialála**

  Cinntítear leis an straitéis go bhfuil seirbhísí fuíolluisce ailínithe go hiomlán le reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta, rud a thugann muinín do rialtóirí, do pháirtithe leasmhara agus do phobail go gcomhlíonann bonneagar fuíolluisce na Gaillimhe ceanglais reachtúla.

- **Cumas chun tacú le fás amach anseo**

  Sainaithnítear leis an straitéis an cumas draenála agus cóireála fuíolluisce atá riachtanach chun freastal ar fhás pleanáilte agus réamh-mheasta i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, i gcomhréir le Pleananna Forbartha, leis an gCreat Pleanála Náisiúnta, leis an Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach, agus leis an acmhainneacht forbartha fhadtéarmach suas go dtí 2080.

- **Cosaint agus feabhsú an chomhshaoil**

  Tacaíonn an straitéis le bainistíocht éifeachtach fuíolluisce chun uiscí glactha agus timpeallachtaí íogaire a chosaint, agus í ag ailíniú le Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce UÉ agus Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce Rialtas na hÉireann.

- **Teacht aniar agus inoiriúnaitheacht aeráide**

  Comhtháthaíonn sé breithnithe maidir le hathrú aeráide i bpleanáil fuíolluisce, ag cinntiú go bhfuil réitigh bhonneagair athléimneach i leith tionchair aeráide amach anseo agus in ann oiriúnú do dhálaí comhshaoil atá ag athrú.

- **Straitéis fhadtéarmach atá idir láidir agus solúbtha**

Forbraítear leis an straitéis cur chuige inoiriúnaithe ar féidir leis freagairt do raon cásanna daonra, aeráide agus forbartha amach anseo, ag cinntiú go bhfanfaidh an straitéis éifeachtach agus ábhartha le himeacht ama.

- **Réitigh is fearr luach, bunaithe ar fhianaise**

  Déantar measúnú sa straitéis ar réitigh mhalartacha fuíolluisce agus aithnítear inti na roghanna is fearr bunaithe ar chostas saolré, feidhmíocht comhshaoil agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

- **Clár infheistíochta soiléir agus indéanta**

  Aistríonn an straitéis moltaí straitéiseacha ina gclár seachadta céimnithe, tosaíochta de thionscadail atá sainithe go soiléir, ag soláthar torthaí intomhaiste agus treochlár praiticiúil lena gcur i bhfeidhm.

Féachann an dréacht-GWS le córas bainistithe fuíolluisce a chruthú atá inoiriúnaithe agus comhlíontach, córas a bhfuil teacht aniar ann. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige seo inbhuanaitheacht agus éifeachtacht fhadtéarmach na seirbhísí fuíolluisce sa limistéar staidéir a chinntiú, sláinte an phobail a chosaint agus an comhshaol a chosaint fad is a thacaítear le fás eacnamaíoch agus daonra do na glúnta atá le teacht.

## Modheolaíocht

Baineann Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe feidhm as modheolaíocht struchtúrtha atá ailínithe le creatlacha bainistithe fuíolluisce atá ann cheana féin. Áirítear ar phríomhchodanna na modheolaíochta:

- Meastóireacht a dhéanamh ar bhonneagar atá ann cheana féin chun feidhmíocht reatha agus rioscaí ábhartha a aithint ach úsáid a bhaint as méadracht feidhmíochta agus bandaí riosca comhsheasmhacha.
- Fás agus a thionchar ar chórais fuíolluisce a réamh-mheas ag baint úsáid as samhlacha líonra agus cáilíochta uisce ag tréimhsí ar leith chun riachtanais a chinneadh (2040, 2055, 2080)
- Bunchúiseanna rioscaí a aithint (le saineolaithe ábhair inmheánacha) chun riachtanais a shainiú roimh an measúnú roghanna
- Roghanna straitéiseacha a fhorbairt agus a mheas trí mheasúnú roghanna, MCDA, agus gearrliostú roghanna indéanta, agus measúnacht timpeallachta (SEA/AA) curtha i bhfeidhm.

Leagtar leis an modheolaíocht béim freisin ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, a chuirtear ar fáil trí chomhairliúchán poiblí reachtúil, agus beidh an dara comhairliúchán poiblí ar siúl i mí na Bealtaine, i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2026 ionas gur féidir leis an bpobal athbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht-GWS agus ar na tuarascálacha comhshaoil agus éiceolaíocha gaolmhara agus trácht a dhéanamh orthu. Foilseofar an GWS deiridh i bhFómhar na bliana 2026 agus cuirfidh sé treochlár inbhuanaithe ar fáil do bhainistiú fuíolluisce sa Limistéar Staidéir go dtí 2080.

## Moltaí

Bunaithe ar an measúnú a rinneadh mar chuid den dréacht-GWS, moltar:

- dul chun cinn **ar Ionad Cóireála Fuíolluisce (WWTP**) **Réigiúnach nua do Ghaillimh Thoir** agus sruth éalaithe sceite mara chun freastal ar riachtanais chóireála fuíolluisce fadtéarmacha an limistéir staidéir agus chun acmhainn, athléimneacht agus cosaint chomhshaoil leordhóthanach a sholáthar go dtí 2080.
- **Feabhsuithe ar acmhainn chóireála ag Ionaid Cóireála Fuíolluisce Inis Caorach agus Bhaile Átha an Rí** sa ghearrthéarma chun freastal ar éilimh an daonra. Tá sé beartaithe oibreacha a dhéanamh ar na gléasraí seo laistigh de thimthriall infheistíochta 2040.
- Nuair a dhéanfar an t-ionad Réigiúnach nua i nGaillimh Thoir a choimisiúnú, agus nuair a thógfar bonneagar líonra fuíolluisce nua, **aistreofar ualaí de réir a chéile ó Inis Caorach agus ó Bhaile Átha an Rí** chun brúnna ualaigh ar na hionaid atá ann cheana a laghdú agus an riosca rialála fadtéarmach a bhainistiú. Leanfaidh ionad Inis Caorach ar aghaidh de bheith ag feidhmiú ar acmhainn laghdaithe agus déanfar stáisiún caidéalaithe d'ionad Bhaile Átha an Rí chun ualach a aistriú chuig an ngléasra Réigiúnach nua i nGaillimh Thoir.
- **Coinneofar cóireáil dhíláraithe ag Ionaid Cóireála Fuíolluisce Mhaigh Cuilinn agus Bhaile Cláir** agus beidh aon uasghráduithe amach anseo bunaithe ar réamh-mheastacháin i dtaobh fás daonra agus eacnamaíoch.

# Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

## Uasghrádú Bonneagair

Áirítear sa LIMISTÉAR STAIDÉIR Ceantar Cathrach na Gaillimhe, Maigh Cuilinn agus Baile Chláir i GCONTAE NA GAILLIMHE

### Dúshláin bhonneagair fuíolluisce

ACMHAINNEACHT CHÓIREÁLA in dhá cheann de na ceithre ionad cóireála a mheastar nach ngabhfar thar 2040

ÉILEOIDH FORBAIRT EACNAMAÍOCH méadú 139% ar acmhainn cóireála fuíolluisce

Cosaint an CHOMHSHAOIL

FRITHSHEASMHACHT in aghaidh an athraithe aeráide

Bonneagar atá AG DUL IN AOIS

### Reatha

Freastalaíonn ionad INIS CAORACH (CATHAIR NA GAILLIMHE) ar Cheantar Cathrach na Gaillimhe

Ionad BHAILE ÁTHA AN RÍ

Ionad MHAIGH CUILINN

Ionad BHAILE CHLÁIR

FUÍOLLUISCE A BHAILÍTEAR FAOI LÁTHAIR – coibhéis daonra 160,300

### Moltaí Straitéise

FEABHSUITHE ar an gcumas cóireála ag ionad Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe)

Cumas cóireála A LAGHDÚ agus cáilíocht eisiltigh A FHEABHSÚ in Ionad Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe)

1 Ionad Cóireála Fuíolluisce réigiúnach nua in Oirthear na Gaillimhe

1 sruth éalaithe muirí nua

FEABHSUITHE ar an gcumas cóireála ag ionad Bhaile Átha an Rí

AISTRIÚ ualaigh de réir a chéile ó Chathair na Gaillimhe Thoir agus ó Bhaile Átha an Rí chuig an ionad nua

Ionad Bhaile Átha an Rí a DHÍCHOIMISIÚNÚ

Acmhainn cóireála fuíolluisce A CHOINNEÁIL ag ionaid Mhaigh Cuilinn agus Bhaile Chláir

1 stáisiún caidéalúcháin nua i mBaile Átha an Rí

UASGHRÁDUITHE AMACH ANSEO ar ionaid Mhaigh Cuilinn agus Bhaile Chláir

FUÍOLLUISCE A BAILÍODH 2080 – 383,300 coibhéis daonra

### Buntáistí

Cumas CÓIREÁLA AGUS ÉIFEACHTÚLACHT mhéadaithe

Tacú le fás AN DAONRA AGUS LE FORBAIRT EACNAMAÍOCH amach anseo

Pleanáil tionscadail RÉAMHGHNÍOMHACH

An tsláinte phoiblí A CHOSAINT

Cáilíocht FHEABHSAITHE uisce

## Conclúidí

Déanfaidh forbairt WWTP Réigiúnach Oirthear na Gaillimhe na nithe seo a leanas:

- Atreorú an ualaigh fuíolluisce ó chuid thoir Chathair na Gaillimhe ar shiúl ó Ionad Cóireála Fuíolluisce Inis Caorach atá ann cheana féin a chumasú, rud a laghdóidh an brú ar an mbonneagar atá ann cheana féin, a fheabhsóidh teacht aniar an chórais, agus a thacóidh le fás amach anseo ar bhealach inbhuanaithe.
- Éascú a dhéanamh ar dhíchoimisiúnú Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Átha an Rí atá ann cheana féin, agus sreabhadh fuíolluisce ó Bhaile Átha an Rí le caidéalú chuig an WWTP Réigiúnach nua i nGaillimh Thoir, rud a chuirfidh réiteach fuíolluisce réigiúnach níos inbhuanaithe, níos éifeachtaí ar fáil, réiteach a bhfuil teacht aniar ann.

Chun tacú le seachadadh an WWTP Réigiúnach atá molta do Ghaillimh Thoir, sainaithníodh dhá rogha do shruth éalaithe sceite le tuilleadh measúnaithe agus machnaimh a dhéanamh orthu.

- **Rogha 1:** Sruth éalaithe sceite atá suite in oirthear Chuan na Gaillimhe, thart ar 3.5 ciliméadar ón gcladach.
- **Rogha 2:** Sruth éalaithe sceite atá suite in iarthar Chuan na Gaillimhe, thart ar 1 chiliméadar ón gcladach.

Ach na roghanna seo a chur chun cinn go dtí an chéad chéim eile, beifear in ann measúnú níos mionsonraithe a dhéanamh, lena n-áirítear breithnithe comhshaoil, teicniúla agus inseachadta, chun eolas a dhéanamh do shainaithint an réitigh is fearr.

Is ionann na roghanna seo agus **na réitigh straitéiseacha is inmharthana agus is láidre** a sainaithníodh trí phróiseas measúnaithe agus measúnaithe roghanna na Straitéise. Is féidir leis an dá rogha i gcomhair sruth éalaithe cuspóirí na Straitéise a chomhlíonadh, comhlíonadh rialála fadtéarmach a bhaint amach, an timpeallacht ghlactha a chosaint, agus seirbhís fuíolluisce ina bhfuil teacht aniar a sholáthar thar an tréimhse phleanála 54 bliain.

# 2. Réamhrá

## 2.1 Fúinn féin agus Ár bhFís

### 2.1.1. Ár gCuspóir, ár bhFís agus ár Luachanna

Ar an 1 Eanáir 2014, tríd an Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 1), 2013, ghlac Uisce Éireann (UÉ) (ar a dtugtaí *Irish Water* ag an am) freagracht reachtúil as seirbhísí uisce poiblí a sholáthar agus as infheistíocht in uisce agus fuíolluisce a bhainistiú. Is é ról UÉ, mar sholáthraí seirbhísí uisce poiblí náisiúnta na hÉireann, seirbhísí uisce poiblí agus fuíolluisce a sholáthar ar fud na tíre. Is muidne atá freagrach as acmhainní uisce luachmhara na hÉireann a bhainistiú agus, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe Údaráis Áitiúil, iad a chosaint do na glúnta atá le teacht. Is orainne atá an fhreagracht a chinntiú go bhfaigheann ár gcustaiméirí uile soláthar sábháilte agus slán uisce óil agus go ndéantar a gcuid fuíolluisce a bhailiú, a chóireáil go cuí agus a chur ar ais sa chomhshaol. Soláthraíonn UÉ 1.7 billiún lítear d'uisce óil dár gcustaiméirí gach lá agus bailíonn agus déanann sé níos mó ná 1.2 billiún lítear d'fhuíolluisce a chóireáil sula gcuirimid ar ais sa chomhshaol é go sábháilte. Tacaímid le fás sóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann ar bhealach inbhuanaithe ach infheistíocht chuí a dhéanamh i seirbhísí uisce agus déanaimid ár ndícheall an comhshaol a chosaint inár ngníomhaíochtaí uile. An fhís atá againne ná Éire inbhuanaithe a chruthú ina bhfuil meas ar uisce agus ina gcosnaítear é don phláinéad agus do gach foirm bheatha a bhfuil sé ag tacú léi.

### 2.1.2. Ár gcreat beartais agus rialála

Tá UÉ rialaithe ag na nithe seo a leanas:

- Tá sé de chúram ar an rialtóir eacnamaíoch, an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU), leasanna an chustaiméara a chosaint. Ceadaíonn an CRU maoiniú cuí freisin chun go mbeidh UÉ in ann na seirbhísí riachtanacha a sholáthar de réir caighdeáin shonraithe ar bhealach éifeachtach.
- Leagann an rialtóir comhshaoil, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), síos caighdeáin agus forfheidhmíonn sé comhlíonadh reachtaíochta Eorpaí agus Náisiúnta maidir le soláthar uisce óil. Tá freagracht ar an EPA freisin as ceadúnú agus maoirseacht comhlíontachta ar sceitheadh fuíolluisce. Bíonn an EPA i dteagmháil leis an bhFeidhmeannacht Seirbhísí Sláinte maidir le cúrsaí sláinte poiblí.

## 2.2 Ár bPlean Fadtéarmach

Tá roinnt dúshlán roimh an tionscal uisce go dtí 2080, lena n-áirítear brúnna a bhaineann le hathrú aeráide, fás daonra, cailliúint na bithéagsúlachta, bonneagar atá ag dul in aois, athruithe ar reachtaíocht agus ar bheartas, agus dálaí eacnamaíocha. Chun roghanna oiriúnacha a aimsiú a thairgeann an luach is fearr do chustaiméirí agus don chomhshaol, ní mór dúinn athrú mór a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanaimid pleanáil fhadtéarmach.

I mí Iúil 2025 d'fhoilsíomar ár bPlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce 2050[1], arb é ár bplean straitéiseach fadtéarmach é. Leagtar amach ann ár bhfís fhadtéarmach, ár gcuspóirí, agus an chaoi a bhfuil sé mar aidhm againn iad a bhaint amach i gcomhthéacs na ndúshlán suntasach a bheidh romhainn thar na 25 bliain atá romhainn (féach Fíor 21). An fhís atá againn ná: "Éire inbhuanaithe a chruthú ina bhfuil meas ar uisce agus ina gcosnaítear é don phláinéad agus do gach foirm bheatha a bhfuil sé ag tacú léi." Is é ár gcuspóir ná "aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le seirbhísí uisce claochlaitheacha a sheachadadh a ligeann do phobail bheith faoi bhláth".

Déantar na príomhdhúshláin agus na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (WSSP) a fhorleathadh chun eolas a dhéanamh do Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe (GWS). Tá fócas réigiúnach glactha againn, rud a leagann amach an treo d'infheistíocht agus do phleanáil amach anseo, agus anailís níos mionsonraithe á déanamh ar leibhéal ceirtleáin mar thaca leis sin. A bhuíochas leis an gcur chuige seo, bhíomar in ann straitéis a chruthú a sholáthraíonn seirbhísí fuíolluisce a bhfuil teacht aniar iontu san fhadtéarma, agus a chinntíonn fós go gcomhlíontar riachtanais agus ceanglais oibríochtúla sa ghearrthéarma.




**Fíor 21 Na hAidhmeanna agus na Cuspóirí Straitéiseacha atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce 2050**

Tá UÉ ag dul i ngleic de réir a chéile le hoidhreacht na tearcinfheistíochta trí chláir infheistíochta caipitil agus cothabháil an bhonneagair atá ann cheana féin. Leagtar amach i bPlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce 2050 (WSSP) (Leibhéal 1) cuspóirí fadtéarmacha UÉ agus conas a bhainfear iad seo amach thar an gcéad 25 bliain eile. Sainaithnítear sa WSSP riachtanas maidir le Creat Straitéise Fuíolluisce (Sraith 2) chun aghaidh a thabhairt ar phleanáil straitéiseach, fhadtéarmach seirbhísí fuíolluisce ar fud réigiún.

Tá Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe (GWS) mar chuid den chreat seo agus breithnítear inti an chaoi a dtabharfar aghaidh ar na dúshláin seo i limistéar staidéir Mhórcheantar na Gaillimhe, lena n-

[1] Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce 2050, Uisce Éireann, Iúil 2025.

áirítear Cathair na Gaillimhe agus na ceirtleáin máguaird. Léirítear i bhFíor 2-1 thíos ordlathas creata UÉ agus taispeántar an GWS ann suite laistigh de Shraith 2, faoi Phlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce Shraith 1 2050.




**Fíor 2-2: Creat Uisce Éireann agus an áit a bhfuil an GWS**

## 2.3 An Gá atá le Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

De réir mar a fhásann ár ndaonra agus ár ngeilleagar, fásann méid an fhuíolluisce freisin. Ní mór dúinn an fuíolluisce seo a bhailiú agus a chóireáil ionas gur féidir an t-uisce cóireáilte a chur ar ais go sábháilte sa timpeallacht. Is é cuspóir Straitéis Fuíolluisce measúnú a dhéanamh ar chóireáil agus bonneagar líonra fuíolluisce i limistéar geografach sainithe chun a aithint cén infheistíocht a bheidh ag teastáil amach anseo sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tá sé ríthábhachtach bonneagar fuíolluisce leordhóthanach a bheith ann chun soláthar tithíochta agus forbairt tráchtála a éascú agus chun tacú leis an bhfás inbhuanaithe, fad is a chosnaítear an comhshaol ag an am céanna.

Cinneadh na riachtanais straitéiseacha agus na spreagthaí do na sócmhainní seo sa cheantar seo chun bunchúis na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a aithint. Ach na riachtanais seo a bhreithniú thar thréimhsí éagsúla agus na neamhchinnteachtaí i réamhaisnéisí fadtéarmacha á gcur san áireamh, bhíomar in ann a aithint an áit a bhfuilimid cinnte a bheag nó a mhór go mbeidh riachtanais amach anseo. Chuir sé seo ar ár gcumas roghanna infheistíochta íseal-aiféala agus gan

aiféala a chur chun cinn agus d'úsáideamar bealach níos oiriúnaithí sna cásanna lenar bhain níos mó neamhchinnteachta. Baineadh úsáid as an gcur chuige seo chun forbairt an GWS a threorú.

### 2.3.1. An réigiún

Is lárionad fáis réigiúnaigh ríthábhachtach é mórcheantar na Gaillimhe, atá aitheanta laistigh den bheartas pleanála náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear an Creat Pleanála Náisiúnta (NPF) agus an Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES), mar áit atá taobh thiar d'fhorbairt inbhuanaithe eacnamaíochta, chomhshaoil agus shóisialta in iarthar na hÉireann. Ullmhaíodh Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe (GWS) chun creat comhtháite fadtéarmach a sholáthar do phleanáil bonneagair fuíolluisce ar fud an limistéir seo atá tábhachtach ó thaobh straitéise de.

Cuimsítear le limistéar staidéir an GWS Ceantar Uirbeach na Gaillimhe, lena n-áirítear Cathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte, mar aon le roinnt bailte agus sráidbhailte máguaird atá nasctha go feidhmiúil leis an gceantar cathrach agus a bhonneagar fuíolluisce. San iomlán, áirítear sa limistéar staidéir sé bhaile agus sráidbhaile agus ceithre ionad cóireála fuíolluisce, eadhon Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe), Baile Átha an Rí, Baile Chláir agus Maigh Cuilinn, ionaid a fhreastalaíonn ar an gcroílimistéar uirbeach agus a chúlchríoch.

Chun críche na straitéise seo, áirítear Cathair na Gaillimhe (ar a bhfreastalaíonn WWTP Inis Caorach), Baile Átha an Rí, Baile Chláir agus Maigh Cuilinn sa limistéar staidéir, rud a léiríonn teorainneacha seirbhíse atá ann cheana féin agus breithnithe fáis amach anseo (Féach **Error!**




**Reference source not found.**).

**Fíor 2-3: Léargas ar Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe (GWS)**

Mar a léirítear i bhFíor 2-3, síneann an líonra fuíolluisce laistigh de limistéar staidéir Mhórcheantar na Gaillimhe go dtí thart ar 392 km de bhonneagar fuíolluisce, agus tacaíonn níos mó ná 50 stáisiún caidéalaithe fuíolluisce agus 29 draein uisce stoirme forsceite leis an líonra.

I gcomhréir le cuspóirí fáis náisiúnta agus réigiúnacha, meastar go mbeidh fás leanúnach daonra agus eacnamaíoch i Mórcheantar na Gaillimhe sna blianta amach romhainn. Cuirfidh an fás seo brú méadaitheach ar an mbonneagar bailithe agus cóireála fuíolluisce atá ann cheana féin, atá bonneagar atá ar lánacmhainn nach mór i gcodanna den limistéar staidéir. Dá bhrí sin, féachtar le Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe roghanna inbhuanaithe, fadtéarmacha a aithint chun a chinntiú gur féidir le bonneagar fuíolluisce tacú le forbairt chónaithe, tráchtála agus thionsclaíoch amach anseo, agus comhlíonadh comhshaoil á choinneáil agus uiscí glactha íogaire á gcosaint ag an am céanna.

### 2.3.2. Dúshláin Amach Anseo

Leanfaidh **fás daonra**, in éineacht le leathnú eacnamaíoch, de bheith ag méadú an éilimh ar ár mbonneagar agus ár seirbhísí atá ann cheana féin i nGaillimh. Tá leathnú suntasach eacnamaíoch feicthe cheana féin i Mórcheantar na Gaillimhe, agus réamh-mheastacháin ag léiriú tuilleadh fáis daonra in éineacht le leathnú uirbeach pleanáilte, spriocanna seachadta tithíochta, agus fás eacnamaíoch níos leithne. Mar thoradh air sin, cuirfear éilimh bhreise ar an líonra agus ar na hoibreacha cóireála go dtí 2080.

Chomh maith leis na héilimh sin, táthar ag tuar go mbeidh samhraí níos tirime, geimhrí níos fliche agus báisteach níos déine in Éirinn mar thoradh ar athruithe ar phatrúin aimsire de bharr **an athraithe aeráide**[2]. Ciallaíonn sé seo go mbeidh ar ár líonraí fuíolluisce déileáil le tréimhsí báistí níos déine agus níos mó uisce dromchla a ritheann chun srutha. Beidh ar ár n-oibreacha cóireála fuíolluisce imchlúdach ualaigh a bhainistiú a bhfuil raon níos mó toirte agus tiúchana ann, chomh maith leis an riosca comhshaoil a bhaineann le sreafaí agus leibhéil abhann níos ísle de bharr samhraí níos tirime. Mar shuíomh cósta, ní mór dúinn measúnú a dhéanamh freisin ar an riosca a bhaineann le hardú leibhéal na farraige agus a chinntiú go bhfuil teacht aniar inár sócmhainní in aghaidh athruithe den sórt sin.

Tá an dréacht-GWS ailínithe le Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta UÉ ina leagtar amach ár dtiomantas bonneagar uisce agus fuíolluisce a sholáthar ar bhealach a gcosnaíonn éiceachórais agus, nuair is féidir, a bhfeabhsaíonn an bhithéagsúlacht. Déanaimid bainistíocht ar bhonneagar atá suite laistigh de raon gnáthóg, agus is minic a bhíonn idirghníomhaíocht dhíreach ag ár mbonneagar le gnáthóga fionnuisce, inbhearacha, mara agus talún. Is dócha go mbeidh caighdeáin chomhshaoil níos déine ann amach anseo, chun cosc a chur ar chaillteanas gnáthóige agus bithéagsúlachta tuilleadh. Tá roinnt dobharlaigh faoi chosaint i gceantar na Gaillimhe, lena n-áirítear Cuan na Gaillimhe a chuireann gnáthóga mara agus talún ar fáil do raon éagsúil speiceas.

Tá **meánaois na sócmhainní** atá á mbainistiú ag UÉ ag dul in aois, agus cé go ndéantar cothabháil rialta ar an mbonneagar, ní féidir na sócmhainní a dheisiú go deo. Cabhróidh cinnteoireacht atá

[2] An Aeráid Reatha agus Athruithe Aeráide Réamh-mheasta in Éirinn (achoimre ar Chaibidil 3), An Roinn Iompair, Meitheamh 2025

bunaithe ar luach ar fud shaolré na sócmhainní linn an idirghabháil is cost-éifeachtúla a aithint. Lorgóimid deiseanna nuair is féidir freisin chun réitigh dhúlrabhunaithe a úsáid in ionad roghanna traidisiúnta 'liatha', rud a d'fhéadfadh roghanna níos inbhuanaithe a thairiscint don tsochaí.

Spreagfaidh **beartas agus reachtaíocht Eorpach** ceanglais nua a mbeidh tionchar suntasach acu ar na seirbhísí a chuirfimid ar fáil sna blianta amach romhainn. Sampla de seo is ea an Treoir athmhúnlaithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (rUWWTD), atá ag spreagadh torthaí feabhsaithe comhshaoil trí chaighdeáin rialála agus chóireála níos déine. Beidh impleachtaí amach anseo ag na hathruithe seo do na WWTPanna sa limistéar staidéir, agus beidh orainn seirbhísí fuíolluisce a bhainistiú ag na suíomhanna seo chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais rialála.

Is féidir le **dálaí eacnamaíocha** náisiúnta agus domhanda araon tionchar a imirt ar sheachadadh seirbhísí fuíolluisce, m.sh., beidh tionchar ábhartha ag arduithe ar phraghsanna fuinnimh ar chostas seirbhísí (go háirithe i gcás ina bhfuiltear ag brath ar chaidéalú) agus ar ardú chostas na n-ábhar. Breithneofar na rioscaí seo i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na straitéise, ach freisin agus eolas á dhéanamh do roghanna ar fud na straitéise. Is féidir tionchar fadtéarmach a bheith ag costais oibriúcháin agus riachtanais roghanna éagsúla ar an réigiún, agus ba cheart iad seo a bhreithniú agus a chur in iúl go soiléir.

Chun freagairt do scála na ndúshlán amach anseo agus a chinntiú gur féidir linn leanúint de sheirbhísí fuíolluisce a bhfuil teacht aniar a sholáthar do réigiún na Gaillimhe go dtí 2080, ní mór dúinn an straitéis fhadtéarmach seo a fhorbairt a dhíríonn ar shaincheisteanna áitiúla agus ar féidir léi oiriúnú do na neamhchinnteachtaí a bheidh ann amach anseo. Leagtar amach sa cháipéis seo an chaoi ar bhreithnigh muid na príomhrioscaí agus na príomhdhúshláin don réigiún agus an chaoi ar fhorbraíomar roghanna láidre chun dul i ngleic leo. Bhreithníomar riachtanais fuíolluisce ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha chun straitéis a fhorbairt is féidir a oiriúnú le himeacht ama.

## 2.4 Aidhmeanna agus Cuspóirí na Straitéise

Tá ár dtosaíochtaí náisiúnta léirithe againn sa straitéis seo, lena chinntiú go dtacaímid le custaiméirí, le pobail agus leis an ngeilleagar i gcoitinne; go gcosnaímid agus go bhfeabhsóimid an timpeallacht nádúrtha; agus go gcuirfimid seirbhísí fuíolluisce ar fáil a bhfuil teacht aniar iontu, seirbhísí atá réidh don todhchaí. Bunaithe ar na ceanglais seo, tá na sé aidhm seo a leanas sainaitheanta againn don GWS, agus na cuspóirí chun na haidhmeanna sin a bhaint amach:

1. **Cloí leis an Reachtaíocht -** Straitéis inbhuanaithe fuíolluisce a fhorbairt do limistéar staidéir an GWS a chinntíonn go gcomhlíontar reachtaíocht Eorpach agus Náisiúnta.
2. **Freastal ar Éilimh Fáis –** Bealaí a aithint chun freastal ar éilimh fáis reatha agus amach anseo limistéar staidéir an GWS, agus Pleananna Forbartha, an Creat Náisiúnta Pleanála (NPF), an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES), agus an fhorbairt a bhfuiltear ag súil léi suas go dtí 2080 á gcur san áireamh.
3. **An comhshaol agus an tsláinte phoiblí a chosaint –** Straitéis a ghlacadh a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn an comhshaol agus an tsláinte phoiblí, i gcomhréir le Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (WSSP) UÉ agus Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce (WSPS) Rialtas na hÉireann.
4. **Oiriúnú don Athrú Aeráide –** A chinntiú go bhfuil teacht aniar sa straitéis i leith na n-éifeachtaí is dócha a bheidh ag an athrú aeráide.

~~5.~~ **Inoiriúnaithe -** Straitéis inoiriúnaithe a fhorbairt ar féidir léi freagairt do chásanna éagsúla amach anseo, ag cinntiú go mbeidh an straitéis éifeachtach san fhadtéarma.

~~6.~~ **Amlíne sheachadta a fhorbairt** – Amlíne seachadta tosaíochta a tháirgeadh a aistríonn moltaí an dréacht-GWS ina dtionscadail inghníomhaithe atá tráthúil go soiléir, tionscadail ag a bhfuil torthaí intomhaiste.

## 2.5 Treochlár

Déanann plé le húdaráis áitiúla, le saineolaithe comhshaoil, agus leis an bpobal i gcoitinne eolas d'fhorbairt na straitéise. Is é an toradh ná straitéis fhadtéarmach chun infheistíocht inbhuanaithe i bhfuíolluisce a threorú sa limistéar staidéir go dtí 2080. Tá achoimre ar an treochlár straitéise d'fhorbairt an GWS i bhFíor 2-4.




**Fíor 2-3: Treochlár an dréacht-GWS**

## 2.6 Struchtúr GWS

Feidhmíonn an tuarascáil seo mar dhréacht-dhoiciméad foriomlán an GWS agus tacaíonn sraith aguisíní léi ar féidir tagairt a dhéanamh dóibh le haghaidh tuilleadh sonraí (mar atá leagtha amach i **Error! Reference source not found.**). Deartar an struchtúr chun sreabhadh soiléir agus loighciúil eolais a sholáthar, rud a chinntíonn tuiscint chuimsitheach ar an GWS.




**Fíor 2-5: Doiciméadacht Dhréacht-Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe**

## 2.7 An méid nach bhfuil san áireamh sa Straitéis

Forbraíodh an dréacht-GWS mar phlean ardleibhéil fadtéarmach. Leagtar amach ann cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí amach anseo maidir le bonneagar fuíolluisce a mbeidh dearaí mionsonraithe, measúnuithe costais agus tuilleadh staidéir chomhshaoil ag teastáil le haghaidh tionscadal aonair. Cinnteoidh sé seo gur féidir dálaí áitiúla, ionchur an phobail agus riachtanais phleanála a chur san áireamh amach anseo.

Chun soiléireacht a chinntiú maidir le húsáid bheartaithe agus teorainneacha na straitéise, tá na réimsí seo a leanas eisiata go sainráite ó raon feidhme an GWS.

**Pleanáil Sócmhainní Ghearrthéarmach, Logánta:** Ní chlúdaítear leis an Straitéis gníomhaíochtaí laethúla bainistíochta sócmhainní, amhail sceidealú cothabhála, cigireachtaí rialta,

nó miondeisiúcháin bhonneagair. Ina leaba sin, tugtar aghaidh orthu seo trí chláir oibríochtúla agus chothabhála leanúnacha UÉ.

Ní chuirtear **teagmhais truaillithe** de bharr saincheisteanna oibríochtúla (m.sh., calcthaí, titim, cliseadh stáisiúin caidéalaithe) san áireamh mar chuid den mheasúnú.

**Dearadh Innealtóireachta Mionsonraithe nó ar Leibhéal Coincheapa:** Ní chuimsítear leis an Straitéis líníochtaí teicniúla, sonraíochtaí dearaidh, ná doiciméid atá réidh le haghaidh tógála i gcás sócmhainní aonair amhail píblínte, stáisiúin chaidéalaithe, nó ionaid chóireála. Tabharfar aghaidh ar na tascanna seo i gcéimeanna seachadta tionscadal amach anseo, amhail Réamhdhearadh agus Dearadh Mionsonraithe.

**Breithmheas Cuimsitheach Eacnamaíochta:** Cé go n-aithnítear réimse roghanna bainistíochta fuíolluisce sa Straitéis agus go ndéantar measúnú cáilíochtúil sa Straitéis ar na roghanna céanna, ní sholáthraítear léi anailísí mionsonraithe costais is tairbhe, costas saolré, ná forbairt iomlán cáis gnó do gach cás. Déanfar meastóireacht eacnamaíoch láidir, lena n-áirítear samhaltú airgeadais, anailís ar ghlanluach láithreach, agus straitéis mhaoinithe, le linn chéim an Réamhcháis Gnó agus na bpróiseas pleanála tionscadail ina dhiaidh sin.

Cuirtear gníomhaíochtaí pleanála níos mionsonraithe - amhail measúnuithe eacnamaíocha agus breithmheas innealtóireachta mionsonraithe - siar d'aon ghnó go céimeanna cur chun feidhme amach anseo, áit a dtabharfar aghaidh orthu ag leibhéal na sócmhainne nó na scéime. Fágann sé seo gur féidir cloí le ceanglais reachtúla pleanála agus go ndéantar sonraí áitiúla, ionchur ó pháirtithe leasmhara, agus measúnachtaí timpeallachta a chomhtháthú.

Tá an dréacht-GWS dírithe i gcónaí ar infheistíocht bhonneagair ar mhórscála a threorú, comhlíonadh comhshaoil a chinntiú, agus teacht aniar fadtéarmach a thógáil i leith an athraithe aeráide. Ní thagann an Straitéis in áit na bpróiseas oibríochtúil agus ní chuirtear dearaí ar fáil inti atá réidh lena dtógáil. Ina áit sin, cuirtear creat straitéiseach ar fáil leis an Straitéis atá ailínithe le beartais náisiúnta agus réigiúnacha, rud a sholáthraíonn an bunús do phleanáil atá idir eolach agus oiriúnaitheach agus seachadadh céimnithe sna blianta amach romhainn.

# 3. Dúshláin Straitéiseacha

Ní mór dúinn aird a thabhairt inár Straitéis ar na príomhbhrúnna a mbeidh tionchar acu ar an gcóras fuíolluisce agus ar shócmhainní fuíolluisce suas go dtí 2080. Leagtar amach thíos na dúshláin straitéiseacha a dtabharfar aghaidh orthu inar Straitéis:

- **Daonra agus geilleagar atá ag fás -** Tá an tríú daonra is mó fás san Eoraip ag Éirinn agus leanann ár ngeilleagar de bheith ag leathnú.
- **Athrú Aeráide -** Léiríonn réamh-mheastacháin athraithe aeráide go mbeidh samhraí níos tirime, geimhrí níos fliche agus báisteach níos déine in Éirinn.
- **Reachtaíocht, rialáil agus beartas -** Bíonn tionchar suntasach ag beartas agus reachtaíocht Eorpach ar an gcaoi a ndéanaimid ngnó, agus tá sé ag athrú i gcónaí.
- **Comhshaol agus bithéagsúlacht -** Seans nach leor scála agus luas ár bhfreagartha ar athruithe comhshaoil agus bithéagsúlachta chun cuspóirí comhshaoil fadtéarmacha AE agus náisiúnta a chomhlíonadh.
- **Dálaí eacnamaíocha -** Is féidir le tosca domhanda tionchar mór a imirt ar dhálaí eacnamaíocha, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar sheachadadh seirbhísí uisce.

## 3.1 Fás Inbhuanaithe

Chun tacú le forbairt eacnamaíoch leanúnach na Gaillimhe, tá sé ríthábhachtach go bhforbróidh bonneagar fuíolluisce i gcomhréir leis an bhfás daonra atá réamh-mheasta, le patrúin úsáide talún atá ag athrú, agus le méadú ar ghníomhaíocht tráchtála agus thionsclaíoch. De réir mar a leanann an réigiún ag fás, tá uasghráduithe tráthúla agus straitéiseacha ar an líonra fuíolluisce ríthábhachtach chun teorainneacha nó srianta ar fhorbairtí amach anseo a sheachaint. Gan dóthain acmhainne fuíolluisce, d'fhéadfadh sé a bheith deacair cuspóirí pleanála a bhaint amach; d'fhéadfadh sé sin baint d'iomaíochas agus de tharraingteacht an réigiúin maidir le hinfheistíocht isteach.

Ní hamháin gur príomh-mhol réigiúnach é Ceantar Uirbeach na Gaillimhe ach aithnítear é freisin mar cheann de na háiteanna atá taobh thiar d'fhorbairt eacnamaíoch, chomhshaoil agus shóisialta na hÉireann faoin gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF[3]) agus foinn Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES[4]) 2020-2032. Leagann na creataí seo béim ar ról an réigiúin maidir le dul chun cinn inbhuanaithe a chumasú agus teacht aniar fadtéarmach a chothú.

Tá an dréacht-GWS ailínithe againn leis na creataí pleanála seo do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, agus le pleananna forbartha áitiúla do Chathair agus Contae na Gaillimhe. Tá na foinsí seo mar bhonn faoi réamhaisnéisí fáis a úsáidtear laistigh den straitéis agus cinntíonn siad go ndéantar pleanáil bonneagair a scálú go cuí chun tacú le seachadadh tithíochta, moil fostaíochta agus infheistíocht isteach ar fud an limistéir staidéir. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart iad seo a mheas de réir mar a théann an Straitéis ar aghaidh trína saolré.

[3] https://www.npf.ie/

[4] https://www.nwra.ie/rses/

Rinneadh iniúchadh sa dréacht-GWS ar bhrúnna fáis ach samhaltú a dhéanamh ar ghiniúint fuíolluisce amach anseo ar fud cásanna fáis éagsúla, suas go dtí 2080. Cuireann an dearcadh fadtéarmach seo ar chumas UÉ riachtanais bhonneagair a aithint i bhfad sula dtagann siad chun cinn agus tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht ar bhealach céimnithe, costéifeachtúil, bealach a bhfuil teacht aniar ann. Ach pleanáil bonneagair fuíolluisce a ailíniú le straitéisí forbartha spásúla agus réamh-mheastacháin eacnamaíocha, soláthraítear leis an dréacht-GWS creat láidir chun fás inbhuanaithe a éascú agus sláinte an phobail agus cáilíocht an chomhshaoil á gcosaint ag an am céanna. Cinntítear leis an Straitéis nach mbíonn baol ann go gcuirfidh seirbhísí fuíolluisce i nGaillimh bac ar réigiún rathúil, dea-sheirbhísithe atá in ann freastal ar riachtanais na nglúnta atá le teacht.

Leagtar amach sa chuid thíos na pleananna forbartha áitiúla a breithníodh le linn fhorbairt na straitéise. Leagtar tuilleadh sonraí faoinár réamh-mheastacháin fáis daonra amach i gCuid 7 agus in *Aguisín 1 – Fás a Bhainistiú.*

### 3.1.1. Pleananna Áitiúla

Tá pleananna áitiúla tar éis cuidiú le cruthú an GWS freisin. Cuirtear fíordheiseanna ar fáil le tionscadail réigiúnacha le haghaidh obair chomhpháirtíochta agus comhtháthú spreagthaí náisiúnta ar féidir le páirtithe leasmhara oibriú le chéile orthu ar bhealaí níos cliste. Anseo thíos leagtar amach cuid de na príomhfhorbairtí réigiúnacha a breithníodh.

| Plean | Cur síos |
|---|---|
| **Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe** | Creat straitéiseach is ea Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe (2023–2029)5 a dearadh chun fás agus forbairt na cathrach a threorú thar thréimhse sé bliana. Féachtar leis an bplean cothromaíocht a bhaint amach idir leathnú uirbeach agus inbhuanaitheacht chomhshaoil, beocht eacnamaíoch agus folláine an phobail, rud a chinnteoidh go bhforbróidh Gaillimh mar chathair ionchuimsitheach a bhfuil teacht aniar inti.<br>Leagtar spriocanna uaillmhianacha tithíochta amach sa phlean, chomh maith le soláthar spáis oifige tráchtála chun tacú le geilleagar na Gaillimhe atá ag leathnú i rith an ama. Áirítear leis bearta chun spásanna glasa agus bithéagsúlacht a fheabhsú ar fud na cathrach. |
| **Plean Straitéiseach Cheantar Uirbeach na Gaillimhe (MASP)** | Tugtar freagra in MASP na Gaillimhe ar an gcuspóir pleanála náisiúnta (NPO 67) atá leagtha amach sa NPF agus cuirtear creat comhordaithe ar fáil ann d'fhorbairt inbhuanaithe Chathair na Gaillimhe.<br>Tá sé mar sprioc ag an MASP 50% ar a laghad de na tithe nua go léir a sheachadadh laistigh de lorg foirgnithe reatha Chathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte. Tá an cur chuige seo ag teacht le |

[5] https://www.galwaycity.ie/services/planning/development-plan-2023-2029

| | |
|---|---|
| | dlúthfhás uirbeach. Aithnítear an Garrán agus Cnoc Mhaoil Drise sa phlean freisin mar phríomhlimistéir straitéiseacha fáis.<br>Feidhmíonn an MASP mar threoir d'údaráis áitiúla, do phleanálaithe agus d'fhorbróirí agus cabhraíonn sé linn tuiscint a fháil ar na háiteanna a bhfuil seans ann go méadófar ar an éileamh. |
| **Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe** | Feidhmíonn Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022–2028 mar an treoirphlean reachtúil a threoraíonn fás agus forbairt inbhuanaithe ar fud Chontae na Gaillimhe, seachas limistéar Chathair na Gaillimhe. Leagtar amach sa phlean cuspóirí straitéiseacha lena gclúdaítear tithíocht, bonneagar, forbairt eacnamaíoch, forbairt turasóireachta, agus inbhuanaitheacht chomhshaoil chun an fás daonra réamh-mheasta agus riachtanais phobail atá ag athrú i gcónaí a bhainistiú.<br>Príomhfhócas den phlean is ea soláthar tithíochta chun freastal ar fhás daonra trí ordlathas lonnaíochta a spreagann dlúthfhorbairt uirbeach laistigh de MASP na Gaillimhe agus a thacaíonn le pobail tuaithe. |
| **Plean Limistéar Draenála na Gaillimhe** | Is staidéar teicniúil ar fhuíolluisce agus ar uisce stoirme é Plean Limistéar Draenála na Gaillimhe (DAP) a ullmhaíodh do Chathair na Gaillimhe agus a habhantracha máguaird. Measúnú struchtúrtha is ea é ar an líonra fuíolluisce agus ar an mbonneagar cóireála. Úsáidtear sonraí suirbhéireachta agus samhaltú hiodrálach ann chun fadhbanna amhail tuilte, rioscaí truaillithe, easpa acmhainne, nó leochaileacht athraithe aeráide a aithint, agus úsáidtear é chun uasghráduithe amach anseo a phleanáil ar bhealach spriocdhírithe, chun tacú le fás, an comhshaol a chosaint, agus comhlíonadh rialála a chinntiú. |
| **Tionscadal um Leathnú Dhugaí na Gaillimhe** | Tionscnamh mór athfhorbartha[6] chun na dugaí a shíneadh 935m amach san fharraige, ag soláthar 660m de bheart cé.<br>Beidh tionchar ag síneadh na ndugaí nó ag athruithe ar na bealaí sa chuan ar shreabhadh an uisce agus dá bharr sin ar ár samhaltú muirí. Beidh orainn breithniú a dhéanamh ar thionchar an tsínidh agus aon tionchair fhéideartha ar an gcaoi a mbeidh na suíomhanna sceite pleanáilte suite agus ar an áit a mbeidh siad suite. |
| **Tionscadal na Páirce Theas agus an Fhearainn Uirbigh Phoiblí[7]** | Tionscnamh faoi stiúir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun ceantar na Páirce Theas agus na spásanna poiblí máguaird a athfhorbairt agus a athbheochan, lena n-áirítear Abhantrach an Chladaigh, Cabhsa Inis Caorach, agus Páirc Celia Griffin. |

[6] https://theportofgalway.ie/port-of-galway-redevelopment/

[7] https://www.galwaycity.ie/news/2025/south-park-and-public-urban-realm-project-public-consultation-event

| | |
|---|---|
| | I bhfianaise ghaireacht an tionscadail do bhonneagar ríthábhachtach fuíolluisce, tá gá le pleanáil agus ailíniú cúramach chun úsáid talún a bharrfheabhsú, athléimneacht tuilte a fheabhsú, agus cáilíocht an chomhshaoil a chosaint. Tacóidh an cur chuige comhtháite seo le cuspóirí feidhmiúla an GWS agus le Tionscadal na Páirce Theas agus an Fhearainn Uirbigh Phoiblí araon. |
| **Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe (GCRR)8** | Tionscadal bonneagair iompair 18 gciliméadar atá beartaithe, a bhfuil sé mar aidhm aige plódú tráchta seasta i gCathair na Gaillimhe a mhaolú. Tá pleanáil chomhtháite idir an GCRR agus an GWS riachtanach ionas go nglacfar le deiseanna chun coimhlintí féideartha idir córais bhonneagair a chomhtháthú agus a mhaolú, ach freisin chun a chinntiú go gcuireann an dá thionscadal le teacht aniar fadtéarmach na Gaillimhe, le cosaint an chomhshaoil agus le pleanáil straitéiseach úsáide talún. |

## 3.2 Athrú Aeráide

I measc thionchair an Athraithe Aeráide tá geimhrí níos fliche, imeachtaí báistí níos déine, méadú ar bhorrthaí stoirme, ardú ar leibhéal na farraige, athruithe i sreafaí abhann, chomh maith le samhraí níos tirime, teochtaí níos teo, agus tréimhsí triomaigh. Le samhaltú líonra, is féidir tuiscint a fháil ar fheidhmíocht an bhonneagair fuíolluisce (anois agus amach anseo) faoi thionchar na n-éifeachtaí seo. Táimid i ndiaidh úsáid a bhaint as cuir chuige thionscalchaighdeánacha chun meastachán a dhéanamh ar thionchair an athraithe aeráide faoi Chonairí Tiúchana Ionadaíocha (RCP) 4.5 agus RCP8.5 araon, a léiríonn leibhéal meánach astaíochtaí agus leibhéal ard astaíochtaí, faoi seach. Féach ar *Aguisín 2 – Ár gCur Chuige i leith an tSamhaltaithe agus an Athraithe Aeráide* chun tuilleadh eolais a fháil.

Tá ceirtleán Chathair na Gaillimhe soghabhálach i leith thionchar na taoide toisc go bhfuil sé cois cósta. Bíonn tionchar ag ardú leibhéal na farraige ar bhonneagar cósta agus is féidir leis an ardú céanna a bheith ina chúis le rioscaí méadaithe tuile ag príomh-WWTPanna. Tá sé seo ábhartha go háirithe i réigiún na Gaillimhe, áit a bhfuil ár bpríomh-WWTP ar Inis Caorach, atá suite ar oileán i gCuan na Gaillimhe. Tá sonraí ó thaoidemhéadar úsáidte againn chun eolas a fháil ar shreafaí agus ar thitim reatha báistí.

Measaimis go mbeidh níos mó brú ar ár líonra agus ar ár sócmhainní cóireála mar thoradh ar bháisteach níos déine, rud a fhágann go mbeidh baol níos mó ann go mbeidh imeachtaí forsceite uisce stoirme agus tuilte níos minice. Os a choinne sin, is dóichí freisin go mbeidh tréimhsí níos faide aimsire tirime, teo ann, rud a fhágfaidh go mbeidh sreafaí abhann níos ísle. Is dócha go mbeidh riosca níos mó ann dár dtimpeallacht áitiúil agus dár ndobharlaigh mar thoradh ar an dá thionchar. Tá sé mar aidhm ag ár gcur chuige samhaltaithe suíomh na dtionchar seo a aithint ionas gur féidir linn céimeanna a ghlacadh chun an riosca seo a mhaolú amach anseo.

---

[8] https://www.n6galwaycityringroad.ie/

Leabaítear teacht aniar i leith an athraithe haeráide sa straitéis trí shamhaltú ar fheidhmíocht hiodrálach agus cáilíochta uisce faoi chásanna réamh-mheasta aeráide. Déantar cur síos ar na modhanna samhaltaithe a úsáideadh i gCuid 7. Cinntítear leis na hionsamhluithe seo go mbeidh na hidirghabhálacha molta láidir faoi raon todhchaíochtaí aeráide go dtí 2080, agus is féidir na hidirghabhálacha a mheas ag pointí tábhachtacha laistigh de thréimhse ama an GWS chun an eolaíocht agus na réamh-mheastacháin aeráide is déanaí a chur san áireamh.

## 3.3 Reachtaíocht, Rialachán agus Beartas

Oibrímid laistigh d'earnáil rialáilte, a bhfuil creat reachtaíochta láidir mar thaca leis. Déanaimid ár bhfeidhmeanna seirbhíse uisce a phleanáil, a fhorbairt agus a oibriú i gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta náisiúnta agus Eorpaí ábhartha atá i bhfeidhm. Agus straitéis réigiúnach á forbairt a mhairfidh ar feadh na mblianta, is tábhachtach go mbreithneoimid an chaoi a bhféadfadh reachtaíocht agus rialáil forbairt lena chinntiú gur féidir linn leanúint dár ndualgais a chomhlíonadh. Leagtar amach sa tábla thíos na príomhphíosaí reachtaíochta a rinne eolas dár straitéis.

| Reachtaíocht | Cur síos |
|---|---|
| **An tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (agus leasuithe)** | Soláthraítear leis an creat dlíthiúil chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sheachadadh agus a rialáil in Éirinn. Cinntítear leis an reachtaíocht go ndéantar seirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí a bhainistiú ar bhealach sábháilte, inbhuanaithe, bealach atá éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de. |
| **An Chreat-treoir Uisce (WFD), 2000** | An Treoir uileghabhálach a bhaineann le beartas uisce san Aontas Eorpach (AE). Féachtar leis an Treoir an timpeallacht uisce a chosaint agus a athbhunú ionas go mbeidh 'Dea-Stádas Éiceolaíoch' nó níos fearr ag gach dobharlach. |
| **An Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWTD) agus an Treoir athmhúnlaithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (rUWWTD), 2025** | Leagtar amach iontu ceanglais maidir le bailiú, cóireáil agus sceitheadh fuíolluisce uirbigh ar fud an AE. Foráiltear leis an treoir go gcaithfear fuíolluisce uirbeach a bhailiú agus a chóireáil i gceart chun truailliú an chomhshaoil a chosc, go háirithe i ndobharlaigh íogaire. Éilítear léi freisin go ndéantar uisce stoirme forsceite a rialú agus a íoslaghdú chun damáiste don chomhshaol a chosc le linn báisteach throm.<br>Rinneadh athbhreithniú ar an treoir seo le déanaí ar leibhéal an AE agus tháinig sí i bhfeidhm i mí Eanáir 2025. Ceanglaítear ar na Ballstáit í a thrasuí ina dlí náisiúnta faoin 31 Iúil 2027. Féach alt 3.3.1 le haghaidh tuilleadh sonraí |
| **Treoir an AE um Uisce Snámha, 2006** | Ceanglaítear ar Bhallstáit leis an Treoir seo monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar uiscí snámha ainmnithe, agus iad a aicmiú mar shármhaith, maith, leordhóthanach, nó olc bunaithe ar leibhéil baictéar faecach amhail *Escherichia coli* agus eintreacocais stéige. |

| | |
|---|---|
| **Na Rialacháin um Scaoileadh Fuíolluisce (Údarú), 2007, arna leasú** | Faoi na Rialacháin, teastaíonn ceadúnas nó deimhniú údaraithe arna eisiúint ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) le haghaidh gach sceitheadh fuíolluisce ó cheirtleáin. Sonraítear i gceadúnais teorainneacha truailleán amhail éileamh bitheolaíoch ar ocsaigin (BOD), éileamh ceimiceach ar ocsaigin (COD), cothaithigh, agus truailleáin mhicribhitheolaíocha. Leagtar amach iontu freisin coinníollacha monatóireachta, tuairiscithe agus oibríochtúla chun comhlíonadh leanúnach a chinntiú. Déanann an EPA monatóireacht ar na sceite seo agus forfheidhmíonn an Ghníomhaireacht comhlíonadh, ag gníomhú nuair is gá. |

Tá an dréacht-GWS ailínithe le raon éagsúil straitéisí agus tionscnamh náisiúnta, réigiúnach agus UÉ, chomh maith le pleananna bonneagair níos leithne don limistéar staidéir. Cinntítear leis an ailíniú seo go ndéantar bonneagar bainistithe fuíolluisce a chomhtháthú laistigh d'iarrachtaí pleanála níos leithne chun tacú le fás eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht comhshaoil. I measc na bpríomhbheartas agus na bpríomhphleananna a breithníodh (gan a bheith teoranta dóibh) tá an Creat Náisiúnta Pleanála, an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, an Plean Gníomhaíochta Aeráide, agus Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce UÉ 2050.

| Reachtaíocht | Cur síos |
|---|---|
| **An Creat Náisiúnta Pleanála** | Is é an Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) an beartas uileghabhálach d'fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann. Is creat forbartha straitéiseach é an NPF ina leagtar amach comhthéacs fadtéarmach fhorbairt fhisiciúil na hÉireann agus an dul chun cinn gaolmhar i dtéarmaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Tá beartais agus gníomhartha tacaíochta á leanúint agus ag tacú leis ar leibhéal earnála, réigiúnach agus áitiúil. Déanfar an NPF athbhreithnithe a chomhtháthú isteach sa RSES, i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe agus i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe. Ainmníonn an NPF Cathair na Gaillimhe mar Chathair Réigiúnach laistigh de Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, á haithint mar an phríomhspreagadh uirbeach d'fhás daonra, fostaíochta agus eacnamaíoch in iarthar na hÉireann. Faoin NPF agus a threoirlínte cur chun feidhme athbhreithnithe (a faomhadh in 2025), táthar ag súil go bhfreastalóidh Cathair agus Contae na Gaillimhe ar fhás suntasach daonra agus tithíochta atá i gcomhréir le spriocanna náisiúnta. Ceanglaítear ar údaráis áitiúla a chinntiú go bhfuil talamh criosaithe, seirbhísithe agus inseirbhísithe leordhóthanach ann, agus bonneagar cumasúcháin amhail seirbhísí uisce, iompar agus bonneagar sóisialta ag tacú leis an talamh céanna. |

| | |
|---|---|
| **Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach do Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair** | Foilsíodh Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (RSES) 2020-2032 in 2020, agus soláthraítear léi creat straitéiseach d'fhorbairt réigiúnach i gcomhréir leis an NPF. Éilítear léi ailíniú idir pleananna forbartha cathrach agus contae agus an RSES chun fás cothrom réigiúnach a bhaint amach. Tá an RSES ceangailteach ó thaobh dlí de, agus éilítear leis go dtiocfadh forbairt na cathrach agus an chontae lena chuspóirí. Leagtar béim sa RSES ar an tábhacht ríthábhachtach atá le bonneagar fuíolluisce chun tacú le leathnú uirbeach, fás daonra agus forbairt eacnamaíoch do réigiún an deiscirt.<br>Aithnítear Cathair na Gaillimhe agus a Ceantar Uirbeach sa RSES mar an príomhspreagadh fáis réigiúnaigh do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Tá Gaillimh ainmnithe chun freastal ar sciar suntasach den fhás daonra agus fostaíochta, agus tacaítear leis sin trí phleanáil chomhordaithe úsáide talún, iompar agus bonneagar cumasúcháin, lena n-áirítear seirbhísí uisce agus fuíolluisce. |
| **Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht** | Leagtar amach leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (NBAP) an clár oibre náisiúnta bithéagsúlachta don tréimhse 2023-2030 agus féachtar leis na hathruithe claochlaitheacha is gá a chur i gcrích maidir leis na bealaí ina a gcuirimid luach ar an dúlra agus a cosnaímid é. Tá cúig chuspóir sa phlean agus aithnítear ann fuíolluisce uirbeach agus truailliú uisce/aeir mar cheann de na brúnna a chuireann le cailliúint na bithéagsúlachta.<br>Bíonn tionchar ag an NBAP ar an GWS trí chur chuige uile-shochaí a ghlacadh i leith na bithéagsúlachta, agus béim á leagan ar an ngá ann go ndéanfadh gach earnáil breithnithe bithéagsúlachta a chomhtháthú ina gcuid oibríochtaí. Iarrtar leis freisin go ndéanfar gníomhartha láithreacha chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú. Éilítear leis an bplean go gcuirfí breithnithe bithéagsúlachta san áireamh leis an GWS, ag cinntiú go gcuireann forbairt agus bainistíocht bonneagair fuíolluisce go dearfach le caomhnú agus feabhsú oidhreacht nádúrtha na hÉireann. |
| **Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide** | Leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP) treo straitéiseach na hÉireann chun laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 agus astaíochtaí glan-nialasacha faoi 2050. Tá sé ailínithe leis na buiséid charbóin uile-gheilleagair agus na huasteorainneacha earnálacha atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus a chomhaontaigh an Rialtas i mí Iúil 2022. Aithnítear sa CAP gur tomhaltóir mór fuinnimh é cóireáil fuíolluisce, agus gur cheart dá bhrí sin leanúint de bhearta maolaithe aeráide a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí ceaptha teasa a laghdú agus a mhaolú tuilleadh. Ina theannta sin, luaitear |

| | |
|---|---|
| | sa CAP gur ríthábhachtach an fhorbairt inbhuanaithe chun spriocanna aeráide na hÉireann a bhaint amach. Áirítear leis seo líonra agus acmhainn chóireála leordhóthanach a sholáthar chun freastal ar an daonra atá ag méadú gan dochar a dhéanamh don chomhshaol.<br>Leagfar síos comhthéacs don GWS do phleananna agus do thionscadail chur chun feidhme ina dhiaidh sin ina mbeidh sonraí faoi na cláir oibreacha atá le cur i gcrích i réimsí sonracha a bhaineann le hoiriúnú agus maolú an athraithe aeráide agus comhlíonadh fuíolluisce i gcomhréir leis an CAP. |
| **Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce 2050** | Is é Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (WSSP 2050) plean straitéiseach fadtéarmach Uisce Éireann a cheanglaítear a ullmhú faoin Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013. Leagtar amach ann ár gcuspóirí agus na modhanna trína bhfuil sé mar aidhm againn iad a bhaint amach i gcomhthéacs na ndúshlán suntasach is dócha a bheidh romhainn idir 2025-2050. Leagtar amach sa phlean ár dtreo straitéiseach agus na gníomhartha a chuirfimid i bhfeidhm chun seirbhísí uisce poiblí inbhuanaithe a chinntiú d'Éirinn.<br>Soláthraítear le WSSP 2050 an creat beartais uileghabhálach ina ndéanfar gach infheistíocht i bhfuíolluisce do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe a phleanáil agus a sheachadadh. |

### 3.3.1. UWWTD Athmhúnlaithe

Tugtar isteach leis an Treoir athmhúnlaithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (rUWWTD) caighdeáin chóireála níos déine, ceanglais mhonatóireachta níos leithne, agus amlínte cur chun feidhme níos soiléire. Tá na príomhathruithe a raibh tionchar acu ar an GWS leagtha amach thíos againn.

| Ábhar | Riachtanas |
|---|---|
| **Baint cothaitheach** | Baint níos déine nítrigine agus fosfair i gcás ceirtleán atá níos mó ná 10,000 PE, go háirithe iad siúd a sceitear isteach i limistéir atá íogair don eotrófú. |
| **Leibhéal Cóireála** | Beidh cóireáil threasach éigeantach do ghléasanna WWTPanna a chóireálann os cionn 150,000 PE faoi 2039 agus os cionn 10,000 PE, a scaoiltear chuig limistéir íogaire, faoi 2045. Beidh cóireáil cheathartha, ag díriú ar mhicrithruailleáin, ag teastáil i gcás ceirtleán os cionn 150,000 PE (agus os cionn 10,000 PE ar choinníollacha áirithe de réir measúnú riosca) faoi 2045. |
| **Draenacha Uisce Stoirme Forsceite** | Tá cuspóir neamhcheangailteach táscach don todhchaí in Iarscríbhinn V sa rUWWTD, ina leagtar amach go draenacha uisce stoirme (.i., sceitheadh eisilteach neamhchóireáilte de bharr ró- |

| | |
|---|---|
| | ualú an líonra) "céatadán beag nach féidir a bheith níos mó ná 2% den ualach bliantúil fuíolluisce uirbigh bailithe arna ríomh i ndálaí aimsire tirime" |
| **Sprioc Fuinnimh** | Beidh ar shuíomhanna a dhéileálann le breis is 10,000 PE neodracht fuinnimh a bhaint amach faoi 2045. |
| **Plean Comhtháite um Bainistiú an Fhuíolluisce Uirbigh (IUWWMP)** | Ní mór IUWWMP a bhunú do cheirtleáin de 100,000 PE agus os a chionn faoi mhí na Nollag 2033.<br>I gcás na gceirtleán sin idir 10,000 PE agus 100,000 PE, áit a bhfuil uisce stoirme forsceite nó rith chun srutha uirbeach ina riosca don chomhshaol agus/nó don tsláinte phoiblí, ní mór liosta de cheirtleáin "atá i mbaol" a bhunú tráth nach déanaí ná Meitheamh 2028.<br><br>Beidh IUWWMP ag teastáil do cheirtleán Chathair na Gaillimhe faoi dheireadh 2033. Scrúdófar go mion ann an chaoi a n-idirghníomhaíonn fuíolluisce, uisce stoirme agus rith chun srutha uirbeach laistigh den limistéar staidéir agus an tionchar a bhíonn acu ar an timpeallacht ghlactha.<br>Rinneadh anailísí tosaigh chun deiseanna a aithint chun bonneagar gormghlas a ionchorprú laistigh den limistéar staidéir. Ní hamháin go gcabhraíonn na réitigh dhúlrabhunaithe le huisce stoirme a bhainistiú níos éifeachtaí ach feabhsaíonn siad an bhithéagsúlacht agus cáilíocht an uisce, agus soláthraíonn siad buntáistí áineasa agus aeistéitiúla do phobail áitiúla. |

In GWS, tá súil leis na ceanglais rialála seo atá ag athrú i gcónaí chun infheistíocht sa bhonneagar a ullmhú don todhchaí, go háirithe na ceanglais chóireála níos déine, monatóireacht, cuspóirí maidir le forsceitheadh uisce stoirme (SWO), agus oibleagáidí tuairiscithe. Cuirtear leis an rUWWTD níos mó béime ar bhainistiú sloda agus ar acmhainní luachmhara a aisghabháil, amhail fosfar ó fhuíolluisce agus sloda séarachais agus feabhsaítear ceanglais mhonatóireachta.

Tá spriocdhátaí dochta ann chun an Treoir a chomhlíonadh a mbeidh tionchar acu ar roghnú suíomhanna, pleanáil acmhainne, straitéis fuinnimh, agus conairí oiriúnaitheacha le haghaidh comhlíonadh fadtéarmach. I bhfianaise ghaireacht na Gaillimhe d'uiscí cósta íogaire agus do láithreacha snámha poiblí, tá ríthábhacht leis na forálacha maidir le baint cothaitheach agus micreathruailleán, laghdú SWO, agus monatóireacht ar shláinte an phobail.

Breithnítear sa dréacht-GWS an reachtaíocht ábhartha go léir agus forbraíodh freagra straitéiseach ar na hoibleagáidí seo. Aithnítear ann bearnaí bonneagair agus moltar infheistíochtaí spriocdhírithe chun acmhainn chóireála a uasghrádú, forsceitheadh a laghdú, agus teacht aniar an chórais a fheabhsú. Réamh-mheastar sa dréacht-GWS ceanglais amach anseo faoin UWWTD athmhúnlaithe atá le teacht, lena dtabharfar isteach rialacha níos déine maidir le bainistíocht uisce stoirme, monatóireacht fíor-ama, agus comhtháthú an bhonneagair ghormghlais. Ach an cur

chuige sa dréacht-GWS a ailíniú le spriocanna UWWTD, tacaítear le cosaint an chomhshaoil, sláinte an phobail agus comhlíonadh rialála san fhadtéarma.

## 3.4 Bithéagsúlacht

Aithnímid an gá práinneach atá le stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus an comhshaol nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú ar bhealach níos fearr. Rinne UÉ measúnuithe mionsonraithe comhshaoil lena chinntiú go gcosnaítear an comhshaol nádúrtha leis an Straitéis agus go dtacaítear le fás inbhuanaithe ar fud an limistéir staidéir ag an am céanna.

Tá an dréacht-GWS ailínithe le Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta UÉ ina leagtar amach ár dtiomantas bonneagar uisce agus fuíolluisce a sholáthar ar bhealach a gcosnaíonn éiceachórais agus, nuair is féidir, a bhfeabhsaíonn an bhithéagsúlacht. Tacaíonn an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta le cuspóirí náisiúnta aeráide freisin ach réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun cinn a chabhraíonn chun tionchair aeráide a laghdú, stóráil carbóin a fheabhsú, agus sláinte an éiceachórais a neartú. I gcomhréir le gealltanas na hÉireann maidir le hastaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050, is féidir leis an earnáil uisce rannchuidiú trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, modhanna tógála ísealcharbóin a úsáid, agus deiseanna a fhiosrú le haghaidh úsáid an fhuinnimh in-athnuaite i gcórais fuíolluisce. Áirítear leis seo freisin réitigh dhúlrabhunaithe a úsáid nuair is iomchuí, tionchair chomhshaoil a íoslaghdú, agus torthaí bithéagsúlachta a mhonatóiriú thar shaolré na straitéise.

## 3.5 Cúrsaí Comhshaoil agus Éiceolaíocha

Is iad seo a leanas na príomhphíosaí reachtaíochta comhshaoil a rinne eolas dár straitéis:

- An Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) a trasuíodh i ndlí na hÉireann leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú),
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011, arna leasú (I.R. Uimh. 477/2011),
- Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá trasuite in Éirinn faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Timpeallachta ar Phleananna agus Cláir Áirithe) 2004, (I.R. Uimh. 435 de 2004), arna leasú, agus
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Pleanáil Úsáide Talún – Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2025 (I.R. 456/2025).

D'fhorbair muid an dréacht-GWS seo agus ceanglais na Rialachán um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le hÉin agus Gnáthóga Nádúrtha á gcur i bhfeidhm. Mar chuid de seo, bhí measúnachtaí comhshaoil ábhartha ag gach céim den phróiseas, lena n-áirítear ullmhú Tuarascáil Chomhshaoil SEA ina ndoiciméadaítear an measúnú comhshaoil ar an dréacht-GWS agus ina scrúdaítear an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an Straitéis ar an gcomhshaol, lena n-áirítear cáilíocht uisce, an bhithéagsúlacht, teacht aniar i leith an athraithe aeráide, áineas agus sláinte an duine. Chuidigh an mheasúnacht seo chun rioscaí comhshaoil féideartha a aithint go luath agus cinntíonn sí go ndéantar breithnithe comhshaoil a chomhtháthú sa chinnteoireacht ar fud na Straitéise.

Rinneadh comhairliúchán maidir le scóip an SEA agus an Scagthástáil Measúnachta Cuí (AA) le Comhairliúchán Poiblí 1 (PC1), a seoladh i bhfómhar na bliana 2024, lena n-áirítear comhairliúchán ar an bPáipéar Saincheisteanna, ar an Tuarascáil Chomhshaoil Measúnachta Straitéisí Comhshaoil agus ar Thuarascálacha Scagtha le haghaidh Measúnacht Chuí, agus cuireadh na freagraí san áireamh agus an dréacht-GWS á fhorbairt agus sa chur chuige um measúnacht timpeallachta.

Rinneadh measúnú sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) ar cibé an bhféadfadh tionchair fhéideartha a bheith ag an dréacht-GWS ar láithreáin Natura 2000, atá ainmnithe chun gnáthóga agus speicis thábhachtacha a chosaint faoi reachtaíocht Eorpach. I gcás inar aithníodh aon rioscaí féideartha, cuimsíodh bearta sa Straitéis chun na tionchair sin a sheachaint nó a laghdú, agus timpeallachtaí íogaire cósta agus intíre na Gaillimhe á gcosaint.

Cuirtear bearta maolaithe agus feabhsúcháin a shainaithnítear trí na measúnachtaí timpeallachta san áireamh i gcur chuige cur chun feidhme an dréacht-GWS (Féach an chuid maidir le hAnailís Cinntí Ilchritéar in Aguisín 5). Tá an plean monatóireachta atá beartaithe sa Tuarascáil Chomhshaoil SEA mar chuid den phróiseas foriomlán monatóireachta, aiseolais agus athbhreithnithe a chuirtear i bhfeidhm chun bainistíocht oiriúnaitheach a threorú, an gá le hathruithe a aithint agus eolas a thabhairt do leaganacha eile den straitéis amach anseo.

Ach measúnú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil a d’fhéadfadh a bheith ann ag an gcéim seo, cuireann an dréacht-GWS creat láidir ar fáil chun tacú le fás amach anseo agus cáilíocht an uisce, an bhithéagsúlacht agus timpeallacht nádúrtha cheantar na Gaillimhe á gcosaint ag an am céanna.

Tacaíonn an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 (arna leasú in 2021) le gach earnáil chun cur le spriocanna náisiúnta aeráide agus oiriúnú do dhálaí comhshaoil atá ag athrú ag an am céanna. Tá gealltanas tugtha ag Éirinn astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050, agus is féidir leis an earnáil uisce tacú leis seo ach glacadh le modhanna tógála ísealcharbóin, éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú agus deiseanna a iniúchadh chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint laistigh de chórais fuíolluisce.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, ba cheart do léitheoirí dul a fhad leis an *Tuarascáil ar Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA), Ráiteas Tionchair Natura (NIS) agus an Cinneadh maidir le Measúnacht Chuí (AA).* Is iad na measúnuithe seo an bonn fianaise atá mar bhonn faoi thiomantas an dréachta GWS a chinntiú go ndéantar forbairt bonneagair fuíolluisce ar bhealach a gcosnaíonn an timpeallacht nádúrtha, agus a fheabhsaíonn í nuair is féidir do na glúnta atá le teacht.

## 3.6 Dálaí Eacnamaíocha

Is féidir le tosca domhanda amhail cogaí agus paindéimí tionchar mór a imirt ar dhálaí eacnamaíocha, rud a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar sheachadadh seirbhísí uisce agus fuíolluisce. Is féidir le cúlú eacnamaíochta teorainn a chur le hinfhaighteacht maoinithe do thionscadail ríthábhachtacha bhonneagair agus do riachtanais chothabhála. Tá an baol ann freisin go mbeidh impleachtaí iarmhartacha ag imeachtaí domhanda nó náisiúnta ar ár slabhra soláthair agus ar chostais fuinnimh. D’fhéadfadh tionchar a bheith aige seo ar infhaighteacht ábhar, táirgí agus ceimiceán. Is deacair na himeachtaí seo a thuar. Mar sin féin, tá céimeanna ann is féidir linn a ghlacadh chun na rioscaí seo a mhaolú.

Úsáidtear prionsabail phleanála oiriúnaitheacha toisc nach féidir tionchair sheachtracha a thuar go cruinn, agus tugtar aghaidh sa dréacht-GWS seo ar na dúshláin seo ach creat atá struchtúrtha ach solúbtha a sholáthar chun neamhchinnteacht a eascraíonn as tosca seachtracha amhail srianta maoinithe agus athrú geopholaitiúil a bhainistiú. Ligeann na prionsabail seo do dhíriú straitéiseach ar laghdú astaíochtaí oibríochtúla de réir a chéile trína chinntiú go gcuirtear breithnithe aeráide san áireamh sa phleanáil, san infheistíocht agus sa chinnteoireacht oibríochtúil. Glacfar le próiseas córasach fadbhreathnaitheachta agus faire na fáistine chun rioscaí agus deiseanna atá ag teacht chun cinn a réamh-mheas, chun eolas a thabhairt do roghanna straitéiseacha, agus chun tacú le conairí ísealcharbóin san fhadtéarma, conairí a bhfuil teacht aniar iontu. Déanfar na próisis seo a chomhtháthú sa chreat monatóireachta agus rialachais chun freagairtí tráthúla, fianaisebhunaithe ar athrú a chumasú agus chun ailíniú leanúnach le cuspóirí straitéiseacha a chinntiú.

# 4. Straitéis Chomhoibríoch le Rannpháirtíocht Pobail & Páirtithe Leasmhara

## 4.1 Réamhrá

Is gné ríthábhachtach é an comhairliúchán poiblí chun a chinntiú go mbíonn deis ag baill den phobal agus ag gach páirtí leasmhar a bheith páirteach i bhforbairt an GWS. Tá ról lárnach ag rannpháirtíocht agus comhairliúchán éifeachtach le páirtithe leasmhara i rath na straitéise. Cuidíonn cumarsáid thrédhearcach, comhairliúcháin phoiblí, agus sásraí aiseolais chun peirspictíochtaí éagsúla a chur san áireamh agus tacaíocht an phobail a chothú do thionscadail bonneagair fuíolluisce.

Tá rannpháirtíocht leanúnach le húdaráis chomhshaoil agus leis an bpobal i gceist le forbairt an dréacht-GWS chun próiseas trédhearcach, cuimsitheach, eolach a chinntiú. Soláthraíonn an rannpháirtíocht seo léargais agus sonraí go luath sa phróiseas, agus cuidíonn comhairliúchán poiblí le tuiscint agus tacaíocht a chothú maidir le bainistiú fuíolluisce. Tá sé mar aidhm ag an straitéis rannpháirtíochta aghaidh a thabhairt ar ábhair imní go pras, fís UÉ a chur chun cinn, agus a chinntiú go léiríonn an GWS riachtanais na bpáirtithe leasmhara uile. Tá an rannpháirtíocht seo tar éis cabhrú cheana féin leis an GWS a mhúnlú agus leanfaidh sí de bheith ag treorú a chur i bhfeidhm sna blianta amach romhainn.

## 4.2 Léargais ó Chomhairliúchán Poiblí 1

Léirítear i **Error! Reference source not found.** amlíne na ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí, agus seoladh Comhairliúchán Poiblí 1 (PC1) ag deireadh 2024. Bhí ról ríthábhachtach ag an gcéim thosaigh seo sa chomhairliúchán i múnlú an dréachta ach ionchur ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara a lorg go luath sa phróiseas.




**Fíor 4-1: Treochlár Comhairliúcháin Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe**

Ba é aidhm PC1 plé a dhéanamh leis an bpobal agus lenár bpáirtithe leasmhara chun a chinntiú gur aithníomar na saincheisteanna a bhí tábhachtach dóibh ionas go bhforbrófaí dréacht-GWS a bhí láidir chun ár luachanna comhroinnte a léiriú. Díríodh ar phríomhpháirtithe leasmhara, rialtóirí UÉ agus comhlachtaí reachtúla sa Pháipéar Saincheisteanna agus sa Tuarascáil maidir le Scóip SEA agus sa Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí. Ullmhaíodh an Páipéar Saincheisteanna chun tacú le forbairt an dréacht-GWS. Is iad na topaicí a sainaithníodh sa Pháipéar Saincheisteanna, mar aon le fís UÉ, na bunchlocha a chabhraigh linn cuspóirí fadtéarmacha a shainiú a cuireadh i láthair sa dréacht-GWS.

Ba iad príomhchuspóirí PC1 aiseolas a bhailiú ar na dúshláin straitéiseacha atá ag teacht chun cinn, na prionsabail threoracha atá beartaithe don straitéis, agus an cur chuige i leith measúnú timpeallachta. Áiríodh leis seo scagthástáil luath faoi na Rialacháin um Measúnú Straitéiseach Timpeallachta agus na Rialacháin maidir le Gnáthóga, rud a chinntigh gur breithníodh tionchair chomhshaoil fhéideartha ón tús.

Bhí an comhairliúchán seo oscailte do gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear baill den phobal, cónaitheoirí, grúpaí comhshaoil, údaráis phleanála, comhairlithe reachtúla agus páirtithe leasmhara tionscail. Chabhraigh an t-aiseolas a fuarthas le heolas a chur ar fáil maidir le beachtú na roghanna straitéiseacha agus deimhníodh leis an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhoibríoch, trédhearcach i leith pleanáil fuíolluisce fhadtéarmach.

Fuarthas 14 aighneacht agus tháinig aon téama dhéag chun cinn. Ba iad na téamaí sin:

1. Comhlíonadh Reachtaíochta agus Idirghníomhaíochtaí le Pleananna, Cláir agus Beartais
2. Idirghníomhaíochtaí Straitéise agus SEA
3. Teorainn an Limistéir Staidéir
4. Pleanáil le haghaidh Forbairt agus Fás Amach Anseo
5. Stádas Bonneagair UÉ atá ann cheana féin
6. Amchlár, acmhainní agus uaillmhian forbartha
7. Ionad Cóireála Fuíolluisce Inis Caorach (WWTP)
8. Cáilíocht Uisce agus cosaint an chomhshaoil uisce
9. Monatóireacht agus Tuairisciú
10. Foinsí Sonraí agus bearnaí eolais
11. Comhairliúchán agus Cumarsáid

Tá achoimre mhionsonraithe ar na haighneachtaí a fuarthas le linn PC1, mar aon lenár bhfreagraí agus an chaoi ar cuimsíodh an t-aiseolas sa straitéis seo, ar fáil in *Freagraí ar Chomhairliúchán Poiblí 1.*

Cinntíodh leis an gcéad chéim seo den chomhairliúchán poiblí go léiríonn an straitéis léargas saineolaithe agus taithí saoil araon in gCeantar Uirbeach na Gaillimhe, i mBaile Átha an Rí agus i Maigh Cuilinn, agus thug sí tús áite do choimircí comhshaoil agus do bhearta teacht aniar líonra a ionchorprú sa GWS, agus comhlíonadh na bpróiseas reachtúil á chinntiú ag an am céanna.

## 4.3 Comhairliúchán Poiblí 2

Tá an dara babhta den chomhairliúchán poiblí ar siúl ó mhí Bealtaine 2026 go dtí mí Iúil 2026 le foilsiú an dréacht-GWS seo. Tugtar deis do na páirtithe leasmhara uile leis an gcéim seo athbhreithniú agus trácht a dhéanamh ar an dréacht-GWS, ar an Tuarascáil SEA, agus ar an NIS. Beidh páirtithe leasmhara reachtúla agus ranna rialtais ábhartha rannpháirteach go gníomhach i rith an phróisis seo.

Reáchtálfaimid imeacht pearsanta agus seimineár gréasáin le linn na tréimhse comhairliúcháin, agus tá an dréacht-GWS agus na haguisíní teicniúla gaolmhara curtha ar fáil go poiblí lena n-athbhreithniú ar shuíomh gréasáin an dréacht-GWS (www.water.ie/GWS). Is féidir aighneachtaí foirmiúla a dhéanamh trí nasc ar an suíomh gréasáin, ríomhphost chuig consult.water.ie nó gws@water.ie, nó tríd an bpost chuig Uisce Éireann, Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe, 1 Páirc Ghnó na Gaillimhe, Bóthar Uachtarach an Chaisleáin Nua, An Daingean, Gaillimh H91 A3EF.

Déanfar athbhreithniú ar an aiseolas uile ó pháirtithe leasmhara ar an dréacht-GWS, ar an Tuarascáil SEA agus ar an NIA agus breithneofar an t-aiseolas céanna agus leaganacha deiridh de na tuarascálacha seo á n-ullmhú againn.

Áirítear na páirtithe leasmhara reachtúla seo a leanas:

- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA).
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM),
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tabharfar deis don Choimisiún um Rialáil Fóntais, mar rialtóir UÉ, chun eolas a fháil faoin GWS freisin. Cuirfear cruinnithe faisnéise ar fáil don Fhóram Uisce agus don Taisce maidir leis an dréacht-Straitéis, Tuarascáil Chomhshaoil SEA agus an NIS.

Tar éis dheireadh Chomhairliúchán Poiblí 2, cuirfimid Tuarascáil Iar-Chomhairliúcháin i dtoll a chéile ina leagfar amach an rannpháirtíocht uile a rinneadh le páirtithe leasmhara.

Tá sé i gceist an GWS deiridh a fhoilsiú i bhfómhar na bliana 2026. Agus aitheantas á thabhairt ag UÉ do nádúr dinimiciúil na ndúshlán comhshaoil agus forbartha uirbí, tá gealltanas tugtha ag UÉ athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar an GWS gach cúig bliana. Cinnteoidh an cur chuige seo go bhfanfaidh an straitéis ábhartha, éifeachtach agus inoiriúnaithe do chúinsí athraitheacha sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

# 5. Ár gCur Chuige i leith Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

## 5.1 Ár gCur Chuige

Is é cuspóir an dréacht-GWS measúnú agus tuiscint a fháil ar a bhfuil riachtanach chun freastal ar riachtanais an limistéir staidéir trasna na dtréimhsí pleanála agus roghanna a aithint chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Rinneamar measúnú ar gach ceann de na ceithre ionad cóireála fuíolluisce sa limistéar staidéir, agus cuireadh san áireamh feidhmíocht an bhonneagair, acmhainn, an íogaireacht chomhshaoil mar aon le brúnna fáis amach anseo. Lig sé seo do chur chuige spriocdhírithe agus fianaisebhunaithe a bheith ann, rud a chinntigh go raibh tuiscint shoiléir ar na riachtanais, na dúshláin agus na srianta sonracha agus gur tugadh aghaidh orthu trí na réitigh fhadtéarmacha a moladh maidir le fuíolluisce.

Forbraíodh an dréacht-GWS trí phróiseas soiléir, céim ar chéim a leanann dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áiríodh leis an gcur chuige:

- Measúnú a dhéanamh ar líonraí reatha agus ar bhonneagar cóireála fuíolluisce chun réimsí a aithint ina bhfuil saincheisteanna feidhmíochta agus rioscaí ann, ag baint úsáid as sonraí tomhaiste agus samhaltaithe 2025.
- Riachtanais fuíolluisce sa cheantar staidéir amach anseo a réamh-mheas, agus fás daonra agus athrú aeráide á gcur san áireamh sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma le measúnuithe ag 2040, 2055 agus 2080.
- Úsáid a bhaint as ardsamhaltú líonra fuíolluisce agus cáilíochta uisce chun tuiscint a fháil ar fheidhmíocht an chórais fuíolluisce le himeacht ama agus ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn sé leis an timpeallacht ghlactha.
- Measúnú a dhéanamh ar rioscaí maidir le comhlíonadh comhshaoil agus feidhmíocht chórais ach úsáid a bhaint as méadracht feidhmíochta comhsheasmhacha agus creat rioscabhunaithe Dearg-Ómra-Glas.
- Na bunchúiseanna le rioscaí reatha agus rioscaí amach anseo a aithint trí anailís mhionsonraithe agus ionchur ó shaineolaithe, chun a shainiú go soiléir an áit a bhfuil infheistíocht ag teastáil.
- Raon réiteach féideartha a fhorbairt agus a mheasúnú trí phróiseas struchtúrtha um measúnú roghanna agus measúnaithe ilchritéar, as a dtiocfaidh sainaithint na gcur chuige straitéiseach agus na moltaí is fearr.
- Gearrliosta straitéisí indéanta a fhorbairt le tréimhse phleanála shainithe, agus aird á tabhairt ar inseachadacht, ailíniú le cuspóirí fadtéarmacha, agus comhtháthú le bonneagar atá ann cheana féin.

Léirítear ár gcur chuige straitéiseach i leith pleanáil fhadtéarmach i

Fíor 5-1. Leagtar amach sa chuid thíos an próiseas a leanamar agus an chaoi ar chuireamar na prionsabail seo i bhfeidhm maidir le forbairt an GWS.




**Fíor 5-1: Ár gCur Chuige Straitéiseach**

## 5.2 Ailíniú na Straitéise leis an bPlean Limistéar Draenála

Aithníonn an dréacht-GWS an tábhacht a bhaineann le pleanáil ghearrthéarmach, ar leibhéal taicticiúil a chuirtear i bhfeidhm trí Phlean Limistéar Draenála Chathair na Gaillimhe (DAP). Feidhmíonn DAP Chathair na Gaillimhe ar scála pleanála níos taicticiúla ar leibhéal sócmhainní agus déanfaidh treo straitéiseach agus na roghanna is fearr a shainaithnítear laistigh den GWS eolas don DAP.

Prionsabal lárnach den dréacht-GWS seo is ea gur cheart d'idirghabhálacha a bheith forásach agus comhtháite agus gur cheart teacht aniar a bheith iontu. Ba cheart go mbeadh bearta a chuirtear i bhfeidhm inniu in ann ailíniú leis na bearta a bheidh ag teastáil i dtréimhsí pleanála amach anseo gan stró, rud a sheachnóidh an gá le hathdhearthaí costasacha nó suaiteacha. Dá bhrí sin, beidh gá céimeanna a ghlacadh chun an DAP a ailíniú le cur i bhfeidhm ardleibhéil na Straitéise.

## 5.3 Modheolaíocht

Tá próiseas cúig chéim struchtúrtha i gceist leis an gcur chuige, a dearadh chun treoir a thabhairt d'fhorbairt roghanna fuíolluisce inbhuanaithe, fianaisebhunaithe don Limistéar Staidéir. Tugann an mhodheolaíocht seo, a léirítear i bhFíor 5-3, creat soiléir córasach chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais reatha agus riachtanais amach anseo, dúshláin agus deiseanna a aithint, agus tosaíocht a thabhairt do chinntí infheistíochta a thacaíonn le teacht aniar fadtéarmach seirbhíse agus cosaint an chomhshaoil. Tá achoimre ar na tascanna a rinneadh i ngach céim ar fáil sna míreanna thíos agus le haghaidh forbhreathnú mionsonraithe ar an bpróiseas seo, féach *Aguisín 5 - Measúnú Roghanna agus Forbairt Roghanna Féideartha*.




**Fíor 5-3: Modheolaíocht GWS**

**Measúnú Rioscaí Bonnlíne:** Dírítear sa chéim seo ar fheidhmíocht reatha gach ceirtleáin a mheas. Tá an measúnú bunaithe ar shonraí tomhaiste agus samhaltaithe, ag baint úsáid as 2022 mar an bhonnlíne. Déantar measúnú ar raon méadracht feidhmíochta agus sanntar stádas riosca dóibh (Dearg, Ómra, Glas). Tacaíonn sé seo le sainaithint na saincheisteanna níos ábhartha a gcaithfear réiteach a fháil orthu agus cé go meastar go bhfuil an cineál seo aicmithe oiriúnach le haghaidh pleanála ar leibhéal straitéiseach, bheadh gá le measúnuithe riosca níos scagtha ag céimeanna deartha níos mionsonraithe níos déanaí. Breathnaítear sa mheasúnú riosca ar shaincheisteanna ar fud sócmhainní fuíolluisce, rud a chuireann ar ár gcumas smaointeoireacht chórasach a chur i bhfeidhm agus dearcadh iomlánaíoch a ghlacadh chun bunchúis na bhfadhbanna a aithint.

**Riachtanais Amach Anseo a Thástáil:** Thógamar ar an measúnú riosca bonnlíne chun rioscaí pleanála fadtéarmaí a aithint. Ag baint úsáid as samhlacha líonra agus cáilíochta uisce, rinneamar réamh-mheastachán ar thionchar fáis agus an athraithe aeráide ar ár líonraí agus ar ár n-oibreacha cóireála. Rinneamar samhaltú ar na tionchair agus ghabhamar an fheidhmíocht a

bhfuiltear ag súil léi ag trí thréimhse ama ar leith – 2040, 2055 agus 2080. Rinneamar feidhmíocht ár sócmhainní a réamh-mheas ag baint úsáid as méadracht a bhí comhsheasmhach. Chuireamar an stádas riosca céanna i bhfeidhm agus a úsáideadh sa mheasúnú riosca bonnlíne chun measúnú comparáideach a thabhairt dúinn ar an áit agus an uair a thiocfadh rioscaí chun cinn.

**Anailís Bhunchúise:** Ag baint úsáid as ár measúnú riosca agus ár samhaltú bonnlíne, cheistíomar na samhlacha agus chuaigh muid i gcomhairle le saineolaithe ábhair inmheánacha chun bunchúis na rioscaí a sainaithníodh a aithint. Bhí na bunchúiseanna seo mar bhunús lenár liosta riachtanas sula ndeachamar i mbun mheasúnú na roghanna.

**Measúnú Roghanna:** Forbraíodh fadliosta tosaigh, gan srian, de roghanna féideartha i gcomhar le páirtithe leasmhara, agus ansin rinneadh scagadh orthu ag leibhéal straitéiseach (.i., limistéar staidéir an GWS) agus ina dhiaidh sin ag leibhéal ceirtleáin. Bhí an beachtú seo bunaithe ar indéantacht theicniúil agus inmharthanacht gach rogha chun an riosca a sainaithníodh a réiteach. Cuireadh an scagadh seo i gcrích i gceardlann straitéise inar phléigh samhaltóirí, pleanálaithe, dearthóirí, innealtóirí, eolaithe, oibreoirí líonra agus ionaid, agus speisialtóirí teicniúla (m.sh., Éiceolaíocht, Hidreolaíocht) na roghanna agus ina ndearna siad gearrliosta díobh. Is é atá mar thoradh air sin ná liosta de na roghanna uile a d'fhéadfadh tacú le riachtanais an réigiúin.

**Gearrliosta de Roghanna Féideartha:** Rinneadh meastóireacht bhreise ar na roghanna agus béim á leagan ar inseachadacht, ailíniú le cuspóirí fadtéarmacha, agus comhtháthú le bonneagar atá ann cheana féin. Ba é an toradh gearrliosta de roghanna féideartha do gach ceirtleán agus tréimhse dhearaidh. Rinneadh measúnú ar gach rogha fhéideartha ó thaobh an chomhshaoil agus na héiceolaíochta de chun comhsheasmhacht le ceanglais rialála agus le prionsabail inbhuanaitheachta a chinntiú mar chuid den phróiseas SEA agus AA.

## 5.4 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Doiciméadaítear sa *Tuarascáil Timpeallachta ar an Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA)* measúnú timpeallachta ar an dréacht-GWS. Is é cuspóir foriomlán Threoir an SEA ardleibhéal cosanta comhshaoil a chinntiú trí bhreithnithe comhshaoil a chomhtháthú go córasach i bhforbairt, i measúnú agus i nglacadh pleananna agus clár, agus ar an gcaoi sin forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus cinnteoireacht eolach, thrédhearcach a chothú.

Tá tionchar ag an bpróiseas SEA ar an bplean agus chabhraigh sé lena mhúnlú. Chun forbhreathnú mionsonraithe a fháil ar an bpróiseas seo, féach ar an *Tuarascáil Timpeallachta ar an Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA)*. Rinneadh achoimre bhreise ar thionchar an SEA i gCuid 10 den tuarascáil seo.

# 6. Measúnú Feidhmíochta Reatha

Chun na riachtanais straitéiseacha agus na spreagthaí ar fud an chórais fuíolluisce a aithint, chuireamar modh comhsheasmhach measúnaithe i bhfeidhm i ngach ceann de na tréimhsí pleanála don todhchaí. Chun tacú le hidirghabhálacha éifeachtacha a shainaithint, shainaithin muid bunchúis na bhfadhbanna ionas go mbeidh ár roghanna spriocdhírithe agus cost-éifeachtach.

D'aithníomar réimse táscairí a shainaithníonn rioscaí reatha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn ag na WWTPanna, teorainneacha acmhainne sa líonra agus rioscaí comhshaoil. Baineadh úsáid as sonraí reatha agus le déanaí inár measúnú bonnlíne chun ár dtuairim bonnlíne ar fheidhmíocht a threorú. Tá ár measúnú ar rioscaí agus ar fheidhmíocht amach anseo sa réigiún bunaithe ar aschuir shamhaltaithe, a chuireann réamh-mheastacháin fáis agus athraithe aeráide san áireamh (féach Cuid 7 sa tuarascáil seo).

Sna codanna seo a leanas leagaimid amach na táscairí feidhmíochta agus na tairseacha riosca a sainaithníodh.

## 6.1 Táscairí Feidhmíochta

Bhreithnigh ár measúnú ar fheidhmíocht léargas iomlánaíoch ar gach sócmhainn fuíolluisce agus a dtionchar ar an gcomhshaol. Baineadh úsáid as sraith méadrachta chun na rioscaí a bhaineann le gach ceirtleán laistigh den limistéar staidéir a ghabháil. Roghnaíodh táscairí feidhmíochta bunaithe ar infhaighteacht sonraí, oiriúnacht na sonraí mar tháscaire feidhmíochta, agus an tionchar ar chustaiméirí nó ar an gcomhshaol. Féach ar *Aguisín 3 – Stádas agus Feidhmíocht an Chórais Fuíolluisce* le sonraí a fháil.

Léirítear na táscairí feidhmíochta do gach ceirtleán thíos.

**<u>Ceirtleán Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe)</u>**

| | *Líonra* | | | | | *Ionad Cóireála Fuíolluisce* | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ***Cathair na Gaillimhe*** | **Riosca Tuilte**[1] (# as fo-dhobharcheantar) | | | **Forsceitheadh Stoirme** PCRSWO[2] | **Forsceitheadh Stoirme** rUWWTD[3] | **Acmhainn Fuíolluisce** | **Comhlíonadh WWDL** |
| | 3 | 3 | 27 | | | | |
| 2040 | 7 | 4 | 22 | | | | |
| 2055 | 11 | 4 | 18 | | | | |
| 2080 | 11 | 4 | 18 | | | | |

*1. Tagraíonn Dearg, Ómra agus Glas do Bhaol Ard, Meánach agus Íseal Tuilte, faoi seach. Is ionann an uimhir sa bhosca agus líon na bhfo-dhobharcheantar atá i gceist sa tsamhail*
*2. Measúnú é seo in aghaidh na gcritéar reatha feidhmíochta SWO (PCRSWOanna).*
*3. Measúnú todhchaí é seo in aghaidh an chuspóra tháscaigh neamhcheangaltaigh in Iarscríbhinn 5 den rUWWTD (cuspóir 2% ualach caillte).*

**Fíor 6-1: Achoimre ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta do Cheirtleán Chathair na Gaillimhe**

## Ceirtleán Bhaile Átha an Rí




*1. Tagraíonn Dearg, Ómra agus Glas do Bhaol Ard, Meánach agus Iseal Tuilte, faoi seach. Is ionann an uimhir sa bhosca agus líon na bhfo-dhobharcheantar atá i gceist sa tsamhail*
*2. Measúnú é seo in aghaidh na gcritéar reatha feidhmíochta SWO (PCRSWOanna).*
*3. Measúnú todhchaí é seo in aghaidh an chuspóra tháscaigh neamhcheangaltaigh in Iarscríbhinn 5 den rUWWTD (cuspóir 2% ualach caillte).*

**Fíor 6-2: Achoimre ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta do Cheirtleán Bhaile Átha an Rí**

## Ceirtleán Bhaile Chláir




*1. Tagraíonn Dearg, Ómra agus Glas do Bhaol Ard, Meánach agus Iseal Tuilte, faoi seach. Is ionann an uimhir sa bhosca agus líon na bhfo-dhobharcheantar atá i gceist sa tsamhail*
*2. Measúnú é seo in aghaidh na gcritéar reatha feidhmíochta SWO (PCRSWOanna).*
*3. Measúnú todhchaí é seo in aghaidh an chuspóra tháscaigh neamhcheangaltaigh in Iarscríbhinn 5 den rUWWTD (cuspóir 2% ualach caillte).*

**Fíor 6-3: Achoimre ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta do Cheirtleán Bhaile Chláir**

## Ceirtleán Mhaigh Cuilinn

| Maigh Cuilinn | Líonra | | | | | Ionad Cóireála Fuíolluisce | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Riosca Tuilte[1] (# as fo-dhobharcheantar) | | | Forsceitheadh Stoirme | | Acmhainn Fuíolluisce | Comhlíonadh WWDL |
| | | | | PCRSWO[2] | rUWWTD[3] | | |
| | 3 | 3 | 27 | | | | |
| 2040 | 7 | 4 | 22 | | | | |
| 2055 | 11 | 4 | 18 | | | | |
| 2080 | 11 | 4 | 18 | | | | |

1. *Tagraíonn Dearg, Ómra agus Glas do Bhaol Ard, Meánach agus Iseal Tuilte, faoi seach. Is ionann an uimhir sa bhosca agus líon na bhfo-dhobharcheantar atá i gceist sa tsamhail*
2. *Measúnú é seo in aghaidh na gcritéar reatha feidhmíochta SWO (PCRSWOanna).*
3. *Measúnú todhchaí é seo in aghaidh an chuspóra tháscaigh neamhcheangaltaigh in Iarscríbhinn 5 den rUWWTD (cuspóir 2% ualach caillte).*

**Fíor 6-4: Achoimre ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta do Cheirtleán Mhaigh Cuilinn**

Pléadh táscairí feidhmíochta cóireála fuíolluisce in *Aguisín 3 - Stádas agus Feidhmíocht an Chórais Fuíolluisce*. Tugann siad seo forbhreathnú ar gach WWTP, a ELVanna reatha agus féideartha agus aon rioscaí hiodrálacha agus feidhmíochta gaolmhara. Rinneadh measúnú ar riosca agus teacht aniar gach WWTP amach anseo chun moladh a dhéanamh maidir le próifíl chóireála gach WWTP chun eolas a dhéanamh don phróiseas um measúnú roghanna a rinneadh laistigh *d'Aguisín 5: Ár gCur Chuige maidir le Measúnú Roghanna agus Forbairt Rogha Féideartha.*

# 7. Cur Chuige i leith an tSamhaltaithe

Tá líonra sócmhainní fuíolluisce a bhailíonn, a iompraíonn agus a chóireálann fuíolluisce (agus uisce stoirme ó am go chéile) ag freastal ar limistéar staidéir an dréacht-GWS. Áirítear leis na príomhchomhpháirteanna ceithre Phríomhionad Cóireála Fuíolluisce (WWTPanna): Inis Caorach, Baile Átha an Rí, Maigh Cuilinn, agus Baile Chláir. Oibríonn na saoráidí cóireála seo ag acmhainneachtaí éagsúla agus tá ról ríthábhachtach acu maidir le comhlíonadh na gcaighdeán comhshaoil a chinntiú. Áirítear leis an líonra freisin breis is 50 stáisiún caidéalaithe, córas casta de shéaraigh dhomhantarraingthe agus chaidéalaithe, agus an-chuid Draenacha Uisce Stoirme Forsceite (SWOnna).

Tá dhá phríomhghné sa samhaltú a rinneadh chun tacú leis an GWS. Is iad seo a leanas na príomhghnéithe:

1. **Samhaltú Líonra** (lena n-áirítear líonraí córas séarachais) – chun na córais draenála phíobaithe a mhacasamhlú a bhailíonn sreabhadh agus ualach a ghintear laistigh de na ceirtleáin spéise agus measúnú a dhéanamh ar an eisilteach cóireáilte, ar fheidhmíocht na ndraenacha uisce stoirme forsceite chomh maith le tuilte séarachais.

2. **Samhaltú Cáilíochta Uisce** (lena n-áirítear tionchair ar dhobharlaigh) – chun tionchair agus buntáistí roghanna straitéiseacha a mheas ar uiscí fionnuisce agus cósta araon leis na hionchuir ó shonraí monatóireachta breathnaithe agus aschuir samhla líonra.

Pléitear iad seo níos mine sna codanna faoi seach thíos.

## 7.1 Samhaltú líonra

Tá samhlacha líonra ag teastáil le haghaidh córais draenála atá idir mhóra agus chasta amhail córas Chathair na Gaillimhe. Mar sin féin, i gceirtleáin níos lú amhail Maigh Cuilinn agus Baile Chláir, is féidir gur leor an fhaisnéis mhonatóireachta atá ar fáil ag an WWTP chun feidhmíocht a mheas. Níl na córais draenála chomh fairsing agus dá bhrí sin tá samhail níos simplithe ag teastáil uathu. Tugtar forbhreathnú in Tábla  ar an gcur chuige samhaltaithe a glacadh do gach ceirtleán sa limistéar staidéir agus tá tuilleadh sonraí le fáil in *Aguisín 2 – Ár gCur Chuige i leith an tSamhaltaithe agus an Athraithe Aeráide.*

**Tábla 7-1 Forbhreathnú ar an gCur Chuige Samhaltaithe de réir Ceirtleáin sa GWS**

| Ceirtleán | Samhaltú líonra | Monatóireacht WWTP | Cáilíocht Fionnuisce | Samhaltú Caolaithe Tosaigh Cósta |
|---|---|---|---|---|
| **Cathair na Gaillimhe** | ☑ | ☑ | ☒ | ☑ |
| **Baile Átha an Rí** | ☑ | ☑ | ☑ | ☒ |
| **Baile Chláir na Gaillimhe** | ☑ | ☑ | ☑ | ☒ |
| **Maigh Cuilinn** | ☑ | ☑ | ☑ | ☒ |

Rinneadh monatóireacht sreafa ar shamhlacha hiodrálacha Chathair na Gaillimhe, Bhaile Átha an Rí agus Mhaigh Cuilinn sa líonra agus rinneadh fíorú orthu i gcoinne sonraí breathnaithe chun sreafaí aimsire tirime agus aimsire báistí araon a léiriú.

Soláthraíonn **sreabhadh aimsire tirime** meastachán ar an sreabhadh fuíolluisce bonnlíne i gcóras séarachais, gan rith chun srutha stoirme a áireamh. Feidhmíonn sé mar bhonnlíne le haghaidh pleanáil acmhainne. Cuirtear san áireamh sa sreabhadh aimsire tirime samhaltaithe na hualaí réamh-mheasta ó shonraí daonra, agus na sreafaí trádála samhaltaithe atá ann cheana féin le haghaidh eisilteach trádála agus sceitheadh tráchtála ceadaithe. Baineadh úsáid as comhpháirt insíothlaithe thairiseach (bunsreabh) agus rinneadh í a fhíorú bunaithe ar shonraí a bailíodh in 2019.

Gintear sreafaí **aimsire báistí** ach úsáid a bhaint as rith chun srutha báistí samhaltaithe. Baineadh úsáid as sraith báistí 10 mbliana chun measúnuithe doirte SWO a dhéanamh. Baineadh úsáid as sraith d'imeachtaí báistí deartha samhraidh le tréimhsí fillte de mhí amháin (fad 1 uair an chloig amháin), 1 bhliain, 2 bhliain, 5 bliana, 10 mbliana, 20 bliain, 30 bliain agus faid chaighdeánacha de 30, 60, 90, 120, 240, 480 nóiméad.

Is féidir le **hiontráil taoide** tarlú i líonraí séarachais mar gheall ar ardleibhéil uisce i ndobharlaigh máguaird agus i gconairí sreafa isteach sa líonra séarachais. Léirigh na sonraí monatóireachta comharthaí d'iontráil taoide isteach i líonra séarachais Chathair na Gaillimhe. Úsáideadh léiriú ar lán mara le linn imeachtaí aimsire báistí sa staidéar seo i gcomhréir leis an anailís a rinneadh le linn DAP Chathair na Gaillimhe. Léirítear leis seo cur chuige coimeádach bunaithe ar an dóchúlacht íseal go mbeidh lán mara ann ag an am céanna le tarluithe dianbháistí.

## 7.2 Samhaltú Cáilíochta Uisce

Breithnítear leis an anailís cáilíochta uisce feidhmíocht na bpríomhionad cóireála fuíolluisce agus na ndraenacha uisce stoirme forsceite, agus tionchair na sceite seo ar uiscí glactha. Rinneadh samhaltú cáilíochta uisce do thimpeallachtaí fionnuisce agus cósta araon. Rinneadh measúnú ar cheithre chás: trí cinn a léiríonn réamh-mheastacháin fáis éagsúla agus ceann amháin a chuireann tionchair fhéideartha an athraithe aeráide san áireamh.

Leagtar amach sna codanna seo a leanas na modhanna samhaltaithe, na cinntithigh spéise agus na caighdeáin a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar sceitheadh fuíolluisce sna dobharlaigh ghlactha.

Rinneadh measúnú ar **thionchar an eisiltigh deiridh** ó na WWTPanna ar an dobharlach glactha agus aicmiú an WFD á chur san áireamh. Baineadh úsáid as samhaltú chun a chinneadh cé acu a bhí an sceitheadh ag cloí le caighdeáin WFD nó nach raibh, agus ar na ELVanna féideartha a bheadh ag teastáil chun na caighdeáin a bhaint amach sa chás nach raibh. Ach measúnú a dhéanamh ar an eisilteach deiridh, agus ar shreabhadh agus cáilíocht na habhann, bhíomar in ann an tionchar ar shruthchúrsaí glactha a mheas chun eolas a dhéanamh do chásanna amach anseo le haghaidh measúnú roghanna. Rinneadh measúnú ar sceite ó cheirtleáin Bhaile Átha an Rí, Mhaigh Cuilinn agus Bhaile Chláir.

Rinneadh samhaltú ar thionchar **sceite eadrannacha** chuig fionnuisce i gcás gach SWO inar sceitheadh ar feadh níos mó ná 1% den bhliain. Úsáideann na measúnuithe doirte SWO

ionsamhlaithe agus sonraí deiridh eisiltigh agus samhaltaítear leis meascadh an sceite seo le samplaí ionadaíocha go staitistiúil de shreabhadh agus cáilíocht na habhann. Ansin, cuirtear an meascán sin isteach i samhail shimplí abhann, a ionsamhlaíonn aistriú an mheascáin síos an abhainn chun a fháil amach an féidir le haibhneacha agus canálacha leanúint de chaighdeáin WFD a chomhlíonadh anois agus amach anseo, lena n-áirítear faoi dhálaí fáis agus athraithe aeráide méadaithe.

# 8. Riachtanais Amach Anseo a Thástáil

## 8.1 Réamh-Mheastacháin Fáis

Tá sé mar aidhm ag an GWS a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainne cóireála fuíolluisce laistigh den limistéar staidéir chun freastal ar an éileamh fáis a bhfuiltear ag súil leis go dtí an bhliain 2080. Chun riachtanais amach anseo a aithint go cruinn, ní mór dúinn meastacháin daonra amach anseo a mheas agus éilimh tráchtála aitheanta amach anseo a chur san áireamh do gach ceirtleán laistigh den limistéar staidéir. Rinneamar ceithre réamh-mheastachán daonra ar leith, chun meastachán a dhéanamh ar na hualaí réigiúnacha ag an WWTP ag trí phríomhthréimhse dhearaidh – 2040, 2055 agus 2080. Bhreithnigh muid ualach baile, ualach tráchtála, ualach institiúideach agus ualach tionsclaíoch (leagtar tuilleadh sonraí amach in *Aguisín 1 – Fás a Bhainistiú)*.

Faoi láthair, ní sholáthraíonn Uisce Éireann seirbhísí fuíolluisce do roinnt ceantar ar imeall an Limistéir Staidéir, lena n-áirítear na Forbacha, Droichead an Chláirín, Creachmhaoil agus Cill Cholgáin, áiteanna a ndéantar formhór na cóireála fuíolluisce trí dhabhcha séarachais príobháideacha ag maoine aonair. Cuireadh na hualaí réamh-mheasta do na ceantair seo san áireamh, atá sách beag ó thaobh scála de i gcomparáid le codanna eile den limistéar staidéir, mar lamháltas teagmhais i bhforbairt rogha an GWS chun críocha méide bonneagair mar gheall ar an bhféidearthacht go ndéanfar nasc amach anseo leis na córais bailithe agus cóireála fuíolluisce phoiblí ag pointe éigin amach anseo.

### 8.1.1. Réamh-mheastacháin Ráta Fáis Bliantúlaithe

Ar fud na tuarascála, tá an bhliain bhunlíne do na réamh-mheastacháin daonra socraithe ag 2022. Cuireadh measúnú mionsonraithe i gcrích chun meastóireacht a dhéanamh ar an daonra ceirtleáin agus dobharcheantair atá ann faoi láthair, trí úsáid a bhaint as na sonraí is déanaí atá ar fáil ó dhaonáireamh 2022[5] ón bPríomh-Oifig Staidrimh, mar aon le hualú tionscail agus tráchtála atá ar fáil i láthair na huaire. Chomh maith leis sin, rinneamar athbhreithniú ar shonraí daonáirimh ó 2002-2022, chun teacht ar thuiscint ar na treochtaí daonáirimh a bhí mar bhonn leis an ualú atá ann i láthair na huaire. Idir 2022 agus 2025, chuireamar rátaí fáis réigiúnacha i bhfeidhm chun réamh-mheastacháin a thabhairt gar do bhliain foilsithe na Straitéise.

Le fáil sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus ina fhothacar, an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES), tá réamh-mheastacháin suas go dtí an bhliain 2040 ina gclúdaítear tréimhse dearaidh thosaigh an tionscadail freisin. Tá na réamh-mheastacháin seo ailínithe sa ghearrthéarma (suas go dtí 2031) le spriocanna Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe.

Idir 2031 agus 2040, baineadh úsáid as ráta fáis measta NPF agus RSES de 0.84% sa bhliain. Idir 2040 agus 2055, baineadh úsáid as réamh-mheastacháin 2015 CSO de 0.73% sa bhliain. Idir 2055 agus 2080, baineadh úsáid as ráta fáis réamh-mheasta Eurostat 2100 de 0.22% sa bhliain. De réir EUROPOP2023, agus ag brath ar imirce ghlan, d'fhéadfadh fás daonra leanúnach a bheith le tabhairt faoi deara in Éirinn sa chéad leath den aois, agus d'fhéadfadh cobhsaíocht a bheith le tabhairt faoi deara ansin agus meath níos faide anonn san aois b'fhéidir.

### 8.1.2. Láithreáin Straitéiseacha na Gníomhaireachta Forbartha Tionscail

Laistigh de dhréachtlimistéar staidéir GWS, tá féidearthacht ag baint le trí láithreán lena mbaineann suntasach straitéiseach chomh fada is a bhaineann le forbairt tionscail i rith thréimhse ama réamh-mheasta na straitéise. Tá na suíomhanna seo, atá faoi úinéireacht IDA, le fáil in An Pháirc Mhór (Cathair na Gaillimhe), Órán Mór agus Baile Átha an Rí. Rinneadh meastachán maidir le tionchar réamh-mheasta an ualaithe fuíolluisce a bhfuiltear ag súil leis ag gach láithreán tríd an ualú seo a chur san áireamh i réamh-mheastacháin Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe) chun críche roghanna straitéiseacha a fhorbairt.

I ndáil le forbairt roghanna, rinneadh machnamh ar ualú IDA bunaithe ar an tréimhse go dtí 2040, atá aitheanta mar gharsprioc shuntasach chomh fada is a bhaineann le cur chun feidhme éifeachtach mholtaí na straitéise. Táthar ag súil le agus tá nascadh iomlán ualú IDA réamh-mheasta faoin mbliain 2055. Fad is a bheidh an straitéis á cur chun feidhme suas go dtí 2040, déanfar measúnú ar gach úsáid sceite tionscail i gcomparáid le hacmhainn bhitheolaíoch agus hiodrálach atá ar fáil i ngach ceirtleán.

### 8.1.3. Lamháil ar Fáil

Glactar le lamháil mar an acmhainn chóireála bhreise atá ar fáil sa chéim bhitheolaíoch d'ionad cóireála fuíolluisce (WWTP) sa bhreis ar an méid atá in úsáid i láthair na huaire. Is dea-chleachtas caighdeánach tionscail é sin i ndearadh agus i mbreithmheas sócmhainní fuíolluisce agus tagraíonn sé don mhéid breise ualaigh orgánaigh (BOD/COD), amóinia nó sreabhaidh is féidir leis an bpróiseas bitheolaíoch a láimhseáil sula mbíonn an t-ualach rómhór. Glactar le lamháil mar an farasbarr idir an t-ualú bitheolaíochta i láthair na huaire (an méid atá á chóireáil san ionad i láthair na huaire) agus an acmhainn bhitheolaíoch inbhuanaithe uasta (an méid is féidir leis an mbithmhais a chóireáil i gceart gan teorainneacha ceada a shárú).

I gcás Chathair na Gaillimhe, áit atá ainmnithe mar lonnaíocht uirbeach mhór, tá liúntas lamhála de 20% curtha chun feidhme agus tá bunús lena leithéid i gceirtleáin mhóra mar gheall ar an éiginnteacht a bhaineann le hinsilteach a chruthaíonn líon níos mó foinsí. Is ceirtleáin níos lú ná Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe) iad Baile Átha an Rí, Baile Chláir agus Maigh Cuilinn, agus tá liúntas lamhála de 15% leithdháilte dóibh sin. Glacadh leis an gcur chuige seo mar gheall ar an tréimhse réamh-mheastacháin níos faide chun teacht aniar oiriúnach a chinntiú i bpleanáil bonneagair fuíolluisce don Straitéis.

### 8.1.4. Torthaí an Mheastacháin Fáis

Go hachomair, meastar go méadóidh an PE iomlán atá le cóireáil níos mó ná dhá oiread go dtí 383,000 faoin mbliain 2080, féach ar Tábla 8-1.

**Tábla 8-1 Achoimre ar PE in aghaidh an cheirtleáin agus ar Thréimhse na Straitéise**

| Ceirtleán | 2022 Bunlíne | 2040 Tréimhse | 2055 Tréimhse | 2080 Tréimhse |
|---|---|---|---|---|
| Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe) | 143,800 | 249,400 | 335,900 | 350,200 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Baile Átha an Rí | 6,600 | 11,900 | 13,200 | 13,800 |
| Baile Chláir na Gaillimhe | 2,700 | 5,700 | 6,400 | 6,700 |
| Maigh Cuilinn | 2,700 | 3,900 | 4,400 | 4,600 |
| Na Forbacha | 1,400 | 1,900 | 2,100 | 2,200 |
| Droichead an Chláirín | 1,200 | 1,900 | 2,200 | 2,300 |
| Creachmhaoil | 1,500 | 2,400 | 2,700 | 2,800 |
| Cill Cholgáin | 400 | 600 | 700 | 700 |
| **Iomlán** | **160,300** | **277,700** | **367,600** | **383,300** |

Is i suíomhanna in oirthear Chathair na Gaillimhe den chuid is mó a bheidh na hualaí breise seo (réamh-mheasta mar 82%). Féach Fíor 8-1.




**Fíor 8-1 Forbhreathnú ar an méadú réamh-mheasta ar an ualach baile agus neamhbhaile a breithníodh ar fud an GWS**

Tá leithdháileadh spásúil ar an ualú réamh-mheasta déanta sa limistéar staidéir do gach tréimhse ama shonrach, ailínithe le beartais forbartha thábhachtacha, léarscáileanna criosaithe, straitéisí talamhúsáide, máistirphleananna agus na forálacha a bunaíodh laistigh de Phleananna Forbartha Chomhairle Cathrach agus Contae na Gaillimhe. Tá an cur chuige seo ag teacht le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála maidir le Dlúthfhás, Fás Cliste agus Inbhuanaithe, agus san áireamh ann tá tuairimí bailithe i ndiaidh rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a raibh baint ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus ag údaráis áitiúla léi.

De réir meastachán uasteorann, tugann an anailís le fios, in éagmais uasghrádaithe, go bhfuiltear ag súil go sáróidh Inis Caorach (a fhreastalaíonn ar Chathair na Gaillimhe, Bearna agus Órán Mór) agus Baile Átha an Rí a n-acmhainn deartha faoi thréimhse dhearaidh 2040, faoi 46% agus 23% faoi seach.

Meastar go sáróidh Maigh Cuilinn agus Baile Chláir a n-acmhainn deartha reatha *beagán*, faoi 8% agus 5% faoi 2055. Táthar ag súil go bhfanfaidh na ceirtleáin dheireanacha seo ag feidhmiú go dtí 2080, ag brath ar mhonatóireacht leanúnach ar fhás straitéiseach, feabhsuithe bonneagair spriocdhírithe agus tionscnaimh barrfheabhsaithe acmhainne chun sócmhainní atá ann cheana a uasmhéadú, faoi réir samhaltú mionsonraithe agus faomhadh breise laistigh den Straitéis. Moltar go ndéanfaí samhaltú níos mionsonraithe i Maigh Cuilinn chun cinneadh cruinn a dhéanamh maidir le haon amlíne uasghrádaithe.

Léiríonn na réamh-mheastacháin fáis go mb'fhéidir go mbeidh infheistíocht shuntasach ag teastáil i gceirtleáin Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe) agus Bhaile Átha an Rí araon, rud a chuireann béim ar an tábhacht a bhaineann le gníomh pras le linn phróiseas forbartha roghanna na Straitéise.

### 8.1.5. Neamhchinnteacht

Ba cheart a chur san áireamh go bhfuil éiginnteacht ag baint le réamh-mheastacháin daonra, agus gur baineadh úsáid as chur chuige cúramach agus coimeádach de bhrí go bhfuil tréimhse deartha shuntasach suas go dtí 2080 i gceist. I gcleachtas, ciallaíonn sé sin go bhfuil pleananna bonneagair deartha chun freastal ar réamh-mheastacháin daonra níos airde, chun teacht aniar a chinntiú in aghaidh athruithe déimeagrafacha nach bhfuiltear ag súil leo. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag fachtóirí éagsúla ar fhás daonra agus mar gheall air sin, déanfar athmheastóireacht ar réamh-mheastacháin daonra chun sonraí nua ó Dhaonáireamh CSO a chur san áireamh i rith na leasuithe cúig bliana ar an Straitéis.

## 8.2 Athrú Aeráide

Tá achoimre le fáil sa chuid seo ar an tslí a bhfuil measúnú déanta ar dhúshláin bhonneagair fuíolluisce, a bhaineann le brú ón athrú aeráide, mar chuid den Straitéis.

Tá úsáid bainte againn as Measúnú Riosca Náisiúnta Athraithe Aeráide (NCCRA)[2] na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil chun foinsí sonraí iontaofa maidir le coinníollacha aeráide réamh-mheasta in Éirinn a aithint. Cuireann tionscadal TRANSLATE[3], arna fhorbairt ag Met Éireann, sraith chaighdeánaithe de réamh-mheastacháin aeráide agus seirbhísí atá ceartaithe de réir claontachta ar fáil atá oiriúnaithe d'Éirinn agus is féidir teacht orthu trí thairseach TRANSLATE

Met Éireann (Tionscadal TRANSLATE). Úsáidtear Réamh-Mheastacháin Aeráide na Ríochta Aontaithe 2018 (UKCP18) chun rioscaí tuilte cósta a mheas agus chun bonn eolais a chur ar fáil do straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar thionchair fhéideartha ar bhonneagar agus ar ghnáthóga cósta in Éirinn.

Moltar in NCCRA gur cheart trí thréimhse ama sa 21ú haois (2030, 2050 agus 2100) agus dhá chás ina mbíonn tiúchaintí athraitheacha gás ceaptha teasa, ar a dtugtar Conairí Tiúchana Ionadaíocha (RCP), a bhreithniú i measúnuithe riosca maidir le hathrú aeráide. Sonraítear in RCPanna amlíne maidir le fórsáil radantach atmaisféarach a fhorbróidh go dtí an bhliain 2100, agus sonraítear in NCCRA gur cheart RCP4.5 agus RCP8.5 a bhreithniú, arb ionann iad agus leibhéal meánach astaíochtaí agus leibhéal ard astaíochtaí, faoi seach.

I gcás GWS, d'úsáideamar réamh-mheastacháin 2100 dár dtréimhse dhearaidh 2080 agus réamh-mheastacháin 2050 dár dtréimhse dhearaidh 2055 do leibhéil astaíochtaí RCP4.5 agus RCP8.5 araon. Fanann an difríocht idir cásanna RCP4.5 agus RCP8.5 réasúnta beag go dtí 2030, rud a léiríonn go bhfuil méid an téimh ón lá inniu go dtí 2030 sách beag. Níor cuireadh réamh-mheastacháin athraithe aeráide i bhfeidhm ar thréimhse dhearaidh 2030.

Sa chuid seo a leanas aithnítear conas agus cá háit ar baineadh úsáid as réamh-mheastacháin athraithe aeráide a úsáideadh i ndréachtchur chuige Samhaltaithe GWS.

| Tionchar an Athraithe Aeráide | Cur i bhfeidhm sa tsamhail |
|---|---|
| **Teocht Aeir** | Chuireamar na hathruithe ar theocht aeir san áireamh sa teocht uisce dromchla ar glacadh léi a cuireadh i bhfeidhm sna samhlacha abhann. Tá rátaí meatha amóinia á rialú ag teocht uisce abhann, céatadáin de ghrúpaí amóinia ianaithe agus neamhianaithe agus dinimic ocsaigine thuaslagtha agus, dá bharr sin, beidh tionchar ag athruithe ar theocht abhann ar cháilíocht uisce réamh-mheasta. |
| **Báisteach** | Tá sé riachtanach go mbeifí in ann pátrúin bháistí a thuiscint agus a réamh-mheas go cruinn ar mhaithe le dearadh bonneagair éifeachtach agus chun teacht aniar a phleanáil go héifeachtach.<br>Chun measúnú a dhéanamh ar **fheidhmíocht chomhshaoil**, bhaineamar úsáid as réamh-mheastacháin sraithe ama báistí TRANSLATE2RED[9][10] do Ghaillimh.<br>Cuirfear sraith ama báistí ardaithe TRANSLATE2RED san áireamh i samhlacha líonra séaraigh agus i samhlacha cháilíocht an uisce. Ionsamhlaíonn an cur chuige seo éifeacht na n-athruithe aeráide |

[9] Ba é Amphos21 a d'fhorbair TRANSLATE2RED le haghaidh UÉ

[10] Tá TRANSLATE2RED bunaithe ar an modheolaíocht a d'fhorbair uirlis REDUP, a úsáideann fachtóirí ardaithe chun sraith ama báistí stairiúil a choigeartú, agus ar an tslí sin, freastalaítear ar na tionchair a mheastar a bheidh ag an athrú aeráide.

| | |
|---|---|
| | in ualú truailleáin ar cháilíocht uisce abhann i rith athruithe séasúracha. Éascaíonn sé measúnú ar an tslí a bhféadfadh tionchar a bheith ag níos mó báistí i rith geimhrí fliucha agus níos lú báistí i rith samhraí níos tirime ar dhinimic truailleáin, rud a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar cháilíocht uisce agus rioscaí gaolmhara laistigh d'éiceachórais fhionnuisce.<br>Baineann dúshlán eile fós le **feidhmíocht tuilte**, de bhrí go bhfuiltear ag súil go n-éireoidh stoirmeacha níos láidre agus níos minice b'fhéidir amach anseo. Chun déileáil leis sin, baineadh tairbhe as fachtóirí ardaithe do stoirmeacha dearaidh, mar a moladh i sonraíochtaí samhaltaithe UÉ. Cabhraíonn na fachtóirí ardaithe seo chun cuntas a dhéanamh ar bhuaicdhéine stoirme mhéadaithe agus cinntíonn siad go bhfuil córais séaraigh agus draenála in ann déileáil le rioscaí tuilte réamh-mheasta. |
| **Ardú Leibhéal na Farraige** | Meastar go n-ardóidh leibhéil na farraige go suntasach sna blianta amach romhainn. Tá na figiúirí atá curtha ar fáil ag EPA agus OPW maidir le hardú leibhéal na farraige faoi 2100 réasúnta comhsheasmhach, agus tá na figiúirí cothrom le hidir 0.63-1.01m[11]. Cuireadh fachtóir ardaithe de 1000mm i bhfeidhm i gcomhad leibhéal na taoide laistigh de shamhail Líonra Séaraigh Chathair na Gaillimhe de bhrí gurb é seo an t-aon líonra a mbeadh tionchar ag athruithe ar mheánleibhéal na farraige air. |

I gcás GWS, ba iad na cásanna astaíochtaí athraithe aeráide a úsáideadh ná RCP4.5 agus RCP8.5. Dhírigh an anailís íogaireachta ar athróga cosúil le báisteach, fás, teocht aeir agus ardú leibhéal na farraige. Rinneadh measúnú ar na fachtóirí seo do thréimhsí deartha 2055 agus 2080 chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide ar phróisis mheasúnaithe roghanna.

[11] Féach ar Aguisín 2 - Ár gCur Chuige i leith an tSamhaltaithe agus an Athraithe Aeráide chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis na foinsí sonraí a ndearnadh machnamh orthu.

# 9. Feidhmíocht an Chórais Fuíolluisce Anois agus Amach Anseo

Tá úsáid bainte as anailís ar shonraí sócmhainní WWTP stairiúla agus as aschur samhla líonra chun eolas a bhailiú faoi fheidhmíocht an chórais i láthair na huaire. Tá úsáid bainte againn as aschur ár samhlacha chun teacht ar thuiscint ar fheidhmíocht an chórais fuíolluisce amach anseo. Tá réamh-mheastacháin fáis mheasta úsáidte againn inár samhlacha mar aon le tionchair athraithe aeráide chun na háiteanna a mbeidh rioscaí agus easnaimh feidhmíochta le tabhairt faoi deara amach anseo a aithint.

Bhí ár gcuid anailíse dírithe ar na réimsí ina dteipeann ar ár gcóras reatha caighdeáin rialála nó feidhmíochta a chomhlíonadh a aithint, agus ar na háiteanna ina bhfuil rioscaí don chóras atá freagrach as riachtanais feidhmíochta agus chomhlíonta a sheachadadh amach anseo. Tá na torthaí briste síos againn thíos, chun measúnú a dhéanamh ar an líonra i ngach ceirtleán agus tá measúnú ar na WWTPanna déanta ina dhiaidh sin. Tá tuilleadh sonraí ar fáil in *Aguisín 3 - Stádas agus Feidhmíocht an Chórais Fuíolluisce.*

## 9.1 Líonra – Forsceitheadh Uisce Stoirme (SWOnna)

Féach Cuid 5.3 den tuarascáil seo chun eolas a fháil faoin modheolaíocht a bhaineann le tionchar comhshaoil SWOnna.  Tá tuilleadh sonraí ar fáil in *Aguisín 3 - Stádas agus Feidhmíocht an Chórais Fuíolluisce.*

Chun críche anailíse, tá na ceirtleáin foroinnte in 35 ceantar atá nasctha go hiodrálach. Tá 29 SWO i limistéar staidéir GWS, tá 26 acu lonnaithe i gCathair na Gaillimhe, 2 cheann i mBaile Átha an Rí agus ceann amháin i Maigh Cuilinn. Dá bhrí sin, tá ár n-anailís ar fheidhmíocht dírithe go mór ar cheirtleán Chathair na Gaillimhe.

Tríd is tríd, tá rioscaí suntasacha le tabhairt faoi deara i gCathair na Gaillimhe nach mór déileáil leo ar bhonn tosaíochta. Tá roinnt ábhar ar cúis imní iad le tabhairt faoi deara sa cheirtleán a bhaineann le feidhmíocht líonra agus chóireála atá gan aon idirghabháil: Chomh fada is a bhaineann le critéir feidhmíochta chomhshaoil i láthair na huaire, aithníodh roinnt saincheisteanna aeistéitiúla agus rioscaí a bhaineann le huiscí snámha in aice láimhe. Tá SWOnna ag feidhmiú i gcoinníollacha aimsire tirime freisin. Amach anseo, beidh rioscaí ann a bhaineann le neamhchomhlíonadh na sprice tástaí neamhcheangailtí a bhfuil cur síos déanta uirthi in Iarscríbhinn V de rUWWTD.

Tá rioscaí ag baint le dobharcheantar Bhaile Átha an Rí sa bhunlíne agus beidh an riosca ag méadú amach anseo. Baineann dúshlán leis an gcumas cóireáil a mhéadú de réir fáis agus a chinntiú go bhfuil an dobharlach glactha atá ann i láthair na huaire cosanta. Tá baol ann nach gcloífear leis an gcuspóir neamhcheangailteach atá leagtha amach in Iarscríbhinn V de rUWWTD. Chomh fada is a bhaineann leis na critéir feidhmíochta comhshaoil i láthair na huaire, tá riosca níos mó ag eascairt as sceitheadh eadrannach do cháilíocht uisce ar aon dul le fás ceirtleáin. Léiríodh i samhaltú nach bhfuil riosca ann go mbeidh sceitheadh eadrannach mar bhonn le dochar éiceolaíoch a dhéanamh d'Abhainn an Chláirín, bunaithe ar Chaighdeáin Eadrannacha Bhunúsacha (FIS), ach tugann na Caighdeáin Truaillithe Arda UPM (nach spriocanna dlí in Éirinn iad), le fios, áfach, go bhféadfadh tionchar éiceolaíoch a bheith ag sceitheadh eadrannach ar an dobharlach glactha. Chuige sin, tá

stádas riosca meánach luaite leis an líonra i ndáil le sceitheadh eadrannach. Chomh fada is a bhaineann le neamhchomhlíonadh leis an gcuspóir neamhcheangailteach in Iarscríbhinn V de rUWWTD, is riosca é an ceirtleán.

Tá SWO amháin sa WWTP i gceirtleán Mhaigh Cuilinn. Tugtar le fios i samhaltú líonra séaraigh go mb'fhéidir go mbeadh sciathadh aeistéitiúil ag teastáil ón sceitheadh SWO, ach go bhféadfaí glacadh leis go bhfuil minicíocht agus líon an sceite fánach. Chomh maith leis sin, níl aon ghearán fíoraithe déanta sa cheantar seo agus, dá réir sin, tá sé rangaithe mar riosca íseal. Chun críche measúnaithe faoi rUWWTD, tá an  measúnú rangaithe mar ghlas má tá sé faoi 10,000 PE i láthair na huaire.

Níl aon SWO laistigh de cheirtleán Bhaile Chláir agus, dá réir sin, níl aon riosca ann faoi láthair agus níltear ag súil le haon riosca amach anseo.

Tá achoimre ar fheidhmíocht bhunlíne na gcritéar seo le fáil i dTábla 9-1.

**Tábla 9-1 Measúnú feidhmíochta achomair don seasamh bunlíne**

| Ceirtleán Aga | Nósanna Imeachta & Critéir a bhaineann le SWOnna | | | | Nósanna Imeachta agus Critéir Trí Chéile |
|---|---|---|---|---|---|
| | Aeistéitiúil | Tionchar WQ | Rialacháin Náisiúnta | DWF | |
| **Cathair na Gaillimhe (Inis Caorach)** | 🟡 | - | 🟢 | 🟠 | 🟠 |
| **Baile Átha an Rí** | 🟢 | 🟡 | - | 🟢 | 🟡 |
| **Maigh Cuilinn** | 🟢 | 🟢 | - | 🟢 | 🟢 |
| **Baile Chláir na Gaillimhe** | - | - | - | - | 🟢 |

Is ceanglas rialála nua é rUWWTD agus níl sé trasuite mar reacht fós. I gCathair na Gaillimhe (Inis Caorach) tá baol ann nach gcloífear leis an gcuspóir neamhcheangailteach atá leagtha amach in Iarscríbhinn V de rUWWTD, agus i mBaile Átha an Rí, tá riosca níos ísle ann nach gcloífear leis.

## 9.2 Líonra – Riosca Tuilte

Féach Cuid 6.1 agus  Cuid 7.1 den tuarascáil seo áit a bhfuil an mhodheolaíocht a úsáideadh chun anailís a dhéanamh ar rioscaí tuilte mínithe. Tuairiscítear san anailís ar thuilte hiodrálacha a réamh-mheastar i samhlacha líonra séarachais agus ní chuirtear cúiseanna eile tuilte san áireamh, cliseadh trealaimh mar shampla.

Léiríonn na torthaí seo dlúthghaol idir tuilte a tuairiscíodh agus riosca tuilte réamh-mheasta de réir samhla, atá i gceantair uirbeacha cheirtleán Chathair na Gaillimhe den chuid is mó. Aicmítear trí cheantar mar cheantair ardriosca tuilte sa bhunlíne a ardaíonn go 12 faoi 2080. Ar an gcaoi

chéanna, aicmítear trí cheantar mar cheantair mheánriosca sa bhunlíne a ardaíonn go dtí cúig faoi 2080, agus meastar gur ceantair ísealriosca iad 29 ceantar agus laghdaíonn an figiúr sin go dtí 18 in 2080.

**Tugtar léargas i**

Fíor 9-2 ar an athrú ar an riosca tuilte idir an bhunlíne, tréimhsí deartha 2055 agus 2080[12]. Sna torthaí seo léirítear an dlúthghaol atá idir tuilte a tuairiscíodh ó shonraí oibriúcháin (Maximo) a

[12] Tá cinneadh déanta go mbaineann riosca íseal le ceantair ina bhfuil níos lú ná 200m3 de thoirt tuilte sna séaraigh bhreána / comhchórais séaraigh. Tá riosca meánach sannta sa chás go bhfuil an toirt tuilte iomlán

bailíodh in DAP Chathair na Gaillimhe agus sa tsamhail de riosca tuilte réamh-mheasta a bhaineann go príomha le ceantair uirbeacha i gceirtleán Chathair na Gaillimhe Tábla 9-1.

I rith measúnachta íogaireachta taoide aithníodh Bóthar na Trá, Bóthar Grattan agus Órán Mór mar cheantair lenar bhain íogaireacht taoide sa tsamhail hiodrálach atá in úsáid faoi láthair. Tá iarrachtaí móra déanta chun insíothlú a laghdú ó fíoraíodh an tsamhail, dá bhrí sin, b'fhéidir nach bhfuil léargas á thabhairt ar idirghabhálacha a rinneadh le déanaí sa leagan is déanaí, rud a d'fhéadadh an riosca sna háiteanna seo a laghdú.

**Tábla 9-1: Fo-dhobharcheantair inar tuairiscíodh tuilte**

| Fo-dhobharcheantar | Suíomh Tuilte Tuairiscithe |
|---|---|
| 3. Muirbheach | Garrán na Mara.<br>Sceitheadh Phríomhphíobán Aníos WWPS Fuscia |
| 5. An Rinn Mhór | Sceitheadh Phríomhphíobán Aníos WWPS Órán Mór |
| 6. Loch an tSáile | WWPS Loch an tSáile |
| 12. Cois Abhann & Bóthar Thuama | Eastát Chois Abhann |
| 14. Baile an Phoill & Bóthar Áth Cinn | Páirc Bhaile an Phoill |
| 17. Lár na cathrach | Sráid na Céibhe (Íoslach)<br>Sráid na Croise (Íoslach)<br>Sráid Eglinton (Íoslach) |
| 18. Línte Dúbailte | Óstán an Western (Íoslach) |
| 19. An Bóthar Ard | An Bóthar Ard |
| 20. An Taobh Thiar | Bóthar Le Chéile |
| 26. Iarthar Chnoc na Cathrach | Bóthar Bhearna<br>WWPS Chnoc na Lus<br>SWO Bhóthar Bhaile an Rí |
| 28. Bóthar na Trá | Casaíne Claude (Íoslach)<br>Bóthar na Trá Íochtarach (Íoslach) |
| 31. Bearna | WWPS Bhearna |

níos mó ná 200m3 agus go bhfuil an mheántoirt tuilte níos mó ná 25m3. Tá ardriosca aicmithe bunaithe ar an toirt tuilte iomlán os cionn 500m3 agus ar mheántoirt tuilte réamh-mheasta os cionn 50m3.




**Fíor 9-2: Teasléaráid Riosca Tuilte do Limistéar Staidéir GWS (Bunlíne, 2055 agus 2080 1 Teagmhas in 20 bliain)**

## 9.3 Ionad Cóireála Fuíolluisce - Feidhmíocht

Tá ceithre WWTP i limistéar staidéir an GWS: Inis Caorach, Baile Átha an Rí, Maigh Cuilinn agus Baile Chláir. Tá achoimre le fáil i Tábla  ar acmhainní dearaidh orgánacha agus hiodrálacha don cheithre cheirtleán agus dá Luachanna Teorann Astúcháin (ELVanna) féideartha. Níl aon ELV baictéarach (bachaillíní drólannacha faecacha, E.coli nó Eintreacocas Stéigeach) ag aon WWTP.

**Tábla 9-3 Acmhainn orgánach agus hiodrálach dearaidh agus ELVanna féideartha**

| Láithreán/Paraiméadar[13] | WWTP Inis Caorach | WWTP Bhaile Átha an Rí | WWTP Bhaile Chláir | WWTP Mhaigh Cuilinn |
|---|---|---|---|---|
| **Dearadh PE** | 170,000 | 9,500 | 6,000 | 4,000 |
| **FFT Dearaidh (m³/d)** | 135,000 | 6,413 | 3,600 | 2,160 |
| **DWF Dearaidh (m³/d)** | 45,000 | 2,138 | 1,200 | 720 |
| **Ceadúnas BOD (mg/l)** | 25 | 6 | 25 | 10 |
| **Ceadúnas COD (mg/l)** | 125 | 125 | 125 | 125 |
| **Ceadúnas SS (mg/l)** | 35 | 35 | 35 | 35 |
| **Ceadúnas Amóinia-N Iomlán(mg/l)** | 25 | 0.4 | 10 | 1 |
| **Ceadúnas TON (mg/l)** | 20 | | - | - |
| **Ceadúnas N Iomlán (mg/l)** | 35 | | - | - |
| **Ortho – P (mar P) (mg/l)[14]** | - | 0.2 | 9 | 0.5 |

Breithníodh agus measadh gach láithreán ar bhonn aonair. Cuirtear na srianta hiodrálacha agus bitheolaíocha ag gach láithreán san áireamh inár measúnú ar fheidhmíocht WWTP mar aon leis na hualaí reatha agus an lamháltas lamhála. Táimid tar éis breathnú ar an mbuaic-ualach a bailíodh, ar an sreabhadh aimsire tirime (DWF) agus ar an uas-sreabhadh cóireála (FFT) chun rioscaí a bhaineann le cumas na n-oibreacha a aithint.

D'úsáideamar sonraí deiridh eisiltigh le 5 bliana anuas chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an phróisis chóireála agus ar cé chomh comhsheasmhach agus a bhaineann sé comhlíonadh ELVanna amach. Cabhróidh sé seo linn a aithint an gcuirfeadh aon phróiseas cóireála eile srian ar chumas an láithreáin na ELVanna féideartha atá leagtha amach sa cheadúnas sceite

[13] Baineadh gach luach ó Thuarascálacha Comhshaoil Bliantúla trí úsáid a bhaint as luachanna Sceideal A ELV féideartha  WWDL do chaighdeáin chóireála eisiltigh.

[14] Caighdeáin ortafosfáite a cuireadh i bhfeidhm ar sceitheadh uisce dromchla amháin. Níl aon chaighdeán Fosfair Iomlán ag WWTP Inis Caorach.

a bhaint amach. Ní mór dúinn machnamh a dhéanamh freisin ar stádas uisce glactha agus ar thionchar na sceite ar aicmithe WFD.

Tá achoimre ar fheidhmíocht bhunlíne na gceithre WWTP a thaispeántar le fáil i dTábla 9-4. Tá na WWTPanna ag feidhmiú faoi bhun a n-acmhainne dearaidh i láthair na huaire. Aithníodh rioscaí acmhainne agus comhlíontachta (i ndáil le riachtanais straitéiseacha) araon ag Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe) agus Baile Átha an Rí.

**Tábla 9-4 Achoimre ar fheidhmíocht WWTP sna tréimhsí pleanála**

| Láithreán WWTP | Aga | Acmhainn Hiodrálach (Riachtanas Straitéiseach) | Comhlíonadh WWDL [15](Riachtanas Straitéiseach) |
|---|---|---|---|
| **Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe)** | Bunlíne | 🟡 | 🟡 |
| | 2040 | 🟠 | 🟠 |
| | 2055 | 🟠 | 🟠 |
| | 2080 | 🟠 | 🟠 |
| **Baile Átha an Rí** | Bunlíne | 🟡 | 🟡 |
| | 2040 | 🟠 | 🟠 |
| | 2055 | 🟠 | 🟠 |
| | 2080 | 🟠 | 🟠 |
| **Baile Chláir na Gaillimhe** | Bunlíne | 🟢 | 🟢 |
| | 2040 | 🟢 | 🟢 |
| | 2055 | 🟡 | 🟡 |
| | 2080 | 🟡 | 🟡 |
| **Maigh Cuilinn** | Bunlíne | 🟢 | 🟢 |
| | 2040 | 🟢 | 🟢 |
| | 2055 | 🟡 | 🟡 |
| | 2080 | 🟡 | 🟡 |

[15] Tugann catagóir dhearg le fios go bhfuil gá le hiniúchadh agus le hidirghabháil láithreach de bhrí gur aithníodh riachtanas straitéiseach suntasach. Tugann ómra le fios go bhfuil riachtanas straitéiseach ann; ach, tá ceanglais chaipitil níos ísle luaite leis an idirghabháil chomhfhreagrach. Tugann glas le fios nach bhfuil aon riachtanas straitéiseach aitheanta.

Chun críche na céime seo den mheasúnú (i.e. réamhfhorbairt na roghanna straitéiseacha), táthar ag súil go gcóireálfar níos mó ná 90% den fhás laistigh den limistéar staidéir ag WWTP **Inis Caorach**. Gan idirghabháil, léiríonn réamh-mheastacháin go sáróidh an WWTP a acmhainn (170,000 PE) roimh 2040, fiú faoi na réamh-mheastacháin fáis is ísle.

Aithníodh san anailís a rinneadh ar an acmhainn hiodrálach ag na hoibreacha go bhfuil srian hiodrálach ar an sreabhadh atá ag dul isteach in WWTP. Is léir ón anailís atá déanta nach gá i gcónaí go mbeadh an t-ionad ag cur sreabhadh anonn suas go dtí dearadh uas-sreabhaidh chóireála (FFT) agus go bhféadfadh "buaicscamhadh" a bheith ag tarlú i rith na sreafaí níos airde. De bhrí go bhfuil gá le tuilleadh measúnaithe, rinneadh toimhdí maidir le FFT chun críche na straitéise chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht hiodrálach an ionaid. Ba cheart tuilleadh meastóireachtaí níos mionsonraithe a dhéanamh chun figiúr FFT oiriúnach a shonrú.

Rinneadh iniúchadh ardleibhéil ar acmhainn na n-oibreacha chun na paraiméadair ELV sreabhaidh reatha agus fhéideartha a chomhlíonadh. Tá an láithreán comhlíontach, ach ciallaíonn an teorainn ar an sreabhadh isteach nach bhfuil an tsaoráid ag déileáil leis an raon ualaigh laethúil iomlán, arb ionann é agus riosca cóireála féideartha dá gcuirfí deireadh leis an teorainn ar an sreabhadh isteach. Tá tuilleadh suirbhéanna coimisiúnaithe ag Uisce Éireann chun measúnú a dhéanamh ar acmhainn chóireála an ionaid mar thoradh ar mholtaí na Straitéise.

Léiríonn samhaltú riosca tuilte cósta nach bhfuil aon riosca suntasach ann don láithreán WWTP féin, cé go bhféadfadh uisce dul thar an gcabhsa ó am go chéile le linn stoirmeacha. Moltar tuilleadh iniúchta ar riosca tuilte cósta.

Sa leagan reatha atá air, tá acmhainn suas le 9,500PE ag WWTP **Bhaile Átha an Rí** mar atá sonraithe sa Tuarascáil Bhliantúil Chomhshaoil. Má chuirtear dlús le forbairt tithíochta thar an 15 bliana atá romhainn ag an ráta atá sonraithe sa RSES, féadfar acmhainn na saoráide a shárú faoi 2030. Gabhann riosca le scála an fháis i leith chumas an ionaid a riachtanas ceadúnais sceite a chomhlíonadh.

Baineann dúshlán ar leith leis na teorainneacha amóiniam agus ortafosfáite ag an WWTP seo agus tá siad ionadaíoch ar nádúr íogair an dobharlaigh ghlactha. Tá stádas 'lag' WTD ag sruth síos Abhainn an Chláirín ón WWTP agus d'fhéadfadh an sreabhadh sa dobharlach glactha a bheith an-íseal ó am go ham, rud is cúis le himní faoi acmhainn chóireála ag an láithreán amach anseo.

Léiríonn an fás réamh-mheasta i gceantar **Bhaile Chláir** go bhfuil dóthain acmhainne ag an WWTP chun glacadh leis an ualach breise réamh-mheasta agus chun é a chóireáil suas go dtí tréimhse phleanála 2055. Léiríonn samhaltú cáilíochta uisce go mbeidh cóireáil agus sceitheadh chuig an suíomh atá ann cheana féin indéanta fós go dtí 2080 ag baint úsáid as na teicneolaíochtaí atá ar fáil faoi láthair. Léirigh anailís go rachadh sé chun tairbhe don ionad níos mó ualaigh a fháil ag na hoibreacha, chun go mbeadh na próisis bhitheolaíocha in ann feidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí.

Ar an gcaoi chéanna, meastar go mbeidh WWTP **Mhaigh Cuilinn** in ann freastal ar fhás suas go dtí 2055. Níl aon mhonatóireacht sreabhaidh suiteáilte ag na hoibreacha ionraoin chun sreabhadh iomlán an ionraoin a thomhas, rud a fhágann nach bhfuil aon mheasúnú ar shreabhadh iontaofa. De réir mar a dhéanaimid monatóireacht ar fhás thar thréimhse na straitéise, beidh ar an WWTP córas tomhais sreabhaidh a chur i bhfeidhm, córas a chomhlíonann caighdeáin an tionscail.

Léiríonn samhaltú cáilíochta uisce go mbeidh cóireáil agus sceitheadh chuig an suíomh atá ann cheana féin indéanta fós go dtí 2080 ag baint úsáid as na teicneolaíochtaí atá ar fáil faoi láthair.

Tá an suíomh aicmithe mar shuíomh lena mbaineann riosca tuilte íseal. Tá codanna den láithreán laistigh de na teorainneacha tuilte 1:100 agus 1:1,000 bliain agus ba cheart bearta maolaithe a chur san áireamh in aon uasghrádú a dhéanfar amach anseo. B'fhéidir go mbeadh gá le tuilleadh measúnaithe chun rioscaí tuilte a dheimhniú agus chun gníomh oiriúnach a aithint.

## 10.Idirghabhálacha agus Forbairt Roghanna Straitéiseacha

Cuirtear achoimre ar dhréachtmhodheolaíocht GWS ar fáil i gCuid 5, agus leagtar amach sa chuid seo na príomhphróisis a rinneadh le linn chéim na forbartha an mheasúnaithe roghanna. Cuireann an próiseas measúnaithe roghanna leis an anailís agus an samhaltú a leagtar amach sna codanna roimhe seo (féach Fíor 10-1). Tá cur síos déanta ar na céimeanna sin sa chaibidil ina dhiaidh seo. Más spéis leat cur síos níos cuimsithí, féach ar *Aguisín 5 – Ár gCur Chuige maidir le Measúnú Roghanna agus Forbairt Rogha Féideartha.*




**Fíor 10-1: An próiseas measúnaithe roghanna ar glacadh leis do Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe**

## 10.1 Téarmeolaíocht a Úsáidtear sa Phróiseas MCDA seo

Chun cabhrú le léitheoirí teacht ar thuiscint ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le hidirghabhálacha trí fhorbairt na straitéise, tá idirdhealú déanta againn idir idirghabháil, rogha agus cás. Tá an téarmeolaíocht seo a leanas in úsáid againn:

- **Idirghabhálacha** - is gníomhartha iad a bhféadfaí tabhairt fúthu chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúis faidhbe. Is féidir le hidirghabhálacha feabhas a chur ar fheidhmíocht (m.sh., acmhainn, comhlíonadh, teacht aniar, éifeachtúlacht costais) nó riosca sa chóras a mhaolú.

- **Roghanna** - D'fhéadfaí glacadh le rogha mar mheascán idirghabhálacha a chuirtear le chéile i bplean chun na riachtanais áirithe a ndéileáiltear leo mar chuid de dhréachtmheasúnú riosca GWS a réiteach. Cuireann siad bealaí malartacha ar fáil chun na cuspóirí pleanála a chomhlíonadh. Cuirtear roghanna i gcomparáid lena chéile. Mar shampla, d'fhéadfadh roinnt idirghabhálacha a bheith le fáil i Rogha A ina mbreithnítear feabhsuithe feidhmíochta cóireála agus líonraí fuíolluisce, agus,

- **Cásanna** - sraith toimhdí seachtracha (amhail déimeagrafaic, aeráid, rialáil) faoin todhchaí faoina ndéanann tú do roghanna a thástáil. Rinneadh iad a thástáil den chuid is mó in Aguisíní 1-4.

Tá an t-idirdhealú seo tábhachtach de bhrí go dtacaíonn sé le pleanáil struchtúrtha agus thrédhearcach agus go gcuireann sé cosc ar chónaidhmiú idirghabhálacha leis an tslí a bhfuil siad grúpáilte mar roghanna straitéiseacha.

## 10.2 Fadliosta Idirghabhálacha Gan Srian

Ón anailís agus an samhaltú a rinneadh agus atá leagtha amach in *Aguisíní 1-4*, shainaithin muid fadliosta de na hidirghabhálacha féideartha go léir a d'fhéadfadh aghaidh a thabhairt go páirteach nó go hiomlán ar na riachtanais a sainaithníodh. Líonadh an liosta trí rannpháirtíocht le saineolaithe ábhair inmheánacha agus le páirtithe leasmhara, agus trí shamplaí a tógadh ó dhea-chleachtas agus ó straitéisí inchomparáide.

Rinneadh gach idirghabháil a chatagóiriú faoin ordlathas TOTEX (féach **Error! Reference source not found.**). Déanann ordlathas TOTEX idirghabhálacha a struchtúrú de réir costas saolré, ón gcostas is ísle go dtí an costas is airde. Díríonn roghanna TOTEX níos ísle ar fáil réidh leis an ngá atá le hinfheistíocht, sula bhféachtar le sócmhainní atá ann cheana a bharrfheabhsú nó a oiriúnú agus sócmhainní nua a 'mhonarú' mar rogha dheiridh amháin. Tacaíonn an cur chuige seo le forbairt ísealcharbóin agus roghanna cost-éifeachtúla agus cuireann sé chun cinn iad

Baineadh úsáid as ordlathas TOTEX chun an próiseas um measúnú roghanna a threorú ar bhealach cothrom. Níor cuireadh roghanna a raibh leibhéil níos airde comhoibrithe ag teastáil uathu as an áireamh go luath díreach ar an gcúis go raibh cuma níos dúshlánaí ar a gcur i gcrích. Agus aitheantas á thabhairt gur féidir le roghanna comhoibríocha buntáistí suntasacha fadtéarmacha a thairiscint; tugadh aird iomlán ar na roghanna seo i dteannta idirghabhálacha níos traidisiúnta.




**Fíor 102 Ordlathas Idirghabhála TOTEX le hidirghabhálacha scagtha amach**

## 10.3 Idirghabhálacha Féideartha

Rinneadh scagadh príomhúil ar an bhfadliosta idirghabhálacha chun na roghanna sin nach raibh inoibrithe do réigiún na Gaillimhe a bhaint. Rinneadh scagadh príomhúil trí roinnt ceardlann, a dhírigh ar na saincheisteanna straitéiseacha agus ar fhadhbanna a bhain go sonrach le ceirtleáin araon. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí breithniú ar gach idirghabháil ar bhealach comhsheasmhach, ionas nach mbíonn tionchar ag aon chlaontacht ar chinntí. Chun é sin a éascú, d'fhorbraíomar liosta ceisteanna chun plé ceardlainne a threorú agus chun a chinntiú go raibh gach idirghabháil faoi réir an leibhéil ghrinnscrúdaithe chéanna (féach Tábla ).

**Tábla 10-1 Príomhthéamaí a úsáideadh chun plé maidir leis an Scagadh Príomhúil le páirtithe leasmhara a threorú**

| Téama | Ceisteanna Curtha |
|---|---|
| **Tacaíocht an Phobail** | An mbeadh tionchar díobhálach ag an idirghabháil ar phobail áitiúla agus cén tuiscint a bheadh ag an bpobal ar a leithéid? |
| **Inseachadacht** | Cén leibhéal muiníne atá ann gur féidir an idirghabháil a fhorbairt go **sábháilte agus go hindéanta** laistigh den cheirtleán? |
| **Féidearthacht agus muinín theicniúil** | Cé chomh cinnte is atáimid go mbeadh an idirghabháil **mar bhonn le toradh fadtéarmach** nó **mar chuid de rogha níos leithne** ar a laghad? |
| **Teacht aniar** | An bhfuil an idirghabháil **inoiriúnaithe** agus an **méadaíonn sí teacht aniar agus an laghdaíonn sí leochaileacht (nó aiféala)**? Mar shampla, athrú ar imthosca / reachtaíocht / nó teicneolaíocht laistigh de thréimhse ama na straitéise?<br>An féidir í a chur i bhfeidhm **ag scálaí spásúla difriúla**? |
| **Timpeallachta** | An samhlaítear go mbeadh **tionchar comhshaoil suntasach ag an idirghabháil nach féidir a mhaolú**? |

Chabhraigh an cleachtadh scagtha ar leibhéal Straitéiseach linn chun an príomhdhúshlán atá le sárú ag an réigiún chun freagairt d'fhás a aithint. Ní leor acmhainn chóireála chomhchoiteann an réigiúin chun freastal ar an bhfás daonra agus eacnamaíoch a bhfuiltear ag súil leis go dtí 2080. Beidh sé riachtanach acmhainn bhreise a chruthú, trí WWTP atá ann cheana a leathnú nó trí WWTP nua a fhorbairt. I rith an mheasúnaithe ar na WWTPanna d'fhorbairt mhór aithníodh roinnt srianta, lena n-áirítear leochaileachtaí comhshaoil a eascraíonn as sceitheadh méadaithe i ndobharlaigh áitiúla. Ba é toradh an chleachtaidh scagtha phríomhúil straitéiseach gur aithníodh WWTP réigiúnach nua mar riachtanas.

Bhí scagadh ar leibhéal ceirtleáin níos dírithe ar shaincheisteanna agus ar shrianta áitiúla. Tá saintréithe difriúla agus saincheisteanna difriúla ag an líonra agus WWTP i ngach ceirtleán. Mar thoradh ar scagadh ag leibhéal príomhúil aithníodh na hidirghabhálacha is éifeachtaí agus spriocdhírithe oiriúnach don suíomh. Chomh maith leis sin, rinneamar breithniúchán ar an scagadh ag leibhéal ceirtleáin leis an gcomhthéacs straitéiseach, chun a chinntiú 'nach bhfuil an fhadhb chéanna á réiteach faoi dhó againn'. De bhrí go bhféadfadh ár roghanna straitéiseacha tionchar a imirt ar chuid de na saincheisteanna ar leibhéal ceirtleáin, ní dhearnadh tuilleadh forbartha ar na roghanna a tugadh anonn go dtí gur thángthas ar chomhaontú maidir leis na roghanna straitéiseacha.

## 10.4 Roghanna Straitéiseacha

Bunaithe ar an ngá sainaitheanta le WWTP nua sa réigiún, breithníodh trí shuíomh straitéiseacha mar roghanna féideartha (féach Fíor 10-3). Meastar gur leor suíomhanna táscacha chun tacú le tástáil straitéiseach cásanna. Ní gá cinneadh a dhéanamh maidir le suíomh cruinn WWTP molta ag an gcéim seo agus níl a leithéid san áireamh i scóip na Straitéise. Tabharfar faoi phróiseas roghnaithe láithreáin mionsonraithe don WWTP molta nuair a bheidh an GWS deiridh foilsithe.

Príomhfhachtóir teorantach chomh fada is a bhaineann le roghnú shuíomh WWTP ná gaireacht do phointe sceite oiriúnach d'eisilteach cóireáilte. Maidir leis an limistéar staidéir, rinneamar machnamh ar shruthanna éalaithe chuig an timpeallacht chósta agus ar shruthanna éalaithe fionnuisce (aibhneacha agus lochanna). Rinneadh measúnú ar shamhaltú scaipthe chun oiriúnacht ilsuíomhanna sruth éalaithe sceite agus a dtionchair chomhshaoil fhéideartha a mheas. Bhreithnigh sé seo a fheabhas agus a d'fhéadfadh uiscí glactha freastal ar sceitheadh cóireáilte go sábháilte. (Féach ar *Aguisín 4 – Tionchar ar Cháilíocht Uisce).*

Dhírigh scagadh straitéiseach sruthanna éalaithe muirí ar fheidhmíocht chaolaithe, doimhneacht sceite, castacht innealtóireachta agus srianta rialála agus comhshaoil. Glacadh le dhá shuíomh srutha éalaithe féideartha chun críche breithnithe – ceann ag an taobh thoir den bhá agus ceann ag an taobh thiar. As measc na sruthanna éalaithe fionnuisce féideartha a breithníodh, léirigh gach ceann acmhainn chomhshamhlaithe theoranta chun glacadh le heisilteach ó WWTPanna móra laistigh den limistéar staidéir. Dhírigh scagadh straitéiseach na sruthanna éalaithe fionnuisce ar an bhféidearthacht a bhain le comhlíonadh le caighdeáin rialála, rioscaí comhshaoil agus teacht aniar fadtéarmach a chothabháil. Níor aithníodh ach Abhainn na Gaillimhe mar shruth éalaithe fionnuisce féideartha.




**Fíor 10-3 Suíomhanna féideartha do WWTP réigiúnach nua**

Cruthaíonn trí shuíomh WWTP réigiúnacha fhéideartha agus trí shuíomh srutha éalaithe fhéideartha féidearthacht iomlán le haghaidh naoi rogha straitéiseacha atá le breithniú. Beidh tionchar ábhartha ag suíomh roghnaithe an WWTP nua ar an straitéis. Dá réir sin, is cinneadh bunúsach é seo a mbeidh tionchar aige ar straitéis fhadtéarmach an réigiúin. Chun a chinntiú go ndéantar breithniú maith ar thionchair ghinearálta gach rogha, rinneamar anailís chinnidh ilchritéir (MCDA).

Chun an oiread faisnéise agus ab fhéidir a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le MCDA, d'aithníomar na príomh-shaintréithe a bhaineann le gach rogha. Tá achoimre déanta orthu thíos - féach ar *Aguisín 5 – Measúnú Roghanna agus Forbairt Rogha Féideartha* chun tuilleadh sonraí a fháil. I ndáil le gach rogha straitéiseach, shainaithin scagadh ar leibhéal ceirtleáin go leanfar le cóireáil dhíláraithe i Maigh Cuilinn agus i mBaile Chláir, agus go leanfar ar aghaidh le hualaí a phróiseáil laistigh dá WWTPanna reatha faoi seach. Is féidir freastal ar fhás ag na láithreáin seo go dtí 2055, agus níl aon cheann acu gar do na láithreáin réigiúnacha atá molta, a chuireann srian leis an inmharthanacht a bhaineann le hualach a aistriú go dtí an láithreán réigiúnach.

### 10.4.1. WWTP Réigiún an Iarthair

Tá WWTP réigiún an iarthair dírithe ar atreorú cuimsitheach sreafaí fuíolluisce i dtreo iarthar Chathair na Gaillimhe. San áireamh san athrú straitéiseach seo tá comhdhlúthú ualaí ó phríomh-mhoil bhonneagair, go sonrach Baile Átha an Rí, Órán Mór agus Oirthear Chathair na Gaillimhe. Más spéis leat léargas físiúil ar na naisc seo agus ar shuíomh an phríomhbhonneagair straitéisigh a fheiceáil, féach

**Fíor 10-4**.

Chun an méid sin a éascú, bheadh gá le bonneagar caidéalúcháin suntasach chun sreafaí ar fud an réigiúin a bhainistiú. Bheadh uasghrádú acmhainne ag teastáil ag na stáisiúin chaidéalúcháin atá le fáil in Órán Mór agus in Iarthar Chathair na Gaillimhe faoi láthair chun a chinntiú go bhfuil siad in ann déileáil leis na hualaí isteach méadaithe.

De bhrí go bhfuil an céatadán fáis is airde le tabhairt faoi deara i réigiún an oirthir (82%), tá rogha ann chun ualach a aistriú ó WWTP Bhaile Átha an Rí chuig na oibreacha réigiúnacha nua chun cóireáil a lárú. Chun é sin a dhéanamh bheadh sé riachtanach an tIonad Cóireála Fuíolluisce (WWTP) atá i mBaile Átha an Rí a aistriú go dtí stáisiún caidéalúcháin críochfoirt chun sreafaí a sheoladh chuig iarthar Chathair na Gaillimhe.

Faoin leagan amach nua, beidh sreafaí tionsclaíocha agus áitiúla á scaradh go straitéiseach chun próiseáil a bharrfheabhsú. Leanfar ar aghaidh le sreafaí Iarthar Chathair na Gaillimhe a chóireáil ag WWTP Inis Caorach chun tógáil píblínte agus stáisiún caidéalúcháin idircheaptha fuíolluisce nua in iarthar na cathrach a laghdú chun sreafaí a atreorú chuig WWTP réigiún an iarthair, seachas an bonneagar straitéiseach chun sreafaí a aistriú ó Bhaile Átha an Rí, Órán Mór agus iarthar Chathair na Gaillimhe. D'fhéadfaí ceantair fhorimeallacha cosúil le Bearna a atreorú chuig ionad réigiúnach nua.

### 10.4.2. WWTP Réigiún an Tuaiscirt

Tá WWTP réigiún an tuaiscirt dírithe ar chomhdhlúthú agus ar atreorú sreafaí fuíolluisce i dtreo thuaisceart Chathair na Gaillimhe. Uasghrádófar an stáisiún caidéalúcháin fuíolluisce (WWPS) atá in Órán Mór i láthair na huaire chun feidhmiú mar phríomh-mhol do chonair an oirthir. Ag an stáisiún seo, bainisteofar ualaí ó shráidbhaile Órán Mór agus ó IDA Órán Mór,

Ansin aistreofar na hualaí ceangailte seo ó WWPS Órán Mór go dtí WWTP Réigiúnach nua. Ionas gur féidir an t-atreorú thuaidh seo a chríochnú, atheagrófar córais bhailithe IDA na Páirce Móire agus Oirthear Chathair na Gaillimhe chun caidéalú go díreach chuig an tsaoráid réigiúnach, rud a éileoidh uasghrádú acmhainne ag stáisiún caidéalúcháin críochfoirt Oirthear Chathair na Gaillimhe.

I gcodarsnacht leis sin, leanfaidh an straitéis chóireála do na conairí thiar ar aghaidh le húsáid a bhaint as WWTP Inis Caorach. Leanfaidh Iarthar Chathair na Gaillimhe agus Bearna ar aghaidh le húsáid a bhaint as na conairí sreabhaidh i dtreo Inis Caorach atá in úsáid acu faoi láthair a úsáid amach anseo. Más spéis leat léargas físiúil ar na naisc seo agus ar shuíomh an phríomhbhonneagair straitéisigh a fheiceáil, féach

**Fíor 10-5**.

### 10.4.3. WWTP Réigiún an Oirthir

Tá WWTP réigiún an oirthir dírithe ar chomhdhlúthú agus ar atreorú sreafaí fuíolluisce i dtreo oirthear Chathair na Gaillimhe. Beidh sé riachtanach an chonair thoir a threisiú tríd an stáisiún caidéalúcháin fuíolluisce (WWPS) atá in Órán Mór i láthair na huaire a uasghrádú. Beidh an stáisiún seo ag feidhmiú mar phríomh-mhol bailiúcháin do shráidbhaile Órán Mór agus do IDA Órán Mór.

Ansin aistreofar na hualaí ceangailte seo ó WWPS Órán Mór go dtí WWTP Réigiúnach nua. Ionas gur féidir an t-atreorú thoir seo a chríochnú, atheagrófar córais bhailithe IDA na Páirce Móire agus Oirthear Chathair na Gaillimhe chun caidéalú go díreach chuig an tsaoráid réigiúnach nua, rud a éileoidh uasghrádú acmhainne ag stáisiún caidéalúcháin críochfoirt Oirthear Chathair na Gaillimhe chun dóthain toirteanna aistrithe a chinntiú.

**I gcodarsnacht leis sin, leanfaidh an straitéis chóireála do na dobharcheantair thiar ar aghaidh le húsáid a bhaint as WWTP Inis Caorach. Leanfaidh Iarthar Chathair na Gaillimhe agus Bearna ar aghaidh le húsáid a bhaint as na conairí sreabhaidh i dtreo Inis Caorach atá in úsáid acu faoi láthair a úsáid amach anseo. Más spéis leat léargas físiúil ar na naisc seo agus ar shuíomh an phríomhbhonneagair straitéisigh a fheiceáil, féach**

Fíor 10-6.




**Fíor 10-4 WWTP Réigiún an Iarthair**




**Fíor 10-5 WWTP Réigiún an Tuaiscirt**




**Fíor 10-6 WWTP Réigiún an Oirthir**

## 10.5 Samhaltú Cáilíochta Uisce do Mheasúnú Roghanna

Baineadh úsáid as samhaltú Cáilíochta Uisce freisin chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhain le suíomhanna sceite difriúla chun WWTP nua a fhorbairt. Rinneadh meastóireacht ar sceitheadh chuig uiscí trasdultacha i gCuan na Gaillimhe agus in Inbhear na Coiribe. San áireamh anseo bhí caolú tosaigh agus ceanglais cháilíochta eisiltigh fhéideartha agus cumraíochtaí sruthanna éalaithe ar dócha go mbeidh cuspóirí WFD á gcomhlíonadh acu.

## 10.6 Anailís Cinntí Ilchritéar (MCDA)

Rinneadh measúnú comparáideach ar gach cás ag baint úsáid as MCDA chun cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu ceann a thairgeann na buntáistí is mó thar shraith critéar réamhshainithe. Modheolaíocht láidir is ea Anailís Cinntí Ilchritéar (MCDA) a úsáidtear chun roghanna a aithint ina gcaithfear peirspictíochtaí páirtithe leasmhara éagsúla a chur san áireamh.

Baineadh úsáid as maitrísí cinnidh le linn an phróisis gearrliostaithe ag ceardlanna chun luach foriomlán gach rogha a ríomh, rud a thacaigh le suimiú agus aicmiú na roghanna is fearr. Rinne na rannpháirtithe scór a roghnú do gach rogha i gcoinne an chritéir shonraigh de réir a chéile. Thacaigh an cur chuige seo le forbairt tuisceana comhroinnte agus chuidigh sé le comhthuiscint a éascú i measc páirtithe leasmhara agus saineolaithe teicniúla. Tá achoimre ar an bpróiseas MCDA i Fíor **10-7**10-7.




**Fíor 10-7: Achoimre ar an bpróiseas MCDA**

### 10.6.1. Torthaí MCDA

Glacadh le WWTP réigiún an oirthir mar shuíomh níos fabhraí mar gheall ar chomh gar a bhí sé do na ceantair atá aitheanta d'fhás tráchtála agus baile (82% den fhás ag an taobh thoir den limistéar staidéir). Bheadh gá le hiompar suntasach trasna an ionaid uirbigh ó na ceantair fáis go dtí an t-ionad cóireála le haghaidh na láithreán thiar agus thuaidh. Bheadh na riachtanais iompair níos costasaí lena dtógáil agus bheadh costais oibriúcháin níos airde ag baint leo freisin mar gheall ar riachtanais chaidéalaithe.

Ní raibh an suíomh thuaidh chomh fabhrach céanna mar gheall ar an ngá a bheadh ann é a thógáil laistigh de láithreán uirbeach an-srianta. Beidh tionchar níos mó ag dlús níos mó an bhonneagair reatha, lóistíocht agus rochtain láithreáin atá ann cheana féin ar nascacht áitiúil agus inrochtaineacht na gceantar máguaird agus beidh tionchair shocheacnamaíocha níos leithne acu. Is é an láithreán thuaidh an suíomh is áisiúla do shuíomh sceite Abhainn na Gaillimhe, ach ba é seo an suíomh sceite is lú fabhar. Aithníodh riosca comhshaoil níos mó anseo mar gheall ar ghaireacht foinse uisce óil, agus ábhair imní maidir le tuairim an phobail toisc go bhfuil an suíomh ina limistéar ardtaitneamhachta a úsáidtear mar zón áineasa.

Aithníodh na cásanna le sruthanna éalaithe i bhfad ón gcósta mar chásanna níos tairbhiúla ná suíomhanna sceite Abhainn na Gaillimhe mar gheall ar acmhainn chaolaithe níos mó an chuain. Aithníodh an sruth éalaithe thiar mar an rogha is fearr mar gheall ar an bhfad níos giorra a bheadh ag teastáil. Bheadh ar an sruth éalaithe thoir a bheith i bhfad níos faide ná an rogha thiar, agus tá riosca comhshaoil níos mó ann mar gheall ar a ghaireacht do Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus do Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA).

Taispeántar torthaí MCDA sa mhaitrís chinnidh neamhualaithe i dTábla 10-2Tábla 10. Thástálamar íogaireacht na dtorthaí trí úsáid a bhaint as 'ualú luasctha'. Tugadh le fios sna torthaí nach bhfuil an t-aicmiú deiridh íogair d'ualú critéir difriúil, agus tháinig an dá rogha chéanna chun cinn mar na roghanna is fearr.

**Tábla 10-2 Maitrís Chinnidh Neamhualaithe MCDA**

| Tagairt na Rogha Straitéisí | Suíomh WWTP | Suíomh an tSrutha Éalaithe | Déan socrú Teacht aniar & Laghdaigh Riosca | Feabhsaigh Pobail Áitiúla & Tacaigh le | Inseachadacht & Solúbthacht | | | Timpeallacht & Inbhuanaitheacht | | | | | MCDA Iomlán Scór |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthair Torthaí & Teacht Aniar Fadtéarmach | Laghdaigh tionchar agus méadaigh tacaíocht, sláinte agus folláine | Pleanáil & Rialáil | Gabhdóirí Fáis & Daonra | Éascaíocht an Chur Chun Feidhme agus | Éiceolaíocht & Bithéagsúlacht | Tionchar ar an Timpeallacht Uisce | Seandálaíocht, Oidhreacht Chultúrtha | Éifeachtúlacht fuinnimh | Neodracht | |
| 1 | An tIarthar | An tIarthar | 5 | 3 | 4 | 3 | 3 | 3 | 5 | 4 | 4 | 5 | 39 |
| 2 | An tIarthar | Abhainn na Gaillimhe | 2 | 2 | 2 | 3 | 3 | 2 | 4 | 2 | 3 | 3 | 26 |
| 3 | An tIarthar | An tOirthear | 6 | 2 | 2 | 3 | 2 | 2 | 5 | 2 | 2 | 2 | 28 |
| 4 | An Réigiún Thuaidh | An tIarthar | 6 | 3 | 3 | 4 | 3 | 3 | 5 | 3 | 3 | 3 | 36 |
| 5 | An Réigiún Thuaidh | Denis Eivers | 2 | 2 | 2 | 4 | 3 | 2 | 4 | 2 | 5 | 5 | 31 |
| 6 | An Réigiún Thuaidh | An tOirthear | 5 | 2 | 2 | 4 | 3 | 2 | 5 | 3 | 3 | 3 | 32 |

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 7 | An tOirthear | An tIarthar | 6 | 3 | 3 | 7 | 3 | 3 | 5 | 2 | 5 | 5 | 42 |
| 8 | An tOirthear | Denis Eivers | 2 | 2 | 2 | 7 | 3 | 2 | 4 | 2 | 5 | 5 | 34 |
| 9 | An tOirthear | An tOirthear | 7 | 5 | 4 | 7 | 4 | 2 | 5 | 4 | 6 | 6 | 50 |

## 10.7 Roghanna Barrfheabhsaithe

Breithníodh na roghanna féideartha do gach ceirtleán chun a chinntiú go mbeidh straitéis chomhtháite deiridh ann a sholáthraíonn riachtanais an réigiúin sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Déantar cur síos sa chuid ina dhiaidh seo ar na gnéithe sin atá ábhartha don dá rogha, sula ndéantar scrúdú níos mine ar an dá chás.

### 10.7.1. Roghanna Féideartha Oibríochtaí Ionaid Chóireála Fuíolluisce

**Tábla 10-3 Gnéithe coitianta WWTP do roghanna féideartha**

| Ionad Cóireála Fuíolluisce | Rogha Fhéideartha |
|---|---|
| **WWTP Réigiúnach Nua** | Faoin dá rogha, tá an t-ionad cóireála fuíolluisce réigiúnach nua suite sa chuid thoir den limistéar staidéir.<br>**Faoi 2040**<br>✓ Roghnú láithreáin agus dearadh WWTP críochnaithe chun freastal ar cheanglais ualaigh réamh-mheasta go dtí 2080, a bheidh cothrom le suas le 400,000 PE.<br>✓ Bainfidh an dearadh úsáid as creat modúlach chun tacú le forbairt inoiriúnaithe fad is atáthar ag déileáil le héiginnteacht daonra.<br>✓ Tá na hoibreacha tógála tosaigh críochnaithe ionas gur féidir tús a chur le haistriú an ualaigh.<br>✓ Cuirfear bearta éifeachtúlachta fuinnimh chun feidhme sa dearadh chun spriocanna neodrachta fuinnimh a chomhlíonadh mar a cheanglaítear faoi rUWWTD.<br>**Faoi 2055**<br>✓ Cóireálann an láithreán formhór an ualaigh ón réigiún. Tá aistrithe ó Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe) agus Baile Átha an Rí curtha i gcrích, rud a cheadaíonn measúnú a dhéanamh ar bharainneachtaí scála.<br>✓ Éileoidh méid an láithreáin cóireáil cheathartha de réir cheanglais UWWTD amach anseo. |
| **WWTP Inis Caorach** | **Faoi 2040**<br>✓ Uasghrádú ar theacht aniar WWTP Inis Caorach chun a chinntiú gur féidir freastal ar fhás suas go dtí 2040 ag an láithreán.<br>✓ Plean céimnithe straitéiseach curtha chun feidhme chun ualach a aistriú de réir a chéile ó WWTP Inis Caorach go dtí an WWTP nua, lena n-áirítear Oirthear Chathair na Gaillimhe ar fad, agus cuid den líonra fuíolluisce in Iarthar Chathair na Gaillimhe (an taobh thiar d'Abhainn na Gaillimhe).<br>**Faoi 2055**<br>✓ De réir na meastóireachtaí innealtóireachta, laghdódh ualach laghdaithe ag WWTP Inis Caorach rioscaí rialála ag an láithreán |

| | |
|---|---|
| | amach anseo agus laghdódh sé leochaileacht na sócmhainne atá ann cheana freisin. |
| **WWTP Bhaile Átha an Rí** | **Faoi 2040**<br>✓ Uasghrádú ag WWTP Bhaile Átha an Rí chun acmhainn agus cumas cóireála oiriúnach a chur ar fáil chun freastal ar fhás sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.<br>**Faoi 2055**<br>✓ Éileoidh **dílárú** WWTP ualach a aistriú ó láithreán Bhaile Átha an Rí chuig an tsaoráid réigiúnach nua chun lántairbhe a bhaint as barainneachtaí scála agus chun acmhainn fáis a chinntiú mar aon le cuspóirí cáilíochta uisce a bheith á gcomhlíonadh.<br>✓ Cumasóidh aistriú díchoimisiúnú na saoráide atá i mBaile Átha an Rí i láthair na huaire, ar feitheamh tuilleadh breithmheasa mionsonraithe, agus d'fhéadfaí WWTP Bhaile Átha an Rí a atheagrú mar Stáisiún Caidéalúcháin Críochfoirt, chun tacú le haistriú sreafaí chuig WWTP réigiúnach nua. |
| **Maigh Cuilinn agus Baile Chláir** | **Faoi 2040**<br>✓ Leanfaidh na WWTPanna atá i Maigh Cuilinn agus i mBaile Chláir i láthair na huaire ag freastal ar a ndaonraí áitiúla.<br>✓ Monatóireacht leanúnach ar cháilíocht uisce agus oibreacha uasghrádaithe b'fhéidir chun cuspóirí cáilíochta uisce a chomhlíonadh.<br>✓ Beidh monatóireacht leanúnach ar fhás i gcomparáid le réamhaisnéisí mar bhonn le huainiú oibreacha uasghrádaithe ábhartha.<br>**Faoi 2055**<br>✓ Uasghrádú caipitil a chur chun feidhme de réir mar is gá chun acmhainn a fheabhsú.<br>✓ Beidh na teicneolaíochtaí cóireála atá ar fáil fós in úsáid sa dá láithreán mura ndéantar dul chun cinn i rith thréimhse na Straitéise a thairgeann rogha níos inbhuanaithe ná na córais atá in úsáid faoi láthair. |

### 10.7.2. Roghanna malartacha – Sruthanna Éalaithe Muirí

Is í an phríomhdhifríocht idir an dá rogha ghearrliostaithe ná suíomh an tsrutha éalaithe muirí. Bheadh fuíolluisce ag an WWTP á chóireáil ag caighdeán a chinntíonn tionchair íosta ar cháilíocht an uisce. Éileoidh méid an láithreáin (>150,000 PE) cóireáil cheathartha faoin mbliain 2045 faoi rUWWTD, agus dá réir sin, déanfar ardleibhéal cóireála ar an eisilteach de réir dianchaighdeán rialála. Bunaithe ar shuíomh an sceite agus ar chaighdeán an eisilitigh, níltear ag súil le tionchair dhíreacha ar shláinte an phobail in uiscí caithimh aimsire nó snámha laistigh den cheantar, mar aon le gnáthóga muirí. De bhrí nach raibh samhail scaipthe ar fáil nuair a bhí an straitéis á forbairt,

áfach, ba cheart bunús a chruthú don mheasúnú seo trí staidéar samhaltaithe cuimsitheach, mionsonraithe.

Éilíonn **an sruth éalaithe thoir** go mbeadh stáisiún caidéalúcháin nua á thógáil mar aon le sruth éalaithe muirí a shíneann achar suntasach chomh fada le hInbhear na Coiribe. Tá an colún uisce anseo réasúnta éadomhain, rud a chiallaíonn, ionas gur féidir na ceanglais chaolúcháin thosaigh a chomhlíonadh, go mbeadh fad srutha éalaithe de thart ar 3,500m ó Ros Cam ag teastáil. Tá suíomh na gceann idirleata laistigh de Choimpléasc SPA agus SAC Chuan Inmheánach na Gaillimhe. Dá réir sin, beidh gá le measúnuithe comhshaoil mionsonraithe, straitéisí teicnící tógála agus barrfheabhsaithe bealaí chun aon chur isteach agus/nó caillteanas sealadach nó buan gnáthóg a sheachaint agus a mhaolú mar chuid dár straitéis mhaolaithe.

Tá **an sruth éalaithe thiar** suite laistigh de dhobharlach cósta Chuan Seachtrach na Gaillimhe, feadh na teorann talamh go cósta idir Bearna agus Na Forbacha. Meastar gurb é an socrúchán seo an ceann is fearr, de bhrí go n-éascaíonn sé breis caolaithe trí rochtain a fháil ar uiscí doimhne atá thart ar 600 méadar ón gcladach.

I gcomparáid leis an sruth éalaithe thoir, tá buntáistí ar leith ag baint leis an suíomh seo chomh fada is a bhaineann le costais saolré iomlána agus lorg carbóin. Tá seans ann freisin go mbeidh na hoibreacha tógála a bhaineann le stáisiún caidéalúcháin agus píblíne a fhorbairt níos simplí, ach beidh deimhniú ag teastáil maidir leis seo trí thuilleadh suirbhéanna agus breithmheasa. Lena chois sin, tá na cinn idirleata suite lasmuigh de SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, rud a chuirfidh tuilleadh feabhais fós ar a oiriúnacht trí oibreacha tógála laistigh de ghnáthóga ainmnithe a sheachaint. Dá ainneoin sin, de bhrí nach raibh samhail scaipthe ar fáil nuair a bhí an straitéis á forbairt, tá gá le staidéar samhaltaithe críochnúil agus mionsonraithe chun a dheimhniú nach mbeidh aon tionchar díobhálach le tabhairt faoi deara i limistéir chosanta.

San áireamh sa rogha seo beidh píblíne eisiltigh deiridh á forbairt ar fud leithead iomlán na cathrach ón WWTP san oirthear go dtí an pointe sceite atá beartaithe a fhorbairt sa taobh thiar. Bheadh sé sin faoi réir tuilleadh breithmheasa agus próiseas roghnúcháin críochnúil láithreáin agus bealaí agus beidh barrfheabhsú ag teastáil chun a chinntiú nach gcuirtear isteach ar aon ghnáthóg cosanta laistigh de SAC Abhainn na Gaillimhe agus beidh sé riachtanach a leithéid a bhreithniú mar chuid dár straitéis mhaolaithe.

**Tábla 10-5 Comparáid idir príomhbhreithniúcháin do gach sruth éalaithe muirí**

| Critéir | Sruth Éalaithe Thoir | Sruth Éalaithe Thiar |
|---|---|---|
| **Timpeallachta** | D'fhéadfadh tionchair a bheith ag an rogha seo ar ghnáthóga Iarscríbhinn I, mar atá mínithe thíos, a bheidh le cur san áireamh ar mhaithe le seachaint agus le maolú i rith chéim chur chun feidhme na Straitéise:<br><br>• **Scairbheacha**<br>• **Réileáin Láibe agus Réileáin Ghainimh**<br>• **Góilíní agus Cuanta Éadoimhne:**<br>• **Fásra Ilbhliantúil agus Bruacha Clochacha**<br><br>Barrfheabhsófar bealach an tsrutha éalaithe chun cur isteach ar ghnáthóga a sheachaint agus chun caillteanas sealadach agus/nó buan aon ghnáthóg ainmnithe a mhaolú. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar theicnící tógála oiriúnacha agus ar roghnú bealaí mar chuid de straitéis mhaolaithe. | Táthar ag súil go mbeidh an fad srutha éalaithe is giorra ag an rogha seo agus go mbeadh SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe á sheachaint, rud a laghdódh an fhéidearthacht a bhaineann le tionchar ar ghnáthóga Iarscríbhinn I. Dá ainneoin sin, de bhrí nach raibh samhail scaipthe ar fáil nuair a bhí an straitéis á forbairt, tá gá le staidéar samhaltaithe críochnúil agus mionsonraithe chun a dheimhniú nach mbeidh aon tionchar díobhálach le tabhairt faoi deara i limistéir chosanta. |
| **Braistint an Phobail agus Tionchair Fhisiúla** | Ainneoin go mbeadh an suíomh sceite laistigh de SPA/SAC, ní bheadh sé le feiceáil ag an bpobal ach i rith gníomhaíochtaí tógála agus cothabhála. I rith na hoibríochta, ní bheadh sé le feiceáil ag an bpobal agus mar gheall ar ardchaighdeán eisiltigh ní dócha go mbeidh tionchar aige ar uiscí snámha nó caithimh aimsire. Bheadh bunús ag teastáil don phointe deiridh sin trí staidéar samhaltaithe mionsonraithe. | Ainneoin go bhféadfadh an bealach don sruth éalaithe eisiltigh cóireáilte a bheith suite i gceantar sách álainn ag an taobh thiar de Chathair na Gaillimhe, níl aon láithreán Eorpach cosanta á thrasnú, agus is buntáiste mór é sin i gcomparáid leis an sruth éalaithe ag an taobh thoir. Os a choinne sin, ní bheadh sé le feiceáil ag an bpobal ach i rith gníomhaíochtaí tógála agus cothabhála. I rith na hoibríochta, ní bheadh sé le feiceáil ag an bpobal agus mar gheall ar ardchaighdeán eisiltigh ní dócha go mbeidh tionchar aige ar uiscí snámha nó caithimh aimsire. Bheadh bunús ag teastáil don phointe deiridh sin trí staidéar samhaltaithe mionsonraithe. |
| **Caidéalú Eisiltigh Cóireáilte agus Castacht Dearaidh** | Nuair a bheidh suíomh oiriúnach á roghnú don WWTP ní mór cothromaíocht a chinntiú idir na ceanglais a bhaineann le séarachas neamhchóireáilte a chaidéalú chuig an WWTP agus sceitheadh eisiltigh chóireáilte chuig an sruth éalaithe muirí. Beidh bonneagar tíolactha fairsing ag teastáil ar fud limistéar an staidéir. Beidh sé riachtanach machnamh a dhéanamh chun bealaí caidéil, castacht, OPEX agus carbón lánsaoil a bharrfheabhsú. | Tá an phíblíne eisiltigh chóireáilte i bhfad níos giorra ná an rogha thoir, ach tá an buntáiste seo fritháirithe ag bealach fairsing an chaidéil talún ón WWTP Thoir go dtí an suíomh seo. Lena chois sin, tá grádán nádúrtha ghrinneall na farraige ag dul síos le fána ag grádán sách géar, pointe a mbeadh sé riachtanach é a chur san áireamh amach anseo. |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceanglais Tógála, Tógálachta agus Innealtóireachta** | Gach seans go n-éileodh an rogha srutha éalaithe seo modhanna tógála speisialta, casta chun déileáil le gnáthóga Iarscríbhinn I laistigh de SPA agus SAC Choimpléasc Chuan Inmheánach na Gaillimhe. Ainneoin go bhféadfaí a leithéid a dhéanamh go teicniúil, meastar go bhfuil an rogha seo níos dúshlánaí ná rogha an tsrutha éalaithe thiar ó thaobh cúrsaí innealtóireachta de. | De bhrí go bhfuil an sruth éalaithe lonnaithe lasmuigh de SAC Chuan na Gaillimhe, ní dócha go mbeidh gá le modhanna tógála speisialta nó casta chun déileáil le gnáthóga Iarscríbhinn I. Seachas sin, táthar ag súil go mbeidh teicnící níos simplí, cosúil le modhanna simplí snámha agus dul faoi nó leagtha báirse, oiriúnach. Is dúshlán innealtóireachta casta é aistriú talún de dhroim talún na príomhlíne ón WWTP Thoir go dtí an sruth éalaithe muirí. Ní mór go gcuirfí airde an tír-raoin, srianta comhshaoil, fuinneamh agus carbón fadsaoil san áireamh i roghnú bealaigh agus láithreáin críochnúil chun an bealach seo a bharrfheabhsú agus chun an gá atá le caidéalú idirchéime a laghdú agus aon socrú forsceite éigeandála a d'fhéadfadh a bheith riachtanach. |

### 10.7.3. Roghanna Féideartha Líonra

**Tábla 10-4 Gnéithe coitianta Ceirtleáin do roghanna féideartha**

| Ceirtleán | Rogha Fhéideartha |
|---|---|
| **Cathair na Gaillimhe** | **Faoi 2040**<br>✓ Fáil réidh le pointe iontrála taoidmhear i limistéir ísle de líonra Chathair na Gaillimhe,<br>✓ Bainistíocht insreafa agus insíothlaithe a chur chun feidhme chun a chinntiú nach mbeidh acmhainn líonra á creimeadh ag screamhuisce.<br>✓ Scrúdófar scaradh agus baint uisce dromchla mar aon le scaradh comhchórais séarachais chun ualach hiodrálach ó limistéir neamhscagacha a bhainistiú.<br>✓ Cuirfear obair i gcrích i gcomhar le húdaráis áitiúla chun SuDS a chur chun feidhme agus chun mínaisc uisce stoirme a leigheas.<br>✓ Scrúdófar idirghabhálacha atá bunaithe ar chomhpháirtíocht, lena n-áirítear conairí gorma-glasa straitéiseacha agus stóráil Ghlas nó SuDS chun an méid uisce báistí atá ag dul isteach sa líonra a laghdú.<br>**Faoi 2055**<br>✓ Uasghrádófar an WWPS in Órán Mór agus atheagrófar an líonra ionas go mbeidh córas bailithe IDA na Páirce Móire agus Oirthear Chathair na Gaillimhe ag caidéalú go díreach chuig an tsaoráid réigiúnach.<br>✓ Aistriú céimnithe ualaigh ó WWTP Inis Caorach chuig an tsaoráid réigiúnach nua trí WWPSanna nua agus uasghrádaithe agus píblínte gaolmhara. |
| **Baile Átha an Rí** | **Faoi 2040**<br>✓ Mínaisc uisce stoirme a bhaint<br>✓ Deiseanna a aithint chun réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun feidhme chun uisce dromchla a bhainistiú.<br>**Faoi 2055**<br>✓ Aistriú ualaí chuig an tsaoráid nua de réir a chéile.<br>✓ Láithreán Bhaile Átha an Rí a aistriú go dtí stáisiún caidéalúcháin críochfoirt le príomhphíobán aníos chuig an tsaoráid nua |
| **Maigh Cuilinn agus Baile Chláir** | **Faoi 2055**<br>✓ Monatóireacht a dhéanamh ar riosca tuilte chun a aithint an bhfuil gá le hidirghabhálacha chun uisce dromchla a bhainistiú. |

# 11.Toradh an Mheasúnaithe Roghanna

Is é an toradh a bheidh ar ár bpróiseas measúnaithe roghanna go mbeidh dhá rogha straitéiseacha fhéideartha á n-aithint chun WWTP réigiúnach nua a fhorbairt. Freastalóidh an acmhainn nua a chruthóidh an WWTP ar an bhfás a bhfuiltear ag súil leis sa réigiún agus éascóidh sí cur chuige lárnach maidir le bainistíocht fuíolluisce.

Cuirfidh aistriú ualaí de réir a chéile ó cheirtleán Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe) agus Bhaile Átha an Rí chuig an láithreán nua deireadh le brú ag an dá WWTP. Tríd an ualach ag WWTP Inis Caorach a laghdú ón acmhainn dearaidh de 170,000 PE go dtí thart ar 100,000 PE, soláthrófar teacht aniar breise ag an láithreán, chomh fada is a bhaineann le caighdeáin rialála a chomhlíonadh ar bhonn fadtéarmach. Ar an gcuma chéanna, i mBaile Átha an Rí, cabhróidh aistriú ualaí ón láithreán le hAbhainn an Chláirín agus leis an timpeallacht charstach a chosaint.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na roghanna féideartha molta le haghaidh WWTPanna mar seo a leanas:

- **WWTPanna atá ar Fáil a Uasghrádú**
    - Feabhsuithe ar acmhainn chóireála agus ar éifeachtúlacht phróisis ar Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe) agus Baile Átha an Rí faoin mbliain 2040 chun freastal ar fhás gearrthéarmach.
    - Feabhsuithe i mBaile Chláir agus i Maigh Cuilinn, i ndiaidh 2055 chun fás fadtéarmach a bhainistiú.
- **Bonneagar WWTP Réigiúnach Nua**
    - Tarraingíodh aird ar dhá rogha maidir le WWTP réigiúnach a fhorbairt chun freastal ar fhás amach anseo agus chun ualach ó láithreáin shrianta a bhí ann a athdháileadh. Beidh sruth éalaithe fada farraige sa phlean chun lántairbhe a bhaint as caolú agus chun tionchar éiceolaíoch a íoslaghdú.
    - Díchoimisiúnú páirteach nó iomlán WWTP Bhaile Átha an Rí, agus tiontú go dtí stáisiún caidéalúcháin críochfoirt chun sreafaí a aistriú chuig an WWTP nua.
    - Aistriú céimnithe ualaigh ó WWTP Inis Caorach chuig WWTP nua.
- **Bearta Éifeachtúlachta Fuinnimh**
    - Deiseanna a aithint chun éifeachtúlacht fuinnimh a chomhtháthú laistigh d'uasghrádú agus forbairt WWTP. Comhtháthú fairsing gníomhartha inbhuanaitheachta (féach ar bhreithniúcháin inbhuanaitheachta)

Tá na hidirghabhálacha líonra is éifeachtaí aitheanta againn chun dul i ngleic le saincheisteanna áitiúla i ngach ceirtleán. Sa liosta seo a leanas clúdaítear gach rogha fhéideartha, de bhrí go mbeidh gá le hanailís níos mionsonraithe ag gach láithreán chun a chinntiú go réiteoidh an rogha aitheanta an fhadhb bhunúsach.

- **Aistrithe Líonra Idir-dhobharcheantair, Baint Sreafaí Bealaí Isteach Taoidmheara, Líonraí Cliste agus Oibriú Cliste, Córais Feabhsaithe Chothabhála Oibriúcháin agus**

**Réasúnú Forsceite:** Tá ról ríthábhachtach ag gach ceann de na hidirghabhálacha seo chun déileáil leis na dúshláin ar leith atá le tabhairt faoi deara sa limistéar staidéir. Beidh straitéis chothrom ina gcomhtháthaítear uasghrádú bonneagair thraidisiúnta (liath), réitigh ghlasa agus teicneolaíochtaí nua riachtanach chun bainistíocht fuíolluisce a bharrfheabhsú, teacht aniar i ndáil le hathrú aeráide a fheabhsú agus tacú le forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach ar fud an réigiúin.

- **Conairí Gorma-Glasa Straitéiseacha, Scaradh Uisce Dromchla agus Baint Uisce Dromchla:** Tairgeann na roghanna seo níos mó buntáistí don timpeallacht, laghdaíonn siad carbón agus tairgeann siad inbhuanaitheacht fhadtéarmach. Cuirfimid measúnú spásúil i gcríoch chun limistéir thosaíochta a shainaithint do Chórais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) agus do Réitigh Dhúlrabhunaithe (NbS). Tacóidh comhoibriú le húdaráis áitiúla chun meastóireacht a dhéanamh ar idirghabhálacha féideartha, go háirithe laistigh de thionscadail athfhorbartha uirbeacha. Déileálfar leo seo freisin in IUWWMP mar a cheanglaíonn rUWWTD.
- **Acmhainn Séaraigh agus Stóráil Faoi Thalamh, Réasúnú Forsceite Stoirme, Cóireáil Eisiltigh Forsceite Stoirme:** Tá na roghanna seo ag bun ordlathas Totex, agus tá costais níos airde luaite leo, agus dá réir sin, déanfaimid iarracht iad seo a chur chun feidhme sa chás go bhfuil roghanna eile sainaitheanta mar roghanna neamh-inmharthana.

## 11.1 Breithniúcháin Inbhuanaitheachta

Ceann de chuspóirí dhréacht-GWS é straitéis inbhuanaithe a fhorbairt a chuireann feabhas ar ár dtimpeallacht. Mar fhreagairt do chuspóirí aeráide agus inbhuanaitheachta náisiúnta agus AE, tá machnamh déanta againn ar raon réimsí inbhuanaitheachta atá comhsheasmhach le cuspóirí ginearálta ár gcreata inbhuanaitheachta. Is é an aidhm atá leis na bearta seo iarracht a dhéanamh feidhmíocht chomhshaoil agus neamhthuilleamaíocht fuinnimh an bhonneagair fuíolluisce laistigh den réigiún a bharrfheabhsú.

Moltar go ndéanfaí tuilleadh iniúchta agus bailíochtaithe mionsonraithe ar na tionscnaimh inbhuanaitheachta thíos mar aon le staidéar leantach, tionscadail phíolótacha agus comhtháthú i straitéisí níos ginearálta (Straitéis Bithacmhainní, mar shampla). Comhtháthófar breithmheas mionsonraithe den chineál sin i meastóireachtaí ar shócmhainní sonracha a dhéanfar amach anseo chun cosáin cur chun feidhme a bheachtú, costais agus buntáistí a mheas agus ailíniú a chinntiú le spriocanna comhshaoil agus oibriúcháin fadtéarmacha na straitéise.

**Tábla 11-1 Tábla achomair de roghanna inbhuanaitheachta a bhfuil tuilleadh scrúdaithe le déanamh orthu**

| Modh | Deis |
|---|---|
| **Fuinneamh Gréine** | • Grianphainéil fhótavoltacha a shuiteáil ar WWTPanna agus stáisiúin chaidéalúcháin oiriúnacha<br>• Machnamh a dhéanamh ar fheirmeacha gréine lasmuigh den láithreán chun déileáil le srianta spáis agus chun tacú le neodracht fuinnimh. |

| | |
|---|---|
| **Fuinneamh Gaoithe** | • Tuirbíní gaoithe micreascála nó scála beag a úsáid chun cur le cumhacht, go háirithe nuair nach mbíonn grianchumhacht chomh héifeachtach céanna. |
| **Díleá Anaeróbach & CTÉ** | • Cur leis an méid úsáide atá á baint as díleá anaeróbach agus Cumhacht is Teas in Éineacht (CTÉ) chun bithghás a aistriú go dtí leictreachas agus teas, chun tacú le cuspóirí an gheilleagair chiorclaigh. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar thuilleadh forbartha de réir chuspóirí UWWTD athmhúnlaithe agus Straitéis Bithacmhainní UÉ. |
| **Aisghabháil Teasa Fuíolluisce** | • Fuinneamh teirmeach a bhailiú ó fhuíolluisce (10–15°C) trí mhalartóirí/caidéil teasa chun teas nó leictreachas a ghiniúint. |
| **Úsáid Fuinnimh Éifeachtúil** | • Ordlathas carbóin a chur i bhfeidhm i ndáil le cinnteoireacht: **Úsáid níos lú → Úsáid go héifeachtúil → Úsáid ag costas íseal → Úsáid athnuaiteáin**.<br>• Smaoinigh ar an méid seo a leanas:<br>o Trealamh ardéifeachtúlachta (m.sh., caidéil VSD)<br>o Monatóireacht agus uathoibriú fíor-ama<br>o Córais dhomhantarraingthe-chothaithe<br>o Dearaí foirgneamh éighníomhach<br>o Barrfheabhsú líonra agus bainistiú éilimh |
| **Oiriúnú don Athrú Aeráide** | • Measúnuithe riosca tuilte ag láithreáin shonracha a dhéanamh trí úsáid a bhaint as samhlacha aeráide.<br>• Dearadh atá in ann déileáil le tuilte a chur chun feidhme (m.sh., umair phróiseála ardaithe, SuDS, bundaí).<br>• Scaradh uisce dromchla agus réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun cinn. |
| **An Geilleagar Ciorclach & Íoslaghdú Dramhaíola** | • Cóireáil sloda a fheabhsú (m.sh., triomú, dí-uisciú) chun costais/astaíochtaí diúscartha a laghdú.<br>• Bithsholaid a athúsáid agus fosfar a aisghabháil le húsáid mar leasachán.<br>• Athúsáid eisiltigh chóireáilte ar an láithreán a spreagadh mar aon leis an athúsáid a d'fhéadfaí a bhaint as fuarú tionsclaíoch.<br>• Úsáid a bhaint as cleachtais tógála inbhuanaithe (m.sh., teicneolaíochtaí gan trinsí). |
| **Bithéagsúlacht & Réitigh Dhúlrabhunaithe** | • Glanghnóthachan Bithéagsúlachta a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>o Bogaigh agus bonneagar glas tógtha<br>o Íoslaghdú tionchair, athchóiriú gnáthóg agus fritháireamh (más gá)<br>o Tacaíocht d'fhiadhúlra trí phlandaí dúchasacha a chur agus trí chonairí a chruthú<br>o Ailíniú le Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta UÉ |

| | |
|---|---|
| **Dearadh & Tógáil Neodrach ó Thaobh Carbóin de** | • Bain úsáid as ábhair ísealcharbóin agus aimsithe go háitiúil.<br>• Fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú i rith oibreacha tógála agus oibriúcháin.<br>• Measúnuithe carbóin lánsaoil agus uirlisí dearaidh digiteacha a chur i bhfeidhm (m.sh., BIM). |
| **Freagracht shóisialta** | • Boladh agus astaíochtaí torainn a rialú chun tacú le muinín an phobail.<br>• Spéis an phobail a mhúscailt san obair trí oideachas agus for-rochtain.<br>• Spásanna caithimh aimsire/glasa a chur san áireamh chun taitneamhacht áitiúil a fheabhsú.<br>• Tús áite a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht cheirde trí oiliúint, monatóireacht agus prótacail sábháilteachta láidre. |

## 11.2 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

### 11.2.1. SEA agus AA a chomhtháthú sa Dréacht-GWS

Tá ceanglais Mheasúnachta Straitéisí Timpeallachta (SEA) agus Measúnachta Cuí (AA) comhtháite go hiomlán i bhforbairt an dréacht-GWS agus bhí siad in úsáid mar bhonn eolais i modheolaíocht an mheasúnaithe roghanna. Ag an gcéim straitéiseach seo, tá an SEA ardleibhéal agus deascbhunaithe, fianaise ar nádúr an dréacht-GWS, a chuspóirí agus na cineálacha straitéiseacha roghanna agus modheolaíochtaí atá molta. Beidh tionchair chomhshaoil agus breithniúcháin chostais faoi réir tuilleadh measúnaithe níos mionsonraithe de réir mar a bheifear ag leanúint ar aghaidh le hobair ar roghanna sainaitheanta sa dréacht-GWS chun díriú ar dhearadh agus ar chur chun feidhme ag leibhéal tionscadail.

### 11.2.2. Ról SEA i Roghnú Roghanna

Bhí ról lárnach ag SEA i mbonn eolais a chur ar fáil do roghnú roghanna is fearr laistigh de GWS. Rinneadh measúnú ar na naoi rogha straitéiseacha i gcomparáid le hÁbhair SEA agus leis na Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil (SEOnna), agus leagadh béim ar leith ar chosaint an chomhshaoil, sláinte an duine agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

### 11.2.3. An caidreamh idir SEA agus MCDA

Comhthreomhar le SEA, rinneadh meastóireacht ar na naoi rogha trí úsáid a bhaint as Anailís Cinntí Ilchritéar (MCDA) mar chuid den phróiseas measúnaithe roghanna. Ainneoin gur déileáladh le roinnt téamaí forluiteacha in SEA agus MCDA, cuireadh tuiscintí measúnaithe difriúla i bhfeidhm iontu:

- In SEA díríodh ar ghabhdóirí comhshaoil, inbhuanaitheacht agus comhlíonadh SEOnna.
- Leagadh níos mó béime in MCDA ar indéantacht innealtóireachta, inseachadacht, teacht aniar, agus pleanáil agus riosca rialála.

Mínítear sna pointí difriúla a bhfuil béim á leagan orthu na héagsúlachtaí idir torthaí mhionscagadh SEA agus measúnuithe MCDA. Tá eolas maidir le toradh mhionscagadh SEA le fáil i dTábla 11-1.

**Tábla 11-1: Torthaí Mhionscagadh SEA**

| | **Rogha 1** | **Rogha 2** | **Rogha 3** | **Rogha 4** | **Rogha 5** | **Rogha 6** | **Rogha 7** | **Rogha 8** | **Rogha 9** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Timpeallacht Uisce (W1)** | 6 | 4 | 5 | 6 | 4 | 5 | 6 | 4 | 5 |
| **Daonra, Geilleagar, Turasóireacht agus Áineas, agus Sláinte an Duine (P1)** | 5 | 4 | 3 | 5 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 |
| **Athrú Aeráide (C1)** | 4 | 2 | 2 | 4 | 3 | 4 | 4 | 3 | 5 |
| **Bithéagsúlacht (B1)** | 6 | 4 | 4 | 6 | 4 | 4 | 6 | 4 | 4 |
| Sócmhainní Ábhartha (M1) | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |
| **Tírdhreach, Bailedhreach agus Muirdhreach (L1)** | 4 | 4 | 3 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 |
| **Oidhreacht Chultúrtha – Seandálaíocht agus Ailtireacht (H1)** | 3 | 3 | 1 | 3 | 3 | 2 | 3 | 3 | 2 |
| **Geolaíocht agus Ithreacha (G1)** | 3 | 3 | 2 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| **Cáilíocht an Aeir (A1)** | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 |
| **Scór Iomlán** | **40** | **33** | **29** | **40** | **34** | **35** | **39** | **34** | **36** |

Chomh fada is a bhaineann le cinneadh straitéiseach a dhéanamh faoi ionaid chóireála fuíolluisce (WWTP) agus suíomhanna sruthanna éalaithe, áiríodh in MCDA freisin cuspóirí a bhaineann le SEA, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil, laghdú carbóin agus critéir inbhuanaitheachta. Tarraingíodh aird ar rioscaí do ghnáthóga agus do láithreáin ainmnithe Eorpacha chun bonn eolais a chur ar fáil do rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, agus cuireadh SEA agus AA i bhfeidhm ar gach rogha fhéideartha chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do chinnteoireacht.

### 11.2.4. Roghanna is Fearr agus Torthaí SEA

Sa MCDA, aithníodh Rogha 9 (WWTP thoir le sruth éalaithe thoir) agus Rogha 7 (WWTP thoir le sruth éalaithe thiar) mar na roghanna is fearr. Deimhníodh i measúnú SEA a rinneadh ina dhiaidh

sin go bhfeidhmíonn an dá rogha go sásúil ar fud na hÁbhair SEA uile agus go bhfuil siad comhsheasmhach leis na SEOnna. Áirítear leis an dá rogha ardphróisis chóireála fuíolluisce, a bheidh riachtanach faoi 2045, agus soláthraíonn siad réitigh láidre chun eisilteach cóireáilte a scaoileadh go sábháilte.

### 11.2.5. Maolú, Monatóireacht agus Maoirseacht Rialála

Ar aon dul le ceanglais SEA, in éineacht le roghnú Rogha 7 agus Rogha 9 tá gealltanais maidir le bearta maolaithe, monatóireacht agus cur chun feidhme céimnithe. Cinnteoidh maoirseacht rialála a bheidh á déanamh ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) agus ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) go mbeidh na cosaintí comhshaoil a aithníodh tríd an SEA leabaithe i seachadadh agus in oibriú GWS.

### 11.2.6. Srianta Scagtha agus Comhshaoil

San áireamh sna príomhchritéir scagtha bhí cuspóirí a bhí ag déileáil le breithniúcháin SEA. Go háirithe, rinneadh measúnú soiléir ar an tionchar a bheidh ag gníomhaíochtaí oibriúcháin ar an timpeallacht uisce le haghaidh gach ionad cóireála fuíolluisce, agus cuirfear ualaí méadaithe mar thoradh ar fhás amach anseo san áireamh. D'éascaigh an cur chuige seo luathaithint srianta rialála agus comhshaoil.

# 12. Cur i bhFeidhm na Straitéise

## 12.1 Cur Chuige Molta

Ba é ár gcur chuige maidir le dréacht-GWS a fhorbairt ná measúnú a dhéanamh ar roghanna straitéiseacha, a bhfuil tionchar réigiúnach acu, chun measúnú a dhéanamh ar roghanna do gach ceirtleán. Tá céimeanna curtha i gcrích againn chun iad seo a chomhtháthú rud a chiallaíonn gur ann do straitéis iomlánaíoch a fhreastalaíonn ar an dá thacar riachtanas. Gné thábhachtach den chomhtháthú seo is ea na hamlínte difriúla ina mbeidh roghanna difriúla á gcur chun feidhme.

Moltar go gcuirfí an dréacht-GWS i bhfeidhm ar bhonn céimnithe, i gcomhréir lenár gcreat pleanála infheistíochta caipitil agus le maoirseacht rialála ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) agus ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA).

Mar gheall ar scála agus castacht na n-idirghabhálacha atá beartaithe, beidh roinnt timthriallta infheistíochta i gceist leis an soláthar. In GWS samhlaítear go mbeidh tairbhe á baint as seachadadh céimnithe a bheidh ailínithe leis na trí thréimhse rialaithe rialála os ár gcomhair (RC4 - Rc6) agus cinnteofar ailíniú leis na bpleananna atá á bhforbairt faoi thionscadal Phlean Limistéar Draenála Chathair na Gaillimhe (DAP).

## 12.2 Pleanáil Oiriúnaitheach

I bhfianaise nádúr dinimiciúil agus athraitheach an athraithe aeráide, na reachtaíochta comhshaoil agus na nuálaíochta teicneolaíche, tá sé tábhachtach go mbeidh an dréacht-GWS in ann dul in oiriúint d'athruithe i gcónaí. Aithníodh conairí oiriúnaitheacha mar chuid de chreat na Straitéise agus tá siad ailínithe le cuspóirí Phlean Straitéiseach na Seirbhísí Uisce.

Cuireann cur chuige conairí oiriúnaitheacha solúbthacht ar fáil agus cabhróidh sé linn éiginnteacht a bhainistiú thar thréimhsí pleanála fadtéarmacha. Sa chonair oiriúnaitheach, aithneofar pointí cinnteoireachta agus cuirfear idirghabhálacha in ord chun freastal ar athruithe ar eolas, rialáil nó riachtanais shochaíocha, agus cinnteofar comhleanúnachas straitéiseach ag an am céanna.

Sa Straitéis rinneadh cur síos ar ghníomhartha céimnithe idir seo agus 2080, agus comhtháthaíodh tionscadail ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha. San áireamh sna luathchéimeanna cur chun feidhme beidh breithmhesa criticiúil, go háirithe maidir le ról Ionad Cóireála Fuíolluisce (WWTP) Inis Caorach agus roghnú láithreáin don WWTP nua. Ní mór go ndéanfaí cinneadh mar chuid den phróiseas roghnaithe láithreáin faoi na suíomhanna is oiriúnaí agus is inbhuanaithe don WWTP nua. Beidh breithmheas teicniúil, comhshaoil agus eacnamaíoch san áireamh.

Nuair a bheidh tús á chur againn le cur chun feidhme roghanna meántéarmacha agus fadtéarmacha, ní mór dúinn ár monatóireacht ar phríomhtháscairí feidhmíochta a nascadh le pointí cinnidh ábhartha inár bplean oiriúnaitheach. Cuirfidh an mhonatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht agus ar fhás ar ár gcumas a fhíorú go mbeidh na roghanna aitheanta inmharthana, nó ar ár gcumas cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an gá nó nach gá dúinn athmheastóireacht a dhéanamh ar na roghanna molta.

Is doiciméad beo a bheidh sa dréacht-GWS—ar féidir é a fhorbairt i gcomhréir le dálaí athraitheacha agus ar féidir leis leanúint ar aghaidh le buntáistí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha fadtéarmacha a sholáthar. Cabhróidh sé seo chun straitéisí solúbtha agus láidre a chruthú le himeacht ama, rud a sheachnóidh cinntí roimh am nó mí-oiriúnú. Ba cheart é seo agus leaganacha amach anseo den doiciméad seo a bhreithniú mar chuid d'fhorbairt leanúnach na Straitéise seo.

Beidh seicphointí eacnamaíocha agus straitéiseacha ann i rith na ngnáth-thréimhsí athbhreithnithe le haghaidh GWS (i.e. gach 5 bliana), chun athmheasúnú a dhéanamh ar chostéifeachtacht agus ar ábharthacht na roghanna roghnaithe. Ceadaíonn siad seo solúbthacht má athraíonn dálaí seachtracha. Cloífidh tógáil shócmhainní WWTP le samhail mhodúlach, inscálaithe a bheidh ailínithe le héileamh, riachtanais chomhshaoil agus maoiniú. Lena chois sin, beidh na hathbhreithnithe sé bliana ailínithe le Pleananna Bainistíochta Abhantraí agus le timthriallta UWWTD chun nuashonrú rialta a chomhordú, rud a chinnteoidh go mbeidh an Straitéis ailínithe le spriocanna beartais agus comhshaoil atá ag forbairt, agus le tosaíochtaí infheistíochta.

Moltar cur chun feidhme trí chur chuige forásach agus comhtháiteach, rud a chinntíonn go gcuireann tionscadail aonair le fís fhadtéarmach chomhtháiteach gan gá a bheith le hathobair chostasach idir céimeanna infheistíochta. Tugann an modh seo tús áite d'éifeachtúlacht costais, laghdaíonn sé cur isteach agus cinntíonn sé ailíniú le cuspóirí seirbhíse, comhshaoil agus rialála fadtéarmacha.

Garsprioc shuntasach sa phróiseas seo a bheidh i bhfoilsiú na Dréacht-Straitéise seo, na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (SEA), na Measúnachta Cuí (AA) agus tréimhse chomhairliúcháin phoiblí i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 2026, agus ina dhiaidh sin glacfar go foirmiúil leis an Straitéis, agus tá sé beartaithe go dtarlóidh sé sin san Fhómhar in 2026.

# 13.Monatóireacht agus Meastóireacht

## 13.1 Conas a dhéanfar Monatóireacht ar an Straitéis?

Déanfar monatóireacht ar an dréacht-GWS trí chreat láidir de Phríomhtháscairí Feidhmíochta (KPInna), bailiú sonraí agus sásraí tuairiscithe chun éifeachtacht na bainistíochta fuíolluisce a chinntiú. Díreoidh na Príomhtháscairí Feidhmíochta ar:

- **Comhlíonadh Rialála** An méid a bhfuiltear ag cloí le caighdeáin na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWTD) agus na Creat-treorach Uisce (WFD) a thomhas.
- **Monatóireacht ar Cháilíocht Uisce Comhthimpeallach:** A chinntiú nach dtarlaíonn aon mheath ar cháilíocht an uisce mar chuid de mhonatóireacht RBMP.
- **Feidhmíocht Líonra:** Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht srutha éalaithe uisce stoirme (SWO) agus ar acmhainn líonra séarachais chun rioscaí tuilte a chosc.
- **Éifeachtúlacht Cóireála**: Meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht bainte WWTP i gcomhréir le ceanglais agus forálacha ceadúnaithe UWWTD.
- **Tuarascálacha Bliantúla Comhshaoil**: Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht WWTP gach bliain i gcoinne choinníollacha an cheadúnais comhshaoil chun aon mheath ar fheidhmíocht a rianú.

Is ceanglas faoi rialacháin an SEA é an plean monatóireachta chun bunús a sholáthar ar mhaithe le héifeachtaí suntasacha comhshaoil a aithint le linn chur i bhfeidhm an phlean. Tá gá leis seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na tionchair a bhfuiltear ag súil leo ón dréacht-GWS, agus ar leordhóthanacht na mbeart maolaithe a mholtar ionas gur féidir maolú breise a chur i bhfeidhm más gá. Soláthróidh feidhmíocht i gcoinne spriocanna an phlean monatóireachta bonn eolais don chéad leagan eile de GWS agus den phróiseas SEA freisin.




**Fíor 13-1: Cuspóirí SEA a Cheanglaíonn Bearta Maolaithe Ginearálta**

De bhrí nach bhfuil roghanna infheistíochta sonracha a mholadh san áireamh sa dréacht-GWS, tá sé beartaithe go mbeidh an dul chun cinn a dhéantar i ndáil le moltaí SEA a chur chun feidhme i rith chur chun feidhme na straitéise áitiúla á rianú.

Sa phlean monatóireachta clúdaítear comhtháthú breithnithe comhshaoil agus inbhuanaitheachta ar fud chur i bhfeidhm an dréacht-GWS agus na modheolaíochta forbartha roghanna. Cuireann sé creat ar fáil freisin le haghaidh monatóireacht fhadtéarmach amach anseo. I bhformhór na gcásanna, beidh gá le bailiú bunlíne agus staidéar tionscadail níos mionsonraithe chun suntasacht na n-éifeachtaí comhshaoil a dhearbhú agus a chinntiú go gcuirfear maolú cuí san áireamh mar chuid de dhearaí na scéime.

In imthosca áirithe, sa mhonatóireacht agus san aiseolas aithneofar an gá atá ann athrú a dhéanamh ar an straitéis. Sa chás go bhfuil gá le hathrú, déanfaidh UÉ scagadh ar an athrú i gcomparáid le ceanglais SEA agus AA de réir a oibleagáidí dlí. Mar chuid den scagadh, rachaidh UÉ i gcomhairle le EPA agus le Ranna Rialtais ábhartha mar a cheanglaíonn Airteagal 9(5) de Rialacháin CE (Measúnú a Dhéanamh ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe), 2004 (IR 435/2004).

Más rud é, i ndiaidh scagadh a dhéanamh, go gcinneann UÉ gur dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an athrú ar an timpeallacht, cuirfear SEA i gcrích sula nglacfar leis an athrú. Déanfaidh UÉ AA má mheasann sé, i ndiaidh scagadh a dhéanamh, nach bhfuil baint dhíreach ag an athrú le nó mura bhfuil sé riachtanach chun bainistíocht a dhéanamh ar aon láithreán Eorpach agus mura féidir le UÉ, ar bhonn faisnéise eolaíochta oibiachtúla, an t-athrú sin a chur as an áireamh, ina aonar nó in éineacht le pleananna agus tionscadail eile, go mbeidh éifeacht

shuntasach aige ar láithreáin Eorpacha, mar a cheanglaíonn Airteagal 42(6) de Rialachán CE (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (IR 477/2011).

Cuirtear dréacht-Phlean Monatóireachta ar fáil in *Tuarascáil Chomhshaoil SEA* agus déanfar é a nuashonrú tar éis comhairliúcháin. Glacfar leis mar chuid den ráiteas SEA a fhoilseofar in éineacht leis an Straitéis Deiridh.

## 13.2 Dul Chun Cinn a Rianú

Chun éifeachtacht fhadtéarmach na straitéise a chinntiú, déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn bunaithe ar thimthriall sé bliana, ailínithe le timthriall Pleanála Bainistithe Abhantraí na Creat-treorach Uisce agus leis na hamlínte athbhreithnithe atá beartaithe faoin Treoir athmhúnlaithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh

Moltar athbhreithniú agus nuashonrú rialta a dhéanamh ar réamh-mheastacháin daonra i dteannta athbhreithnithe ar an Straitéis, chun ailíniú a chinntiú le sonraí atá ag teacht chun cinn agus chun conairí oiriúnaitheacha a chur san áireamh go tráthúil de réir mar is gá

## 13.3 Príomhrioscaí agus Straitéisí Maolaithe

Tá seachadadh dhréacht-GWS faoi réir rioscaí éagsúla teicniúla, airgeadais, comhshaoil agus rialála. De réir mar a leanfar ar aghaidh leis an Straitéis ó chéimeanna pleanála go dtí dearadh mionsonraithe, soláthar agus tógáil, beidh sé riachtanach tairbhe a bhaint as cur chuige bainistíochta riosca atá láidir agus oiriúnaitheach.

Beidh an cur chuige seo ag brath ar straitéisí maolaithe comhtháite, rannpháirtíocht luath le páirtithe leasmhara agus pleanáil teagmhais. Leagtar amach anseo thíos sampla ionadaíoch de na príomhrioscaí a bhaineann le tionscadal lena mbaineann an scála agus castacht chéanna le GWS, mar aon le bearta maolaithe atá beartaithe.

**Tábla 13-2 Rioscaí agus Maoluithe Teicniúla Aitheanta**

| Cur síos | Maolú |
|---|---|
| **Éiginnteacht i Réamhaisnéisí Éilimh** | |
| Tá réamh-mheastacháin daonra agus eacnamaíocha mar bhonn le cinntí a bhaineann le méid bonneagair agus le hinfheistíocht i mbonneagar. D'fhéadfadh athraitheacht i bpatrúin fáis - go háirithe idir ceantair uirbeacha agus pheirea-uirbeacha nó i ranníocaíochtaí eisiltigh trádála - a bheith mar bhonn le ródhearadh nó tearcdhearadh sócmhainní. | Glacadh le dearaí bonneagair solúbtha, modúlacha ar féidir iad a scálú de réir a chéile. Ba cheart réamhaisnéisí éilimh a athbhreithniú agus a nuashonrú ag gach céim de Chás Gnó, agus ba cheart go mbeadh pleanáil cásanna agus tástáil íogaireachta leabaithe i gcinnteoireacht. Déanfar athbhreithniú ar an GWS ag príomhthréimhsí rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar an riosca sin. |
| **Iontaofacht na Samhla agus Bearnaí Sonraí** | |

| | |
|---|---|
| Is uirlisí ríthábhachtacha iad samhlacha hiodrálacha agus cáilíochta uisce chun bonn eolais a chur ar fáil do dhearadh idirghabhála. D'fhéadfadh bearnaí i sonraí ionchuir nó brath ar thoimhdí as dáta aschur samhla a chur i mbaol mar aon le stuamacht na gcinntí atá bunaithe orthu. Mar shampla, d'fhéadfaí ligean isteach suntasach sailíne i líonraí a réiteach agus d'fhéadfadh tionchar a bheith ag a leithéid ar scála an bhonneagair atá beartaithe. | Líonraí monatóireachta SMART a fhorbairt agus a chothabháil chun gráinneacht agus cruinneas sonraí a fheabhsú. Nuashonrú rialta a dhéanamh ar shamhlacha agus bailíochtú a dhéanamh trí shonraí feidhmíochta córais fíor-ama a úsáid. Measúnú a dhéanamh ar íogaireacht samhla d'athruithe ar phríomhéiginnteachtaí i gcomparáid le torthaí straitéise. |
| **Srianta Láithreáin agus Ródaithe** | |
| D'fhéadfadh dúshláin fhisiciúla agus thopagrafacha, agus dúshláin a bhaineann le fóntais, srian a chur le hindéantacht nó castacht tógála a mhéadú ag láithreáin bheartaithe feadh bealaí líonra. | Cleachtaí roghnaithe bealaí agus láithreán luathchéime a dhéanamh trí úsáid a bhaint as mapáil srianta, suirbhéanna geoiteicniúla agus creataí meastóireachta ilchritéir chun suíomhanna a bharrfheabhsú bunaithe ar iontógálacht, costas, feidhmíocht chomhshaoil agus inghlacthacht phoiblí. |

**Tábla 13-3 Rioscaí agus Maoluithe Airgeadais Aitheanta**

| Cur síos | Maolú |
|---|---|
| **Géarú Costas Caipitil agus Oibriúcháin** | |
| D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag boilsciú costas tógála, fuinnimh agus ábhar - mar aon le luaineacht sa slabhra soláthair - ar inacmhainneacht an chláir agus ar amlínte seachadta. | Tairbhe a bhaint as breithmheas costais saolré (WLC) agus costmheastacháin coigeartaithe de réir riosca a chur san áireamh i rith chéim an Réamhcháis Ghnó (PBC). Leanúint ar aghaidh le próisis tagarmharcála costais agus innealtóireachta luacha i rith shaolré an tionscadail. |
| **Srianta Maoinithe i dTimthriallta Infheistíochta** | |
| D'fhéadfadh tionchar a bheith ag srianta buiséid náisiúnta agus inmheánacha ar infhaighteacht agus ar uainiú maoinithe do thionscadail chaipitil, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar nó seachadadh bonneagair tosaíochta a iarchur. | Tús áite a thabhairt d'idirghabhálacha bunaithe ar chriticiúlacht, tionscnóirí comhlíonta comhshaoil agus gealltanais rialála. Scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna cómhaoinithe (m.sh., trí mhaoiniú AE nó oiriúnaithe aeráide) agus machnamh a dhéanamh ar roghanna seachadta céimnithe nó modúlacha a bheidh ailínithe le buiséid atá ar fáil. |

**Tábla 13-4 Rioscaí Comhshaoil agus Rialála**

| Cur síos | Maolú |
| --- | --- |
| **Caighdeáin Sceite agus Chóireála a Athrú** | |
| Éileoidh nuashonrú ar an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWTD), an Chreat-treoir Uisce (WFD) nó spriocanna dobharcheantair áitiúla srianta sceite níos déine, rud a chiallóidh go mbeidh roghanna a bhí inmharthana roimhe seo neamh-chomhlíontach. Tá breithniú déanta ar nuashonrú atá le déanamh gan mhoill, sa chás go bhfuil a leithéid le feiceáil, ach is cinneadh ciallmhar é glacadh leis go ndéanfar tuilleadh nuashonraithe i rith thréimhse 54 bliain na straitéise. | Toimhdí dearaidh coimeádacha a chur san áireamh agus suíomhanna sruthanna éalaithe a roghnú a thairgeann solúbthacht chomhlíonta fhadtéarmach. Dianmhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt rialála agus rannpháirtíocht leanúnach a dhéanamh le EPA agus le húdaráis inniúla eile. A chinntiú go ndéantar an Straitéis a nuashonrú ar aon dul le timthriallta pleanála Bainistíochta Abhantraí. |
| **Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chuí (AA)** | |
| Tá measúnú déanta ar chur chun feidhme bonneagair fuíolluisce ag scála mór agus tionchair fhéideartha ag leibhéal straitéiseach laistigh de dhoiciméid SEA agus AA atá le fáil sa Straitéis. De réir mar a leanfar ar aghaidh leis an dearadh mionsonraithe, ní mór tús áite a thabhairt do na rioscaí seo, cosúil leis na rioscaí a bhaineann le sruthanna éalaithe muirí mar shampla, chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil na modhanna fós láidir agus de réir chuspóirí na ndoiciméad seo agus na straitéise. | Dul i mbun rannpháirtíochta go luath le príomhpháirtithe leasmhara comhshaoil agus an t-ordlathas maolaithe a chomhtháthú i bpleanáil straitéiseach, forbairt roghanna agus dearadh. Tabhairt faoi mheasúnuithe éiceolaíocha ar ardchaighdeán agus gnéithe dearaidh oiriúnaitheacha a chur san áireamh chun tionchar comhshaoil a mhaolú. |

Ionas gur féidir na rioscaí seo a bhainistiú go héifeachtach, beidh gá le cur chuige réamhghníomhach, atá bunaithe ar chórais, a cheadaíonn athbhreithniú, oiriúnú agus comhoibriú leanúnach i measc páirtithe leasmhara rialála, airgeadais agus pobail. Trí theacht aniar a leabú sa Straitéis ón tús - arna threorú ag creataí cosúil leis na 4 thréith seo a leanas (Láidreacht, Iomarcaíocht, Acmhainneacht, Luas) - cinnteofar go mbeidh infheistíochtaí GWS oiriúnach amach anseo, inbhuanaithe agus sofhreagrach chomh fada is a bhaineann le dúshláin athraitheacha.

# 14. Conclúid

## 14.1 Moltaí

Bunaithe ar an measúnú a rinneadh mar chuid den dréacht-GWS, moltar:

- dlús a chur le **hIonad Cóireála Fuíolluisce (WWTP) nua i Réigiún Oirthear na Gaillimhe** chun freastal ar riachtanais chóireála fuíolluisce fhadtéarmacha an limistéir staidéir agus chun dóthain acmhainne, teacht aniar agus cosanta comhshaoil a chur ar fáil go dtí 2080.
- **An acmhainn chóireála in Ionaid Chóireála Fuíolluisce Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe) agus Bhaile Átha an Rí** a fheabhsú sa ghearrthéarma chun freastal ar éilimh dhaonra. Tá sé beartaithe oibreacha a dhéanamh ar na gléasraí seo laistigh de thimthriall infheistíochta 2040.
- Nuair a dhéanfar an gléasra Réigiúnach nua i nGaillimh Thoir a choimisiúnú, **aistreofar ualaí de réir a chéile ó Inis Caorach (Cathair na Gaillimhe) agus ó Bhaile Átha an Rí** chun brúnna ualaigh ar na gléasraí atá ann cheana a laghdú, an comhshaol a chosaint, agus an riosca rialála fadtéarmach a bhainistiú. Leanfaidh stáisiún cumhachta Inis Caorach ar aghaidh de bheith ag feidhmiú ar acmhainn laghdaithe agus déanfar stáisiún caidéalaithe de ghléasra Bhaile Átha an Rí chun ualach a aistriú chuig an ngléasra Réigiúnach nua i nGaillimh Thoir.
- Leanfar ar aghaidh ag tacú le **Cóireáil in Ionaid Chóireála Fuíolluisce Mhaigh Cuilinn agus Bhaile Chláir** agus beidh oibreacha uasghrádaithe a dhéanfar amach anseo bunaithe ar réamh-mheastacháin daonra agus fáis eacnamaíoch.

Beidh sé riachtanach WWTP nua Réigiún Oirthear na Gaillimhe a thionscnamh sa ghearrthéarma chun déileáil le brú acmhainne agus comhlíonta nua agus san áireamh anseo beidh próiseas iomlán roghnaithe láithreáin agus measúnaithe comhshaoil. Beidh an tsaoráid á dearadh ar bhonn modúlach, rud a chumasóidh forbairt chun freastal ar fhás amach anseo, agus i ndeireadh na dála beidh an acmhainn chóireála cothrom le suas go dtí 400,000 coibhéis daonra (PE), faoi 2080. I rith na tréimhse seo, meastar go méadóidh an PE sa limistéar staidéir ó 160,300 go dtí 383,300. Sholáthródh an bonneagar beartaithe acmhainn chóireála fuíolluisce a bheadh oiriúnach chun freastal ar thart ar 82,500 teach nua.

Déanfaidh forbairt WWTP Réigiúnach Oirthear na Gaillimhe na nithe seo a leanas:

- Atreorú an ualaigh fuíolluisce ó chuid thoir Chathair na Gaillimhe ar shiúl ó WWTP Inis Caorach atá ann cheana féin a chumasú, rud a laghdóidh an brú ar an mbonneagar atá ann cheana féin, a fheabhsóidh teacht aniar an chórais, agus a thacóidh le fás amach anseo ar bhealach inbhuanaithe.
- Díchoimisiúnú an Ionaid Chóireála Fuíolluisce atá i mBaile Átha an Rí i láthair na huaire a éascú, agus sreafaí fuíolluisce ó Bhaile Átha an Rí a chaidéalú chuig WWTP nua Réigiún Oirthear na Gaillimhe, chun réiteach fuíolluisce réigiúnach níos inbhuanaithe agus níos éifeachtúla a sholáthar, agus réiteach a mbeidh teacht aniar breise ann freisin.

Chun tacú le seachadadh an WWTP atá molta i Réigiún Oirthear na Gaillimhe, tá dhá rogha srutha éalaithe aitheanta chun críche measúnaithe agus breithnithe.

- **Rogha 1:** Sruth éalaithe sceite sa chuid thoir de Chuan na Gaillimhe, thart ar 3.5 ciliméadar ón gcladach.

- **Rogha 2:** Sruth éalaithe sceite sa chuid thiar de Chuan na Gaillimhe, thart ar 1 chiliméadar ón gcladach.

Cumasóidh forbairt na chéad chéime eile de na roghanna seo díriú ar an gcéad chéim eile de mheasúnú níos mionsonraithe, lena n-áirítear breithniúcháin chomhshaoil, theicniúla agus inseachadachta, chun bonn eolais a chur ar fáil chun an réiteach is fearr a aithint.

Is ionann na roghanna seo agus na **réitigh straitéiseacha is inmharthana agus is láidre** aitheanta trí phróiseas measúnaithe roghanna agus measúnaithe na Straitéise. Is féidir tairbhe a bhaint as an dá rogha chun cuspóirí na Straitéise a chomhlíonadh, comhlíonadh rialála fadtéarmach a chinntiú, an timpeallacht ghlactha a chosaint agus seirbhís fuíolluisce, a bhfuil teacht aniar inti, a sholáthar suas go dtí 2080.



## 14.2 An Chéad Chéim Eile

1. **Freagraí agus Comhtháthú Páirtithe Leasmhara Iarchomhairliúcháin (PC2)**

   I rith na céime comhairliúcháin (PC2) baileofar aiseolas ó raon leathan páirtithe leasmhara. Beidh ról ríthábhachtach ag an gcéim seo sna hiarrachtaí a chinntiú go mbeidh an Straitéis deiridh ionchuimsitheach, trédhearcach agus ag freagairt do riachtanais áitiúla. Athbhreithneofar an t-aiseolas agus cuirfear san áireamh sa GWS deiridh é.

2. **Cur i gCrích an Doiciméid Straitéise**

   I ndiaidh comhairliúcháin agus mionleasaithe, foilseofar an GWS deiridh. Beidh sé seo in úsáid mar threochlár soiléir agus inghníomhaithe do chur chun feidhme agus cinnteoidh sé ailíniú leanúnach le creataí beartais rialála agus comhshaoil. Cinnteofar go mbeidh Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPInna) oiriúnach chun tacú le monatóireacht agus meastóireacht thrédhearcach ar an Straitéis de réir mar a bheidh dul chun cinn á dhéanamh againn. Cuireadh Cinneadh maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Ráiteas Tionchair Natura ar fáil, rud a chiallóidh go mbeidh na measúnachtaí timpeallachta riachtanacha curtha i gcrích.